***(Tarchur chun réamhrialú – Soláthar poiblí – Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 – Neamhbhainteach maidir le nósanna imeachta chun urghaire idirbhreitheach a dheonú agus nósanna imeachta um athbhreithniú breithiúnach dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 89/665/CEE in éagmais eilimint idirnáisiúnta – Treoir 2014/24/AE – Airteagal 33 – Déileáil le comhshamhlú creat-chomhaontaithe maidir le conradh, de réir bhrí Airteagal 2a(2) de Threoir 89/665 – Ní féidir conradh poiblí nua a dhámhachtain i gcás ina bhfuil cainníocht agus/nó uasluach na n-oibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí lena mbaineann atá leagtha síos sa chreat-chomhaontú bainte amach cheana féin – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear táillí a íoc as rochtain ar imeachtaí riaracháin i réimse an tsoláthair phoiblí – Oibleagáidí na táillí le haghaidh rochtana ar imeachtaí os comhair na cúirte a chinneadh agus a íoc sula rialaíonn an Chúirt maidir le hiarratas ar urghaire idirbhreitheach nó le hiarratas ar athbhreithniú – Nós imeachta neamhthrédhearcach chun conradh poiblí a dhámhachtain – Prionsabail na héifeachtúlachta agus na coibhéise – Éifeachtúlacht – Ceart chun leigheas éifeachtach – Treoir 89/665 – Airteagail 1, 2 agus 2a – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do dhíbhe caingean le haghaidh athbhreithnithe i gcás nach mbeidh na táillí ar rochtain ar imeachtaí íoctha – Cinneadh ar luach measta conartha poiblí)***

(2022/C 359/07)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesverwaltungsgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* EPIC Financial Consulting Ges.m.b.H.

*Cosantóirí:* Poblacht na hOstaire, Bundesbeschaffung GmbH

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 1(1) de Threoir 89/665/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhordú na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe chun conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí a dhámhachtain (IO L 395, 30.12.1989, lch. 33). arna leasú le Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014, a léirmhíniú sa chaoi go bhfuil tabhairt i gcrích creat-chomhaontaithe le hoibreoir eacnamaíoch aonair, i gcomhréir le hAirteagal 33(3) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, ag teacht le tabhairt i gcrích an chonartha dá dtagraítear in Airteagal 2a(2) de Threoir 89/665, arna leasú le Treoir 2014/23.

2) Ní mór Airteagal 33(3) de Threoir 2014/24 a léirmhíniú sa chaoi nach bhféadfaidh údarás conarthach brath a thuilleadh, d'fhonn conradh nua a dhámhachtain, ar chreat-chomhaontú, i gcás ina bhfuil cainníocht agus/nó uasluach na n-oibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí lena mbaineann atá leagtha síos sa chreat-chomhaontú bainte amach cheana féin ina leith, mura rud é nach bhfuil athrú substaintiúil ar an gcreat-chomhaontú sin i gceist le dámhachtain an chonartha sin, mar a fhoráiltear in Airteagal 72(1)(e) den treoir sin.

3) Ní mór prionsabal na coibhéise a léirmhíniú sa chaoi is nach gcuirfear cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos, i ndáil le hiarratais ar urghaire idirbhreitheach nó le hiarratas a athbhreithniú a bhaineann le nós imeachta soláthair phoiblí, rialacha nós imeachta atá éagsúil leis na rialacha sin a bhfuil feidhm acu go háirithe maidir le himeachtaí sibhialta.

4) Ní mór Airteagal 1(1) de Threoir 89/665, arna leasú le Treoir 2014/23, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar dhuine, ina iarratais ar urghaire idirbhreitheach nó ina iarratas ar athbhreithniú, an nós imeachta soláthair phoiblí lena mbaineann agus an cinneadh aonair is féidir agóid a dhéanamh ina choinne a shainaithint, i gcás inar roghnaigh an t-údarás conarthach nós imeachta um sholáthar poiblí gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré agus nár foilsíodh an fógra faoi dhámhachtain conartha go fóill.

5) Ní mór Airteagal 2(1) de Threoir 89/665, arna leasú le Treoir 2014/23, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha, a léirmhíniú sa chaoi:

— go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar chúirt a éisteann iarratas ar urghaire idirbhreitheach lena bhféachtar le ceannacháin ar thaobh an údaráis chonarthaigh a chosc, chun a chinneadh, roimh cinneadh a dhéanamh ar an iarratas sin, an cineál nós imeachta soláthair lena mbaineann, luach (measta) an chonartha atá i gceist agus líon iomlán na gcinntí aonair ar féidir agóid a dhéanamh ina gcoinne agus, i gcás inarb iomchuí, na luchtóga ón nós imeachta um dhámhachtain lena mbaineann, a chinneadh, agus chun na críche sin amháin, chun méid na gcostas dlíthiúil ar ráta comhréidh nach mór d'údar na hiarrata sin a íoc a ríomh, agus chun na críche sin amháin, agus mura ndéantar é sin an iarraidh sin a dhiúltú ar an bhforas sin amháin, i gcás inar roghnaigh an t-údarás conarthach nós imeachta soláthair phoiblí gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré agus, tráth a tionscnaítear caingean le haghaidh neamhniú a thionscnamh i gcoinne cinnidh a bhaineann leis an nós imeachta sin, nár foilsíodh an fógra dámhachtana conartha fós;

— nach gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar chúirt a éisteann caingean chun cinneadh inagóideach ar leithligh ón údarás conarthach a neamhniú, sula ndéanfaidh sí rialú ar an athbhreithniú sin, an cineál nós imeachta soláthair lena mbaineann, luach (measta) an chonartha atá i gceist agus líon iomlán na gcinntí aonair ar féidir agóid a dhéanamh ina gcoinne agus, i gcás inarb iomchuí, na luchtóga ón nós imeachta um dhámhachtain lena mbaineann, a chinneadh, agus chun na críche sin amháin, chun méid na gcostas dlíthiúil ar ráta comhréidh nach mór don iarratasóir a íoc, agus mura ndéantar é sin an iarraidh sin a dhiúltú ar an bhforas sin amháin.

6) Ní mór Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha a léirmhíniú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar dhuine aonair a dhéanann iarratas ar urghaire idirbhreitheach nó ar athbhreithniú táillí cúirte comhréidh de mhéid nach féidir a thuar, i gcás inar roghnaigh an t-údarás conarthach nós imeachta um sholáthar poiblí gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré nó, de réir mar a bheidh, gan fógra dámhachtana conartha a fhoilsiú ina dhiaidh sin, agus é mar thoradh air sin go bhféadfadh sé nach mbeadh a fhios ag an duine sin luach measta an chonartha atá i gceist agus líon na gcinntí inagóidithe aonair arna nglacadh ag an údarás conarthach, ar bhonn a ríomhadh na costais sin.

(1) IO C 320, 09.08.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 1 Lúnasa 2022 – Aquind Ltd, Aquind Energy Sàrl, Aquind SAS v an Coimisiún, Ríocht na Spáinne, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na Fraince**

**(Cás C-310/21 P)** (1)

***(Achomharc – Fuinneamh – Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 – Bonneagar fuinnimh tras-Eorpach – Tionscadail leasa choitinn an Aontais Eorpaigh – Airteagal 3(4) agus 16 – Tarmligean cumhachta chuig an gCoimisiún Eorpach – Airteagal 290 CFAE – Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/389 – Leasú ar liosta tionscadal leasa choitinn an Aontais Eorpaigh – Gníomh arna ghlacadh ag an gCoimisiún – Ceart chun agóid a dhéanamh atá ag Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh – Teorainn ama – Cineál an ghnímh roimh dheireadh na teorann ama sin)***

(2022/C 359/08)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí:* Aquind Ltd, Aquind Energy Sàrl, Aquind SAS (ionadaithe: C. Davis agus S. Goldberg, Solicitors, chomh maith le E. White, Dlíodóir)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: O. Beynet agus B. De-Meester, i gcáil Gníomhairí), Ríocht na Spáinne (ionadaí: M.J. Ruiz Sánchez, i gcáil Gníomhaire), Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na Fraince

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an t-achomharc a dhíbhe.

2) Ordaítear do Aquind Ltd, Aquind Energy Sàrl agus Aquind SAS a gcostais féin agus na costais arna dtabhú ag an Coimisiún Eorpach a íoc.

3) Ordaítear do Ríocht na Spáinne a costais féin a íoc.

---

([1]) IO C 320, 09.08.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 14 Iúil 2022 – SGI Studio Galli Ingegneria Srl v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-371/21 P)** ([1])

***(Achomharc – Clásal eadrána – An seachtú clár réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007-2013) – Comhaontú deontais – Tionscadal Marsol – Costais cháilithe – Tuarascáil imscrúdaithe ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) inar aimsíodh go raibh caiteachas áirithe neamh-incháilithe – Aisíocaíocht suimeanna a íocadh – Ceart rochtana ar chomhad OLAF – Ceart chun éisteachta – Dualgas cruthúnais – Saobhadh na bhfíoras – Luach fianaiseach – Prionsabal na comhréireachta – Saibhriú éagórach)***

(2022/C 359/09)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* SGI Studio Galli Ingegneria Srl (ionadaithe: V. Catenacci, F. S. Marini agus R. Viglietta, avvocati)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Estrada de Solà et S. Romoli, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do SGI Studio Galli Ingegneria Srl na costais a íoc.

---

([1]) IO C 310, 02.08.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 14 Iúil 2022 – an Rómáin v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-401/21 P)** ([1])

***(Achomharc – An Ciste Comhtháthaithe agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) – Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 – An ráta cómhaoinithe is infheidhme – Athrú ar an ráta idir tíolacadh na hiarrata eatramhaí deiridh ar íocaíocht agus formheas na gcuntas – Prionsabail na cuntasaíochta bliantúla agus an neamh-aisghníomhaíochta)***

(2022/C 359/10)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* an Rómáin (ionadaithe: L.-E. Baţagoi agus E. Gane, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: A. Armenia agus S. Pardo Quintillán, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear don Rómáin a costais féin a íoc, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach.

(1) IO C 329, 16.08.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 1 Lúnasa 2022 – Petrus Kerstens v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-447/21 P)** (1)

***(Achomharc – Seirbhís Shibhialta – Nós imeachta araíonachta – Iarratais ar chúnamh – Diúltú – Fógra a thabhairt faoi chinntí trí mhodhanna leictreonacha – Caingean le haghaidh neamhniú – Tréimhse achomhairc – Túsphointe – Nádúr déanach an achomhairc)***

(2022/C 359/11)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Petrus Kerstens (ionadaí: C. Mourato, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach (ionadaí: T. S. Bohr, i gcáil Gníomhaire)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Petrus Kerstens a chostais féin, chomh maith leis na costais a thabhaigh an Coimisiún Eorpach, a íoc.

(1) IO C 431, 25.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Ceathrú Dlísheomra) an 14 Iúil 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Högsta domstolen – an tSualainn) – CC v VO**

**(Cás C-572/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Dlínse, aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair phósta agus in ábhair a bhaineann le freagracht tuismitheora – Freagracht tuismitheora – Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 – Airteagal 8(1) agus Airteagal 61(a) – Dlínse ghinearálta – Prionsabal perpetuatio fori – Gnáthchónaí páiste a aistriú, le linn na n-imeachtaí, ó Bhallstát den Aontas Eorpach go dtí tríú Stát is páirtí i gCoinbhinsiún na Háige 1996)***

(2022/C 359/12)

*Teanga an cháis: an tSualainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Högsta domstolen

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* CC

*Cosantóir:* VO

## An chuid oibríochtúil

Ní mór Airteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas faoi ábhair maidir le pósadh agus freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 61(a) den Rialachán sin, a léirmhíniú sa chaoi nach gcoimeádfaidh cúirt de chuid Ballstáit, ar tugadh díospóid a bhaineann le freagracht tuismitheora os a comhair, dlínse chun rialú a dhéanamh ar an díospóid sin faoin Airteagal 8(1), sa chás go bhfuil gnáthchónaí an páiste lena mbaineann aistrithe go dleathach, le linn na n-imeachtaí, go dtí críoch tríú Stát is páirtí sa Choinbhinsiún maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas, forghníomhú agus comhar i dtaca le freagracht tuismitheoirí agus le bearta chun leanaí a chosaint, arna shíniú sa Háig an 19 Deireadh Fómhair 1996.

(1) IO C 481, 29.11.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 1 Lúnasa 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Relação de Évora – an Phortaingéil) – imeachtaí cóiriúla i gcoinne TL**

**(Cás C-242/22 PPU)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Treoir 2010/64/AE – Ceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin – Airteagail 2(1) agus 3(1) – Coincheap "doiciméad riachtanach" – Treoir 2012/13/AE – Ceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí cóiriúla – Airteagal 3(1)(d) – Raon feidhme – Easpa trasuí sa dlí náisiúnta – Éifeacht dhíreach – Cairt um Cheart Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagail 47 agus 48(2) – Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint – Airteagal 6 – Gearradh téarma príosúnachta a cuireadh ar fionraí le promhadh – Mainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh a leanann as an gcóras promhaidh – Easnamh aistriúcháin ar dhoiciméad riachtanach agus easpa ateangaire agus an doiciméad sin á bhunú – Cúlghairm na fionraí – Easpa aistriúcháin ar na doiciméid nós imeachta a bhain leis an gcúlghairm sin – Iarmhairtí maidir le bailíocht na cúlgairme sin – Neamhbhailíocht choibhneasta mar gheall ar locht nós imeachta)***

(2022/C 359/13)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

## An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal da Relação de Évora

## Páirtithe sna príomhimeachtaí cóiriúla

TL

*tríú páirtí:* Ministério Público

## An chuid oibríochtúil

Ní mór Airteagail 2(1) agus 3(1) de Threoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla, agus Airteagal 3(1)(d) de Threoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla, arna léamh i bhfianaise Airteagail 47 agus 48(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta, a léirmhíniú sa chaoi go gcoisctear leo reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar thairbhithe na gcearta a leagtar síos le forálacha na dTreoracha sin, sárú ar na cearta sin a agair laistigh de theorainn ama bheartaithe agus murach sin go mbeidh toirmeasc ar chás a thionscnamh, nuair a thosaíonn an teorainn ama sin sula dtugtar fógra don duine lena mbaineann fiú, i dteanga a labhraíonn sé nó a thuigeann sé, ar thaobh amháin, gurb ann dá cheart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin agus an raon feidhme atá leo agus, ar an taobh eile, gurb ann do dhoiciméad riachtanach agus an t-ábhar atá ann agus na héifeachtaí a ghabhann leis.

(1) IO C 257, 04.07.2022

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Judiciaire – Bobigny – An Fhrainc) – BNP Paribas Personal Finance SA v ZD**

**(Cás C-288/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Cosaint tomhaltóirí – Treoir 93/13/CEE – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóirí – Conradh iasachta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach (Franc na hEilvéise) – Téarmaí lena gcuirtear an t-iasachtaí faoi riosca malairte eachtraí – Airteagal 4(2) – Ceanglais intuigtheachta agus trédhearcachta – Dualgas cruthúnais – Airteagal 3(1) – Éagothroime shuntasach – Airteagal 5 – Téarma conarthach a dhreachtú go soiléir agus go hintuigthe)***

(2022/C 359/14)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Judiciaire – Bobigny

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* BNP Paribas Personal Finance SA

*Cosantóir:* ZD

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 4(2) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra a léiriú sa chiall go gcumhdaítear leis an gcoincheap "príomhchuspóir an chonartha", de réir bhrí na forála sin, téarmaí an chonartha iasachta lena bhforáiltear go bhfuil an t-airgeadra eachtrach mar airgeadra cuntasaíochta agus gurb é an euro an t-airgeadra íocaíochta agus a fhágfaidh go mbeidh an riosca malairte eachtraí ar an iasachtaí, i gcás ina leagtar síos leis na téarmaí sin saintréith an chonartha.

2) Ní mór Airteagal 4(2) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra a léiriú sa chiall go gcomhlíontar, i gcomhthéacs conartha iasachta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, an ceanglas maidir le trédhearcacht théarmaí an chonartha sin, lena bhforáiltear go bhfuil an t-airgeadra eachtrach mar airgeadra cuntasaíochta agus gurb é an euro an t-airgeadra íocaíochta agus a fhágfaidh go mbeidh an riosca malairte eachtraí ar an iasachtaí, ar choinníoll gur sholáthair an díoltóir nó an soláthróir don tomhaltóir faisnéis leordhóthanach agus chruinn chun go mbeadh gnáth-thomhaltóir, atá réasúnta eolach agus réasúnta géarintinneach airdeallach, in ann oibriú praiticiúil an tsásra airgeadais lena mbaineann a thuiscint agus measúnú a dhéanamh ar an riosca go bhféadfadh iarmhairtí suntasacha diúltacha eacnamaíocha a bheith ag téarma den sórt sin ar a oibleagáidí airgeadais le linn an chonartha sin.

3) Ní mór Treoir 93/13 a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar an tomhaltóir an dualgas cruthúnais go bhfuil téarma conarthach soiléir agus intuigthe, chun críocha Airteagal 4(2) den Treoir sin, a iompar.

4) Ní mór Airteagal 3(1) de Threoir 93/13 a léiriú sa chiall go bhféadfaí, mar thoradh ar théarmaí conartha iasachta lena bhforáiltear go bhfuil an t-airgeadra eachtrach mar airgeadra cuntasaíochta agus gurb é an euro an t-airgeadra íocaíochta agus a fhágfaidh go mbeidh an riosca malairte eachtraí, gan foráil a dhéanamh maidir le huasteorainn, ar an iasachtaí, éagothroime shuntasach a chruthú idir cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe a eascraíonn as an gconradh sin chun dochair an tomhaltóra, toisc nach bhféadfadh an díoltóir nó an soláthróir a bheith ag súil, i gcomhréir leis an gceanglas maidir le trédhearcacht maidir leis an tomhaltóir, go nglacfadh an tomhaltóir le riosca ráta malairte eachtraí díréireach a eascraíonn as na téarmaí sin.

([1]) IO C 297, 07.09.2020

**Ordú na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 23 Márta 2022 – (iarraidh ar réamhrialú ó Rayonen sad Lukovit – an Bhulgáir) – imeachtaí coiriúla i gcoinne AZ**

**(Cás C-454/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Iompar – Treoir 1999/37/CE – Doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí – Treoir 2014/45/AE – Tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí – Airteagal 49 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis – Mótarfheithicil nach bhfuil cláraithe a thiomáint – Pionóis – Easpa cur chun feidhme dhlí an Aontais – Easpa shoiléir dlínse na Cúirte)***

(2022/C 359/15)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rayonen sad Lukovit

**Páirtí sna príomhimeachtaí** coiriúla

AZ

**An chuid oibríochtúil**

Is léir nach bhfuil aon dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh na ceisteanna a tarchuireadh Rayonen sad Lukovit (an Chúirt Dúiche, Lukovit, an Bhulgáir) a fhreagairt le cinneadh an 23 Meán Fómhair 2020.

(1) IO C 433, 14.12.2020.

**Ordú na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Landesverwaltungsgericht Oberösterreich – an Ostair) – J.P. v B.d.S.L.**

**(Cás C-521/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Treoir 1999/62/CE – Muirear a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as bonneagair áirithe a úsáid – Dolaí – Mainneachtain íocaíocht – Pionóis – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 50 – An prionsabal ne bis in idem – Airteagal 94(c) de na Rialacha Nós Imeachta – Easpa faisnéise leordhóthanach – Níl baint ar bith ag an leirmhíniú arna n-iarraidh ar dhlí an Aontais Eorpaigh le fíricí iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí – Doghlactha go follasach)***

(2022/C 359/16)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landesverwaltungsgericht Oberösterreich

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* J.P.

*Cosantóir:* B.d.S.L.

**An chuid oibríochtúil**

Tá an iarraidh ar réamhrialú ó Landesverwaltungsgericht Oberösterreich (an Chúirt Riaracháin Réigiúnach, an Ostair Uachtarach, an Ostair), a rinneadh le cinneadh an 15 Deireadh Fómhair 2020, doghlactha go follasach.

(1) IO C 35, 01.02.2021.

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (Seachtú Dlísheomra) an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Efeteio Athinon – an Ghréig) – VP, CX, RG, TR, agus páirtithe eile v Elliniko Dimosio**

**(Cás C-133/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Treoir 1999/70/CE – Comhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP – Clásal 4 – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe – Conarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile san earnáil phoiblí – Reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear difríocht sa chóir maidir le luach saothair idir oibrithe atá fostaithe faoi chonarthaí fostaíochta ar théarma seasta agus oibrithe atá fostaithe faoi chonarthaí fostaíochta buana – Éagmais boinn cirt – Coincheap na "gcúiseanna oibiachtúla")***

(2022/C 359/17)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Efeteio Athinon

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* VP, CX, RG, TR, agus páirtithe eile.

*Cosantóir:* Elliniko Dimosio

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór clásal 4(1) den Chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe arna thabhairt i gcrích an 18 Márta 1999, atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gcomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP, a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear nach bhfuil oibrí ar théarma seasta, a n-aicmítear a chonradh mar chonradh maidir le seirbhísí a sholáthar, i dteideal, faoin reachtaíocht sin, luach saothair a fháil atá coibhéiseach leis an luach saothair a íoctar le hoibrí buan ar an mbonn go ndearna sé a chuid oibre faoi chonradh téarma shocraithe lena fhios aige gur ceapadh an conradh sin chun freastal ar riachtanais bhuana agus fhadtéarmacha a fhostóra.

([1]) IO C 206, an 31.05.2021

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Superior de Justicia de Madrid (an Spáinn) a taisceadh an 27 Eanáir 2022 – MP v Consejería de Presidencia**

**(Cás C-59/22)**

(2022/C 359/18)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Superior de Justicia de Madrid

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* MP

*Cosantóir:* Consejería de Presidencia

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

(A) Chun críocha Chlásal 2 den chomhaontú a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ([1]) ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair téarma shocraithe a thug ETUP, UNICE agus CEEP chun críche, cibé an bhfuil nó nach bhfuil oibrí "neamhbhuan ar chonradh tréimhse éiginnte" mar a shainmhínítear é san ordú sin, le meas mar "oibrí ar chonradh ar théarma seasta" a thagann faoi raon feidhme an Comhaontaithe Réime, agus go háirithe, i gClásal 5 de.

(B) I gcás ina bhfreagraítear an chéad cheist go dearfach, chun críocha Clásal 5 den Chomhaontú Réime a ghabhann le Treoir 1999/70/cé, cibé an gcaithfear nó nach gcaithfear a mheas gur baineadh "úsáid i ndiaidh a chéile" as conarthaí ar théarma seasta nó as athnuachain i ndiaidh a chéile i gcás ina bhfuil conradh neamhbhuan tréimhse éiginnte ag oibrí le húdarás riaracháin ar conradh é nach bhfuil tréimhse shonrach leis, agus go bhfuil a thréimhse faoi réir an fhógra folúntais atá le fógairt agus le líonadh, i gcás nár foilsíodh an fógra folúntais sa tréimhse idir tús an chaidrimh fostaíochta agus an chéad leath de 2021.

(C) Cibé an bhfuil nó nach bhfuil léirmhíniú le déanamh ar Chlásal 5 de Threoir 1999/70/CE ón gComhairle … amhail go bhfuil sé i gcontrárthacht le léirmhíniú ar Airteagal 15(5) den Estatuto de los Trabajadores [Reacht na nOibrithe, an Spáinn] (lena bhféachtar an Treoir a chomhlíonadh agus lena leagtar amach, uime sin, nach mór do chonarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile atá ag oibrithe a bheith de thréimhse 24 mí ar a mhéid ina iomláine, le linn tréimhse thagartha 30 mí) ar dá réir go gcuirtear na tréimhsí oibre neamhbhuaine éiginnte as an áireamh ós rud é nach mbeadh aon srian i bhfeidhm ar an gconradh, ar an tréimhse, ar líon na gconarthaí, ar na cúiseanna lena n-athnuachan nó ar an nasc atá eatarthu agus conarthaí eile i gcás amhlaidh.

(D) Cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear toirmeasc le Clásal 5 den chomhaontú a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle… ar reachtaíocht Stáit nach gcuirtear aon teorainn léi (maidir le líon, tréimhse nó cúiseanna leo) ar athnuachain, bíodh sin go sainráite nó go hintuigthe, ar chonradh áirithe ar théarma seasta, amhail an conradh atá ag oibrithe neamhbhuana tréimhse éiginnte san earnáil phoiblí agus nach ndéantar leis an gClásal sin ach teorainn a chur leis an tréimhse atá socraithe don chonradh sin trí chonarthaí eile ar théarma seasta.

(E) Ó tharla nach bhfuil aon reachtaíocht glactha ag reachtas na Spáinne lena gcuirfí teorainn ar athnuachan na gconarthaí atá ag oibrithe neamhbhuana tréimhse éiginnte, bíodh sin go sainráite nó go hintuigthe, an bhfuil Clásal 5 den chomhaontú a ghabhann le Treoir 1999/70/CE á shárú i gcás go bhfuil conradh neamhbhuan tréimhse éiginnte ag oibrí san earnáil phoiblí, amhail an t-oibrí sna himeachtaí seo, ar conradh é nár leagadh amach nó nár sonraíodh riamh an tréimhse atá beartaithe dó agus ar cuireadh síneadh leis go dtí 2021 gan próiseas roghnúcháin a bheith seolta chun a post a líonadh agus a téarma seasta a thabhairt chun deiridh?

(F) An bhféadfaí a mheas go bhfuil bearta sa reachtaíocht náisiúnta atá athchomhairleach go leor maidir le húsáid conarthaí i ndiaidh a chéile nó athnuachan conarthaí ar théarma seasta, atá i gcontrárthacht le Clásal 5 den Chomhaontú Réime, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos le cásdlí Chúirt Bhreithiúnas an Aontas Eorpaigh i mbreithiúnais an 7 Márta 2018 sa chás C-494/16, ([2]) *Santoro*, agus an 8 Bealtaine 2019 sa chás C-494/17, ([3]) *Rossata*, a mhéid a bhaineann siad leis an dochar arna bhaint don oibrí a chóiriú trí *restitutio in integrum*, i gcás nach bhforáiltear léi ach do chúiteamh socraithe agus oibiachtúil (20 lá tuarastail in aghaidh gach bliain oibre, faoi theorainn tuarastail bliana amháin) gan foráil a bheith ann maidir le cúiteamh sa bhreis chun an dochar arna bhaint a chóiriú ina iomláine, más mó é ná an méid sin?

(G) An bhféadfaí a mheas go bhfuil bearta sa reachtaíocht náisiúnta atá athchomhairleach go leor maidir le húsáid conarthaí i ndiaidh a chéile nó athnuachan conarthaí ar théarma seasta, atá i gcontrárthacht le Clásal 5 den Chomhaontú réime, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos le cásdlí Chúirt Bhreithiúnas an Aontas Eorpaigh ina mbhreithiúnais an 7 Márta 2018 sa chás C-494/16, *Santoro*, agus an 8 Bealtaine 2019 sa chás C-494/17, *Rossata*, a mhéid a bhaineann siad leis an dochar arna bhaint don oibrí a chóiriú, i gcás nach bhforáiltear leis ach do chúiteamh a bheidh dlite ar fhoirceannadh an chonartha de dheasca líonadh an phoist, ach nach bhforáiltear leis do chúiteamh ar bith fad atá an conradh i bhfeidhm in ionad a dhearbhú gur conradh neamhbhuan tréimhse éiginnte é? Mar chuid de chaingean nach dtugtar ach buaine an oibrí faoi cheist inti, ach nach bhfoirceanntar an conradh dá thoradh sin, an gcaithfear cúiteamh a íoc as an dochar arna bhaint toisc gur conradh ar théarma seasta atá ann in ionad a dhearbhú gur conradh buan é?

(H) An bhféadfaí a mheas go bhfuil bearta sa reachtaíocht náisiúnta atá athchomhairleach go leor do na húdaráis riaracháin phoiblí agus na comhlachtaí san earnáil phoiblí maidir le húsáid conarthaí i ndiaidh a chéile nó athnuachan conarthaí ar théarma seasta, atá i gcontrárthacht le Clásal 5 den Chomhaontú Réime agus lena bhféachtar le cosc a chur agus pionós a ghearradh ar an bhfostóir i leith mí-úsáid a bhaint as conarthaí tréimhse shocraithe, i ndáil le hoibrithe eile agus oibrithe sa todhchaí, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos le cásdlí Chúirt Bhreithiúnas an Aontas Eorpaigh i mbreithiúnais an 7 Márta 2018 sa chás C-494/16, *Santoro*, agus an 8 Bealtaine 2019 sa chás C-494/17, *Rossata*, i gcás go bhfuil rialacha dlí arna dtabhairt isteach ó 2017 ar aghaidh i gceist leis an bearta sin (34ú foráil sa bhreis de Ley 3/2017, de 27 de junio, de Presupuestos Generales del Estado para el año 2017 [Dlí 3/2017 an 3 Meitheamh maidir le Buiséid Ghinearálta an Stáit, an Spáinn], 43ú foráil sa bhreis de Ley 6/2018, de 3 de julio, de Presupuestos Generales del Estado para el año 2018 [Dlí 6/2109 an 3 Iúil maidir le Buiséid Ghinearálta an Stáit, an

Spáinn] agus Real Decreto-ley 14/2021, de 6 de julio [Dlí Foraithne Ríoga Uimh. 14/2021, an 6 Iúil, an Spáinn]) ina ndeirtear go mbeidh "gníomhartha mídhleathacha" faoi dhliteanas, gan an dliteanas sin a shonrú seachas trí thagairt ghinearálta a dhéanamh do reachtaíocht nach sonraítear é léi agus gan cás nithiúil a shonrú ina bhfuil dliteanas ann, i measc na mílte breithiúnas lena rialaítear go bhfuil oibrithe neamhbhuana tréimhse éiginnte ar neamhréir leis na rialacha maidir le foireann a earcú ar théarma seasta?

(I) I gcás go meastar go bhfuil na bearta sin athchomhairleach go leor sin, ós rud é gur tugadh isteach iad den chéad uair in 2017, an bhféadfaí na bearta sin a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar chonarthaí tréimhse éiginnte a dhéanamh de chonarthaí i gcás ina raibh na riachtanais maidir le conarthaí tréimhse éiginnte a dhéanamh díobh de bharr sárú ar Chlásal 5 den Chomhaontú Réime i ndiaidh tarlú níos luaithe nó, os a choinne sin, an bhfágfadh amhlaidh go mbeadh na bearta sin le cur i bhfeidhm go cúlghabhálach agus go díshealbhach?

(J) I gcás go meastar nach bhfuil bearta atá athchomhairleach go leor i reachtaíocht na Spáinne, an é an toradh atá ar shárú ar Chlásal 5 den Chomhaontú Réime atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE arna dhéanamh ag fostóir poiblí go meastar gur conradh neamhbhuan tréimhse éiginnte é an conradh nó an gcaithfear a aithint go bhfuil an t-oibrí go hiomlán buan?

(K) An gcaithfear conradh buan a dhéanamh den chonradh faoin gComhaontú Réime atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE agus faoin gcásdlí lena ndéantar léirmhíniú ar an Treoir sin fiú má mheastar go bhfuil sé i gcontrárthacht le hAirteagail 23(2) agus 103(3) de Bhunreacht na Spáinne, i gcás ina ndéantar léirmhíniú ar na forálacha bunreachtúla sin amhail go gceanglaítear leo nach féidir rochtain a fháil ar aon fhostaíocht phoiblí, lena n-áirítear earcaíocht foirne, ach amháin má éiríonn le hiarrthóir i bpróiseas roghnúcháin iomaíoch ina gcuirtear prionsabal an chomhionannais, prionsabal an tuillteanais, prionsabal an chumais agus prionsabal na poiblíochta i bhfeidhm?

(L) Ar cheart athrú chonradh an oibrí faoi leith go conradh buan a fhágáil gan feidhm ós rud é gur foilsíodh fógra, trí bhíthin Dlí, maidir le próiseas chun obair ar théarma seasta a dhaingniú, trí fhógra folúntais poiblí a fhógairt chun an post atá ag an oibrí a líonadh, ag cur san áireamh nach mór a áirithiú leis an bpróiseas sin go "gcomhlíontar prionsabal na saoriomaíochta, prionsabal an chomhionannais, prionsabal an tuillteanais, prionsabal an chumais agus prionsabal na poiblíochta" agus, dá bhrí sin, go bhfuil an t-oibrí, ar tugadh conarthaí nó athnuachain ar théarma seasta i ndiaidh a chéile dó, in ann a phost a dhaingniú, nó nach bhfuil sé in ann a leithéid a dhéanamh, toisc gur bronnadh ar dhuine éigin eile é, agus ina leithéid de chás go bhfuil conradh an oibrí sin le foirceannadh agus cúiteamh le háireamh dó ar ráta 20 lá tuarastail in aghaidh gach bliain oibre, faoi theorainn tuarastail bliana amháin?

(M) Cibé, fiú sa chás nach mbristear an t-oibrí as a phost, an ndlitear nó nach ndlitear cúiteamh dó arb ionann é agus an méid sin nó níos mó ná an méid sin, atá le cinneadh ag na Cúirteanna sa chás nach meastar de réir dlí é, as úsáid a bhaint as conarthaí i ndiaidh a chéile nó as athnuachan a chonartha, i gcontrárthacht le Clásal 5.

(N) Cibé an ndéantar difear don mhéid thuasluaite nó nach ndéantar, agus má dhéantar difear dó, cén dóigh a dhéantar amhlaidh, más amhlaidh go bhfuil an caidreamh fostaíochta faoi chaibidil ina chaidreamh séasúrach de thréimhse éiginnte, áit ar léiríodh an caidreamh sin leis na múrtha conarthaí ar théarma seasta, séasúr i ndiaidh séasúir, mar a tugadh le fios in achomharc an oibrí.

(1) IO 1999 L 175, lch. 43.
(2) EU:C:2018:166.
(3) EU:C:2019:387.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Superior de Justicia de Madrid (an Spáinn) a taisceadh an 17 Feabhra 2022 – IP v Universidad Nacional de Educación a Distancia (UNED)**

**(Cás C-110/22)**

(2022/C 359/19)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Superior de Justicia de Madrid

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* IP

*Cosantóir:* Universidad Nacional de Educación a Distancia (UNED)

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

(A) Chun críocha Chlásal 2 den chomhaontú a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ([1]) ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair téarma shocraithe a thug ETUP, UNICE agus CEEP chun críche, cibé an bhfuil nó nach bhfuil oibrí “neamhbhuan ar chonradh tréimhse éiginnte” mar a shainmhínítear é san ordú sin, le meas mar “oibrí ar chonradh ar théarma seasta” a thagann faoi raon feidhme an Comhaontaithe Réime, agus go háirithe, i gClásal 5 de.

(B) I gcás ina bhfreagraítear an chéad cheist go dearfach, chun críocha Clásal 5 den Chomhaontú Réime a ghabhann le Treoir 1999/70/cé, cibé an gcaithfear nó nach gcaithfear a mheas gur baineadh “úsáid i ndiaidh a chéile” as conarthaí ar théarma seasta nó as athnuachain i ndiaidh a chéile i gcás ina bhfuil conradh neamhbhuan tréimshe éiginnte ag oibrí le húdarás riaracháin ar conradh é nach bhfuil tréimhse shonrach leis, agus go bhfuil a thréimhse faoi réir an fhógra folúntais atá le fógairt agus le líonadh sa todhchaí ina ionad sin, i gcás nár foilsíodh an fógra folúntais idir 2002 agus an chéad leath de 2021.

(C) Cibé an bhfuil nó nach bhfuil léirmhíniú le déanamh ar Chlásal 5 de Threoir 1999/70/CE ón gComhairle … amhail go bhfuil sé i gcontrárthacht le léirmhíniú ar Airteagal 15(5) den Estatuto de los Trabajadores [Reacht na nOibrithe, an Spáinn] (lena bhféachtar an Treoir a chomhlíonadh agus lena leagtar amach, uime sin, nach mór do chonarthaí ar theárma seasta i ndiaidh a chéile atá ag oibrithe a bheith de thréimhse 24 mí ar a mhéid ina iomláine, le linn tréimhse thagartha 30 mí) ar dá réir go gcuirtear na tréimhsí oibre neamhbhuaine éiginnte as an áireamh ós rud é nach mbeadh aon srian i bhfeidhm ar an gconradh, ar an tréimhse, ar líon na gconarthaí, ar na cúiseanna lena n-athnuachan nó ar an nasc atá eatarthu agus conarthaí eile i gcás amhlaidh.

(D) Cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear toirmeasc le Clásal 5 den chomhaontú a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle… ar reachtaíocht Stáit nach gcuirtear aon teorainn léi (maidir le líon, tréimhse nó cúiseanna leo) ar athnuachain, bíodh sin go sainráite nó go hintuigthe, ar chonradh áirithe ar théarma seasta, amhail an conradh atá ag oibrithe neamhbhuana tréimhse éiginnte san earnáil phoiblí agus nach ndéantar leis an gClásal sin ach teorainn a chur leis an tréimhse atá socraithe don chonradh sin trí chonarthaí eile ar théarma seasta.

(E) Ó tharla nach bhfuil aon reachtaíocht glactha ag reachtas na Spáinne lena gcuirfí teorainn ar athnuachan na gconarthaí atá ag oibrithe neamhbhuana tréimhse éiginnte, bíodh sin go sainráite nó go hintuigthe, an bhfuil Clásal 5 den chomhaontú a ghabhann le Treoir 1999/70/CE á sárú i gcás go bhfuil conradh neamhbhuan tréimhse éiginnte ag oibrí san earnáil phoiblí, amhail an t-oibrí sna himeachtaí seo, ar conradh é nár leagadh amach nó nár sonraíodh riamh an tréimhse atá beartaithe dó agus ar cuireadh síneadh leis ó 2002 (aischur i bpost i ndiaidh dífhostú) go dtí 2021 ar a laghad, gan próiseas roghnúcháin a bheith seolta chun a post a líonadh agus a téarma seasta a thabhairt chun deiridh?

(F) An bhféadfaí a mheas go bhfuil bearta sa reachtaíocht náisiúnta atá athchomhairleach go leor maidir le húsáid conarthaí i ndiaidh a chéile nó athnuachan conarthaí ar théarma seasta, atá i gcontrárthacht le Clásal 5 den Chomhaontú Réime, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos le cásdlí Chúirt Bhreithiúnas an Aontas Eorpaigh i mbreithiúnais an 7 Márta 2018 sa chás C-494/16, ([2]) *Santoro*, agus an 8 Bealtaine 2019 sa chás C-494/17, ([3]) *Rossata*, a mhéid a bhaineann siad leis an dochar arna bhaint don oibrí a chóiriú trí *restitutio in integrum*, i gcás nach bhforáiltear léi ach do chúiteamh socraithe agus oibiachtúil (20 lá tuarastail in aghaidh gach bliain oibre, faoi theorainn tuarastail bliana amháin) gan foráil a bheith ann maidir le cúiteamh sa bhreis chun an dochar arna bhaint a chóiriú ina iomláine, más mó é ná an méid sin?

(G) An bhféadfaí a mheas go bhfuil bearta sa reachtaíocht náisiúnta atá athchomhairleach go leor maidir le húsáid conarthaí i ndiaidh a chéile nó athnuachan conarthaí ar théarma seasta, atá i gcontrárthacht le Clásal 5 den Chomhaontú réime, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos le cásdlí Chúirt Bhreithiúnas an Aontas Eorpaigh ina mbhreithiúnais an 7 Márta 2018 sa chás C-494/16, *Santoro*, agus an 8 Bealtaine 2019 sa chás C-494/17, *Rossata*, a mhéid a bhaineann siad leis an dochar arna bhaint don oibrí a chóiriú, i gcás nach bhforáiltear leis ach do chúiteamh a bheidh dlite ar fhoirceannadh an chonartha de dheasca líonadh an phoist, ach nach bhforáiltear leis do chúiteamh ar bith fad atá an conradh i bhfeidhm in ionad a dhearbhú gur conradh neamhbhuan tréimshe éiginnte é? Mar chuid de chaingean nach dtugtar ach buaine an oibrithe faoi cheist inti, ach nach bhfoirceanntar an conradh dá thoradh sin, an gcaithfear cúiteamh a íoc as an dochar arna bhaint toisc gur conradh ar théarma seasta atá ann in ionad a dhearbhú gur conradh buan é?

(H) An bhféadfaí a mheas go bhfuil bearta sa reachtaíocht náisiúnta atá athchomhairleach go leor do na húdaráis riaracháin phoiblí agus na comhlachtaí san earnáil phoiblí maidir le húsáid conarthaí i ndiaidh a chéile nó athnuachan conarthaí ar théarma seasta, atá i gcontrárthacht le Clásal 5 den Chomhaontú Réime agus lena bhféachtar le cosc a chur agus pionós a ghearradh ar an bhfostóir i leith mí-úsáid a bhaint as conarthaí tréimhse shocraithe, i ndáil le hoibrithe eile agus oibrithe sa todhchaí, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos le cásdlí Chúirt Bhreithiúnas an Aontas Eorpaigh i mbhreithiúnais an 7 Márta 2018 sa chás C-494/16, *Santoro*, agus an 8 Bealtaine 2019 sa chás C-494/17, *Rossata*, i gcás go bhfuil rialacha dlí arna dtabhairt isteach ó 2017 ar aghaidh i gceist leis an bearta sin (34ú foráil sa bhreis de Ley 3/2017, de 27 de junio, de Presupuestos Generales del Estado para el año 2017 [Dlí 3/2017 an 3 Meitheamh maidir le Buiséid Ghinearálta an Stáit, an Spáinn], 43ú foráil sa bhreis de Ley 6/2018, de 3 de julio, de Presupuestos Generales del Estado para el año 2018 [Dlí 6/2109 an 3 Iúil maidir le Buiséid Ghinearálta an Stáit, an Spáinn] agus Real Decreto-ley 14/2021, de 6 de julio [Dlí Foraithne Ríoga Uimh. 14/2021, an 6 Iúil, an Spáinn]) ina ndeirtear go mbeidh "gníomhartha mídhleathacha" faoi dhliteanas, gan an dliteanas sin a shonrú seachas trí thagairt ghinearálta a dhéanamh do reachtaíocht nach sonraítear é léi agus gan cás nithiúil a shonrú ina bhfuil dliteanas ann, i measc na mílte breithiúnas lena rialaítear go bhfuil oibrithe neamhbhuana tréimhse éiginnte ar neamhréir leis na rialacha maidir le foireann a earcú ar théarma seasta?

(I) I gcás go meastar go bhfuil na bearta sin athchomhairleach go leor sin, ós rud é gur tugadh isteach iad den chéad uair in 2017, an bhféadfaí na bearta sin a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar chonarthaí tréimhse éiginnte a dhéanamh de chonarthaí i gcás ina raibh na riachtanais maidir le conarthaí tréimhse éiginnte a dhéanamh díobh de bharr sárú ar Chlásal 5 den Chomhaontú Réime i ndiaidh tarlú níos luaithe nó, os a choinne sin, an bhfágfadh amhlaidh go mbeadh na bearta sin le cur i bhfeidhm go cúlghabhálach agus go díshealbhach?

(J) I gcás go meastar nach bhfuil bearta atá athchomhairleach go leor i reachtaíocht na Spáinne, an é an toradh atá ar shárú ar Chlásal 5 den Chomhaontú Réime atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE arna dhéanamh ag fostóir poiblí go meastar gur conradh neamhbhuan tréimhse éiginnte é an conradh nó an gcaithfear a aithint go bhfuil an t-oibrí go hiomlán buan, gan aon idirdhealú?

(K) De réir phrionsabal forlámhas dlí an Aontais, an gcaithfear conradh buan a dhéanamh den chonradh faoin gComhaontú Réime atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE agus faoin gcásdlí lena ndéantar léirmhíniú ar an Treoir sin fiú má mheastar go bhfuil sé i gcontrárthacht le hAirteagail 23(2) agus 103(3) de Bhunreacht na Spáinne, i gcás ina ndéantar léirmhíniú ar na forálacha bunreachtúla sin amhail go gceanglaítear leo nach féidir rochtain a fháil ar aon fhostaíocht phoiblí, lena n-áirítear earcaíocht foirne, ach amháin má éiríonn le hiarrthóir i bpróiseas roghnúcháin iomaíoch ina gcuirtear prionsabal an chomhionannais, prionsabal an tuillteanais, prionsabal an chumais agus prionsabal na poiblíochta i bhfeidhm? Ós rud é gur féidir léirmhíniú eile a dhéanamh uirthi, mar a dhearna an Tribunal Constitucional [an Chúirt Bhunreachtúil, an Spáinn] an bhfuil an prionsabal go gcaithfear an dlí náisiúnta a léirmhíniú i gcomhréir le dlí AE le cur i bhfeidhm maidir le rialacha bunreachtúla an Stáit, sa dóigh nach mór an léirmhíniú lena gcuirtear ar aon dul le dlí AE iad a roghnú, ar léirmhíniú é sa chás seo ar dá réir nach gcaithfear prionsabal an chomhionannais, prionsabal an tuillteanais agus prionsabal an chumais a chur i bhfeidhm maidir le próisis roghnúcháin le haghaidh earcaíocht foirne?

(L) An féidir athrú an chonartha go conradh buan, faoin gComhaontú Réime atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE agus faoin gcásdlí lena ndéantar léirmhíniú ar an Treoir sin, a fhágáil gan feidhm i gcás go bhforáiltear le dlí, roimh don athrú sin a bheith ordaithe go dlíthiúil, do phróiseas lena ndaingnítear an fhostaíocht ar théarma seasta, atá le seoladh sna blianta ina dhiaidh sin, lena bhfuil sé beartaithe fógraí folúntais a fhógairt chun an post atá ag an oibrí a líonadh, ag cur san áireamh nach mór a áirithiú leis an bpróiseas sin go "gcomhlíontar prionsabal na saoriomaíochta, prionsabal an chomhionannais, prionsabal an tuillteanais, prionsabal an chumais agus prionsabal na poiblíochta" agus, dá bhrí sin, go bhfuil an t-oibrí, ar tugadh conarthaí nó athnuachain ar théarma seasta i ndiaidh a chéile dó, in ann a phost a dhaingniú, nó nach bhfuil sé in ann a leithéid a dhéanamh, toisc gur bronnadh ar dhuine éigin eile é, agus ina leithéid de chás go bhfuil conradh an oibrithe sin le foirceannadh agus cúiteamh le háireamh dó ar ráta 20 lá tuarastail in aghaidh gach bliain oibre, faoi theorainn tuarastail bliana amháin?

(1) IO 1999 L 175, lch. 43.
(2) EU:C:2018:166.
(3) EU:C:2019:387.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Superior de Justicia de Madrid (an Spáinn) a taisceadh an 3 Márta 2022 – IK v Agencia Madrileña de Atención Social de la Comunidad de Madrid**

**(Cás C-159/22)**

(2022/C 359/20)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Superior de Justicia de Madrid

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* IK

*Cosantóir:* Agencia Madrileña de Atención Social de la Comunidad de Madrid

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

(A) An bhféadfaí a mheas go bhfuil bearta sa reachtaíocht náisiúnta atá athchomhairleach go leor maidir le húsáid conarthaí i ndiaidh a chéile nó athnuachan conarthaí ar théarma seasta, atá i gcontrárthacht le Clásal 5 den Chomhaontú Réime, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos le cásdlí Chúirt Bhreithiúnas an Aontas Eorpaigh i mbreithiúnais an 7 Márta 2018 sa chás C-494/16, ([1]) *Santoro*, agus an 8 Bealtaine 2019 sa chás C-494/17, ([2]) *Rossata*, a mhéid a bhaineann siad leis an dochar arna bhaint don oibrí a chóiriú trí *restitutio in integrum*, i gcás nach bhforáiltear léi ach do chúiteamh socraithe agus oibiachtúil (20 lá tuarastail in aghaidh gach bliain oibre, faoi theorainn tuarastail bliana amháin) gan foráil a bheith ann maidir le cúiteamh sa bhreis chun an dochar arna bhaint a chóiriú ina iomláine, más mó é ná an méid sin?

(B) An bhféadfaí a mheas go bhfuil bearta sa reachtaíocht náisiúnta atá athchomhairleach go leor maidir le húsáid conarthaí i ndiaidh a chéile nó athnuachan conarthaí ar théarma seasta, atá i gcontrárthacht le Clásal 5 den Chomhaontú Réime, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos le cásdlí Chúirt Bhreithiúnas an Aontas Eorpaigh ina mbhreithiúnais an 7 Márta 2018 sa chás C-494/16, *Santoro*, agus an 8 Bealtaine 2019 sa chás C-494/17, *Rossata*, a mhéid a bhaineann siad leis an dochar arna bhaint don oibrí a chóiriú, i gcás nach bhforáiltear leis ach do chúiteamh a bheidh dlite ar fhoirceannadh an chonartha de dheasca líonadh an phoist, ach nach bhforáiltear leis do chúiteamh ar bith fad atá an conradh i bhfeidhm in ionad a dhearbhú gur conradh neamhbhuan tréimhse éiginnte é? Mar chuid de chaingean nach dtugtar ach buaine an oibrithe faoi cheist inti, ach nach bhfoirceanntar an conradh dá thoradh sin, an gcaithfear cúiteamh a íoc as an dochar arna bhaint toisc gur conradh ar théarma seasta atá ann in ionad a dhearbhú gur conradh buan é?

(C) An bhféadfaí a mheas go bhfuil bearta sa reachtaíocht náisiúnta atá athchomhairleach go leor do na húdaráis riaracháin phoiblí agus na comhlachtaí san earnáil phoiblí maidir le húsáid conarthaí i ndiaidh a chéile nó athnuachan conarthaí ar théarma seasta, atá i gcontrárthacht le Clásal 5 den Chomhaontú Réime agus lena bhféachtar le cosc a chur agus pionós a ghearradh ar an bhfostóir i leith mí-úsáid a bhaint as conarthaí tréimhse shocraithe, i ndáil le hoibrithe eile agus oibrithe sa todhchaí, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos le cásdlí Chúirt Bhreithiúnas an Aontas Eorpaigh i mbhreithiúnais an 7 Márta 2018 sa chás C-494/16, *Santoro*, agus an 8 Bealtaine 2019 sa chás C-494/17, *Rossata*, i gcás go bhfuil rialacha dlí arna dtabhairt isteach ó 2017 ar aghaidh i gceist leis an bearta sin (34ú foráil sa bhreis de Ley 3/2017, de 27 de junio, de Presupuestos Generales del Estado para el año 2017 [Dlí 3/2017 an 3 Meitheamh maidir le Buiséid Ghinearálta an Stáit, an Spáinn], 43ú foráil sa bhreis de Ley 6/2018, de 3 de julio, de Presupuestos Generales del Estado para el año 2018 [Dlí 6/2109 an 3 Iúil maidir le Buiséid Ghinearálta an Stáit, an Spáinn] agus Real Decreto-ley 14/2021, de 6 de julio [Dlí Foraithne Ríoga Uimh. 14/2021, an 6 Iúil, an Spáinn]) ina ndeirtear go mbeidh "gníomhartha mídhleathacha" faoi dhliteanas, gan an dliteanas sin a shonrú seachas trí thagairt ghinearálta a dhéanamh do reachtaíocht nach sonraítear é léi agus gan cás nithiúil a shonrú ina bhfuil dliteanas ann, i measc na mílte breithiúnas lena rialaítear go bhfuil oibrithe neamhbhuana tréimhse éiginnte ar neamhréir leis na rialacha maidir le foireann a earcú ar théarma seasta?

(D) I gcás go meastar nach bhfuil bearta atá athchomhairleach go leor i reachtaíocht na Spáinne, an é an toradh atá ar shárú ar Chlásal 5 den Chomhaontú Réime atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE ([3]) arna dhéanamh ag fostóir poiblí go meastar gur conradh neamhbhuan tréimhse éiginnte é an conradh nó an gcaithfear a aithint go bhfuil an t-oibrí go hiomlán buan, gan aon idirdhealú?

(E) De réir phrionsabal forlámhas dlí an Aontais, an gcaithfear conradh buan a dhéanamh den chonradh faoin gComhaontú Réime atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE agus faoin gcásdlí lena ndéantar léirmhíniú ar an Treoir sin fiú má mheastar go bhfuil sé i gcontrárthacht le hAirteagail 23(2) agus 103(3) de Bhunreacht na Spáinne, i gcás ina ndéantar léirmhíniú ar na forálacha bunreachtúla sin amhail go gceanglaítear leo nach féidir rochtain a fháil ar aon fhostaíocht phoiblí, lena n-áirítear earcaíocht foirne, ach amháin má éiríonn le hiarrthóir i bpróiseas roghnúcháin iomaíoch ina gcuirtear prionsabal an chomhionannais, prionsabal an tuillteanais, prionsabal an chumais agus prionsabal na poiblíochta i bhfeidhm? Ós rud é gur féidir léirmhíniú eile a dhéanamh uirthi, mar a dhearna an Tribunal Constitucional [an Chúirt Bhunreachtúil, an Spáinn] an bhfuil an prionsabal go gcaithfear an dlí náisiúnta a léirmhíniú i gcomhréir le dlí AE le cur i bhfeidhm maidir le rialacha bunreachtúla an Stáit, sa dóigh nach mór an léirmhíniú lena gcuirtear ar aon dul le dlí AE iad a roghnú, ar léirmhíniú é sa chás seo ar dá réir nach gcaithfear prionsabal an chomhionannais, prionsabal an tuillteanais agus prionsabal an chumais a chur i bhfeidhm maidir le próisis roghnúcháin le haghaidh earcaíocht foirne?

(F) An féidir athrú an chonartha go conradh buan, faoin gComhaontú Réime atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE agus faoin gcásdlí lena ndéantar léirmhíniú ar an Treoir sin, a fhágáil gan feidhm i gcás go bhforáiltear le dlí, roimh don athrú sin a bheith ordaithe go dlíthiúil, do phróiseas lena ndaingnítear nó lena gcobhsaítear an fhostaíocht ar théarma seasta, atá le seoladh sna blianta ina dhiaidh sin, lena bhfuil sé beartaithe fógraí folúntais a fhógairt chun an post atá ag an oibrí a líonadh, ag cur san áireamh nach mór a áirithiú leis an bpróiseas sin go "gcomhlíontar prionsabal na saoriomaíochta, prionsabal an chomhionannais, prionsabal an tuillteanais, prionsabal an chumais agus prionsabal na poiblíochta" agus, dá bhrí sin, go bhfuil an t-oibrí, ar tugadh conarthaí nó athnuachain ar théarma seasta i ndiaidh a chéile dó, in ann a phost a dhaingniú, nó nach bhfuil sé in ann a leithéid a dhéanamh, toisc gur bronnadh ar dhuine éigin eile é, agus ina leithéid de chás go bhfuil conradh an oibrithe sin le foirceannadh agus cúiteamh le háireamh dó ar ráta 20 lá tuarastail in aghaidh gach bliain oibre, faoi theorainn tuarastail bliana amháin?

(1) EU:C:2018:166.
(2) EU:C:2019:387.
(3) IO 1999, L 175, lch. 43.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón College van Beroep voor het bedrijfsleven (an Isiltír) arna taisceadh an 11 Bealtaine 2022 —— Pesticide Action Network Europe (PAN Europe) v College voor de toelating van gewasbeschermingsmiddelen en biociden, le hidiragairt ó Dow AgroScience BV (Dow)**

**(Cás C-308/22)**

(2022/C 359/21)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

College van Beroep voor het bedrijfsleven

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Pesticide Action Network Europe (PAN Europe)

*Cosantóir:* College voor de toelating van gewasbeschermingsmiddelen en biociden

*I láthair:* Dow AgroScience BV (Dow)

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An bhfuil aon rogha ag an mBallstát lena mbaineann, a dhéanann cinneadh maidir le táirgí cosanta plandaí a údarú faoi Airteagal 36(2) de Rialachán 1107/2009, (1) imeacht ón measúnú an Bhallstáit is Rapóirtéir na gcriosanna a scrúdaigh an t-iarratas faoi Airteagal 36(1) de Rialachán 1107/2009 agus, más amhlaidh atá, cad é corrlach na lánrogha sin?

2. Más é an freagra ar an gcéad cheist nach bhfuil aon rogha nó rogha theoranta ag an mBallstát lena mbaineann, conas a thugtar éifeacht don ceart chun leigheas éifeachtach a fháil faoi Airteagal 47 den Chairt? An féidir ansin agóid iomlán a dhéanamh os comhair chúirt náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann maidir le cruinneas mheasúnú an Bhallstáit is Rapóirtéir na gcriosanna?

3. Má chinneann an Ballstát lena mbaineann, nó cúirt an Bhallstáit sin, nach bhfuil measúnú an Bhallstáit is Rapóirtéir na gcriosanna bunaithe ar fhorais leordhóthanacha, cé chomh mór is atá an gá don Bhallstát lena mbaineann páirt a thabhairt don Bhallstát is Rapóirtéir na gcriosanna agus measúnú réasúnaithe leordhóthanach á ullmhú aige?

4. An féidir leis an mBallstát is Rapóirtéir na gcriosanna é féin a theorannú do mheasúnú atá bunaithe go heisiach ar threoirdhoiciméid a glacadh, fiú mura bhfuil an t-eolas eolaíoch agus teicniúil atá ann go hiomlán cothrom le dáta a thuilleadh?

5. I gcás freagra diúltach ar an gceist roimhe seo, an féidir leis an mBallstát atá i mbun an mheasúnaithe creasa a bheith ag brath freisin ar eolas eolaíoch agus teicniúil atá sna treoirdhoiciméid a dréachtaíodh cheana ach nár glacadh go fóill, nó an bhfuil gá don Bhallstát atá i mbun an mheasúnaithe creasa an t-eolas eolaíoch agus teicniúil go léir atá ar fáil fiú lasmuigh de na treoirdhoiciméid a chur san áireamh?

---

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO 2009 L 309, lch. 1)

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón College van Beroep voor het bedrijfsleven (an Ísiltír) arna taisceadh an 11 Bealtaine 2022 — Pesticide Action Network Europe (PAN Europe) v College voor de toelating van gewasbeschermingsmiddelen en biociden, le hidiragairt ó Adama Registrations B.V. (Adama)**

**(Cás C-309/22)**

(2022/C 359/22)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

College van Beroep voor het bedrijfsleven

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Pesticide Action Network Europe (PAN Europe)

*Cosantóir:* College voor de toelating van gewasbeschermingsmiddelen en biociden

*Idiragraí:* Adama Registrations B.V. (Adama)

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An dtugtar le tuiscint le hAirteagal 2 de Rialachán 2018/605 ([1]) nach mór don údarás inniúil na critéir nua a chur i bhfeidhm freisin chun airíonna réabtha iontálaigh a chinneadh sa phróiseas measúnaithe agus cinnteoireachta maidir le hiarratais ar údarú a bhí fós ar feitheamh an 10 Samhain 2018, i bhfianaise Airteagal 29(1)(e) freisin i gcomhar le hAirteagal 4(3) de Rialachán 1107/2009? ([2])

2. I gcás freagra diúltach ar an gcéad cheist, an ar an údarás inniúil atá sé bac a chur ar an bpróiseas measúnaithe agus cinnteoireachta maidir le hiarratais ar údarú go dtí go bhfaighfear torthaí an Choimisiúin Eorpaigh maidir le héifeachtaí Rialachán 2018/605 ar aon imeachtaí faoi Rialachán 1107/2009 atá ar feitheamh, ag féachaint d'aithris 8 sa bhrollach a ghabhann le Rialachán 2018/605?

3. I gcás freagra diúltach ar an dara cheist, an leor é don údarás inniúil gan measúnú a dhéanamh ach amháin ar bhonn sonraí a bhí ar eolas tráth an iarratais, fiú mura bhfuil an t-eolas eolaíoch agus teicniúil a ionchorpraítear inti cothrom le dáta a thuilleadh tráth a dhéantar an cinneadh atá faoi chonspóid?

(1) Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 lena leagtar síos critéir eolaíochta chun airíonna réabtha iontálaigh a chinneadh (IO 2018, L 101, lch. 33).

(2) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO 2009 L 309, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón College van Beroep voor het bedrijfsleven (an Ísiltír) arna taisceadh an 11 Bealtaine 2022 — Pesticide Action Network Europe (PAN Europe) v College voor de toelating van gewasbeschermingsmiddelen en biociden, le hidiragairt ó BASF Nederland BV (BASF)

**(Cás C-310/22)**

(2022/C 359/23)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

### An chúirt a rinne an tarchur

College van Beroep voor het bedrijfsleven

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Pesticide Action Network Europe (PAN Europe)

*Cosantóir:* College voor de toelating van gewasbeschermingsmiddelen en biociden

*Idiragraí:* BASF Nederland BV (BASF)

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An léirítear sa dara fomhír d'Airteagal 4(1) de Rialachán 1107/2009, (1) arna léamh i gcomhar le mír 3.6.5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis, nach gá measúnú a dhéanamh a thuilleadh ar airíonna réabtha iontálaigh a d'fhéadfadh a bheith déanta ag substaint ghníomhach le linn an mheasúnaithe ar leibhéal náisiúnta ar iarratas ar tháirge cosanta plandaí a údarú?

2. I gcás freagra dearfach ar an gcéad cheist, an gciallaíonn sé sin nach bhfuil gá go gcuirfí na tuairimí eolaíocha agus an t-eolas teicniúil ar airíonna réabtha iontálaigh, amhail atá, mar shampla, mar bhonn le Rialacháin 283/2013 (2) agus 2018/605, (3) san áireamh sa mheasúnú ar údarú táirge cosanta plandaí? Cén chaoi a luíonn sé sin leis an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 29(1)(e) de Rialachán 1107/2009 nach mór an measúnú sin a dhéanamh ar bhonn eolais eolaíoch agus theicniúil reatha?

3. I gcás freagra dearfach ar an gcéad cheist, cén chaoi a bhfuil leigheas éifeachtach ag eagraíocht neamhrialtasach amhail an t-achomharcóir de réir bhrí Airteagal 47 den Chairt chun formheas ar shubstaint ghníomhach a chur faoi bhráid cúirte?

4. I gcás freagra diúltach ar an gcéad cheist an gciallaíonn sé sin, agus measúnú á dhéanamh ar iarratas ar údarú, go bhfuil staid an eolais eolaíoch agus theicniúil ar na hairíonna réabtha iontálaigh sin cinntitheach an tráth sin?

(1) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO 2009 L 309, lch. 1).

(2) Rialachán (AE) Uimh. 283/2013 ón gCoimisiún an 1 Márta 2013 lena leagtar amach na ceanglais maidir le sonraí i gcás substaintí gníomhacha, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO 2013 L 93, lch. 1).

(3) Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 lena leagtar síos critéir eolaíochta chun airíonna réabtha iontálaigh a chinneadh (IO 2018, L 101, lch. 33).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Naczelny Sąd Administracyjny (an Pholainn) an 12 Bealtaine 2022 – E. v Dyrektor Izby Administracji Skarbowej we Wrocławiu**

**(Cás C-322/22)**

(2022/C 359/24)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Naczelny Sąd Administracyjny

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* E.

*Cosantóir:* Dyrektor Izby Administracji Skarbowej we Wrocławiu

**An cheist a tharchuirtear**

An gcoisctear le prionsabal na héifeachtachta, prionsabal an chomhair dhílis agus prionsabal na coibhéise, a leagtar amach in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (leagan comhdhlúite – IO AE C 326/13 an 26 Deireadh Fómhair 2012), agus aon phrionsabal ábhartha eile dá bhforáiltear le dlí an Aontais Eorpaigh, foráil náisiúnta amhail Airteagal 78(5), pointí 1 agus 2 den ustawa z 29 sierpnia 1997 r. Ordynacja podatkowa (tekst jedn. Dz.U. z 2012 r. poz.749 z późn.zm.) [Dlí an 29 Lúnasa 1997 lena sonraítear rialacha cánach (téacs comhdhlúite, IO 2012 pos.749 mar a leasaíodh)] lena bhforáiltear nach bhfuil an ús ar ró-íocaíochtaí cánacha arna mbailiú ag an íocóir de shárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh le híoc don cháiníocóir don tréimhse tar éis 30 lá ón dáta a fhoilsítear breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh lena n-aithnítear neamhréireacht an bhailithe cánach le dlí [an Aontais] san Iris Oifigiúil más rud é gur chuir an cáiníocóir an iarraidh go n-aithneofaí an ró-íocaíocht sin in iúl i ndiaidh dul in éag na teorann ama sin agus go bhfuil na forálacha den dlí náisiúnta maidir le bailiú na cánach, in ainneoin bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 10 Aibreán 2014, C-190/12 (ECLI:EU:C:2014:249), ar neamhréir le dlí an Aontais Eorpaigh?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado Contencioso-Administrativo No 17 de Barcelona (an Spáinn) a taisceadh an 17 Bealtaine 2022 – KT v Departamento de Justicia de la Generalitat de Catalunya**

**(Cás C-331/22)**

(2022/C 359/25)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Juzgado Contencioso-Administrativo nº 17 de Barcelona

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* KT

*Cosantóir:* Departamento de Justicia de la Generalitat de Catalunya

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An t-aon bheart pionósach dá bhforáiltear le Ley 20/2021 ná go seoltar nósanna imeachta roghnúcháin agus go n-íoctar cúiteamh le híospartaigh na mí-úsáide nach éiríonn leo sna nósanna imeachta sin. An sáraítear Clásal 5 den Chomhaontú Réime a ghabhann le Treoir 1999/70/CE [1] trí gan beart pionósach a ghearradh ar mhí-úsáid i ndáil le hoifigigh poiblí ar théarma seasta a bhí rathúil i nósanna imeachta roghnúcháin dá leithéid, óir is riachtanas i gcónaí é beart pionósach agus nach ionann a bheith rathúil i nós imeachta roghnúcháin dá leithéid agus beart pionósach lena gcomhlíontar ceanglais na Treorach, mar a chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina hOrdú an 2 Meitheamh 2021, i gcás C-103/19? [2]

2. I gcás ina dtugtar freagra dearfach ar cheist 1 agus nach bhforáiltear le Dlí 20/2021 do bhearta pionósacha éifeachtacha eile ar dhroch-úsáid a bhaint as conarthaí tréimhse seasta i ndiaidh a chéile nó ar shíneadh mí-úsaideach a chur le chonradh tréimhse seasta, an bhfuil Clásal 5 den Chomhaontú Réime a ghabhann le Treoir 1999/70/CE á shárú ag neamhghníomh an reachtais trí mhainneachtain é foráil a dhéanamh maidir le sraith conarthaí fostaíochta ar théarma seasta nó síneadh míchuí ar chonradh tréimhse seasta a athrú go conradh tréimhse éiginnte, mar a chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina hOrdú an 30 Meán Fómhair 2020, i gcás C-135/20? (3)

3. Chinn an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach, an Spáinn) ina bhreithiúnais Uimh. 1425/2018 agus Uimh. 1426/2018 an 26 Meán Fómhair 2018, a daingníodh lena bhreithiúnas Uimh. 1534/2021 an 20 Nollaig 2021, gur féidir gurb éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist go simplí leis an mbeart pionósach atá le glacadh i gcás droch-úsáid ar cheapacháin do théarma seasta ná an t-oifigeach poiblí ar íospartach mí-úsáide dá leithéid é a choimeád i bhfostaíocht éiginnte go dtí go gcinneann an t-údarás riaracháin is fostóir gurb ann do riachtanas struchtúrach agus go seolann sé nósanna imeachta roghnúcháin cuí — inar féidir le hiarrthóirí nár fhulaing de dheasca droch-úsáid ar cheapacháin do théarma seasta cur isteach air — chun na poist ábhartha a líonadh le hoifigigh poiblí buana nó le hoifigigh poiblí gairme. An sáraítear Clásal 5 de Chonradh Réime a ghabhann le Treoir 1999/70/CE leis an gcásdlí sin óir nach ionann nós imeachta roghnúcháin a sheoladh agus a bheith rathúil sa nós imeachta roghnúcháin dá leithéid agus beart pionósach lena gcomhlíontar ceanglais na Treorach, mar a chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina hOrdú an 2 Meitheamh 2021, i gcás C-103/19??

4. I gcás ina dtugtar freagra dearfach ar an tríú ceist agus nach leagtar síos bearta éifeachtacha eile le pionós a ghearradh ar dhroch-úsáid a bhaint as conarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile nó ar shíneadh míchuí a chur le conradh ar théarma seasta le cásdlí an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach, an Spáinn), an bhfuil Clásal 5 den Chomhaontú Réime a ghabhann le Treoir 1999/70/CE á shárú ag neamhghníomh an reachtais trí mhainneachtain foráil a dhéanamh maidir le sraith conarthaí fostaíochta ar théarma seasta nó síneadh míchuí ar chonradh tréimhse seasta a athrú go conradh tréimhse éiginnte, mar a chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina hOrdú an 30 Meán Fómhair 2020, i gcás C-135/20??

5. I gcás ina sáraítear dlí an Chomhphobail leis an reachtaíocht arna glacadh chun Clásal 5 den Chomhaontú Réime a ghabhann le Treoir 1999/70/CE a thrasuí gan foráil a dheánamh maidir le beart pionósach ar leith a leagan síos a chomhlíonfadh cuspóirí na forála Comhphobail sin agus a chuirfeadh oifigigh phoiblí sna himthosca sin ó éiginnteacht fostaíochta, an gcaithfidh na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha dul ar aghaidh le caidrimh mí-úsáideach ar théarma seasta a athrú go caidreamh buan murab ionann é agus caidreamh an státseirbhísigh ghairme ach a thugann cinnteacht fostaíochta d'íospartach na mí-úsáide ionas go gcinntítear go ngearrtar beart pionósach ar an mí-úsáid sin agus nach mbaintear an bonn ó chuspóirí Clásail 5 den Chomhaontú Réime, bíodh is nach bhforáiltear d'athrú dá leithéid sna rialacha inmheanácha, ar an gcoinníoll go raibh nós imeachta roghnúcháin poiblí ann roimh theacht an chaidrimh shealadaigh lena mbaineann agus go raibh an nós imeachta roghnúcháin sin i gcomhréir le prionsabail an chomhionannais, an tuillteanais agus an chumais?

(1) Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair téarma shocraithe a thug ETUP, UNICE agus CEEP, (IO 1999 L 175, lch. 43).
(2) EU:C:2021:460.
(3) EU:C:2020:760

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD) (an Phortaingéil) a taisceadh an 24 Bealtaine 2022 – Cofidis v Autoridade Tributária e Aduaneira

**(Cás C-340/22)**

(2022/C 359/26)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Codifis

*Cosantóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An gcuirtear cosc le Treoir 2014/59/AE ([1]) an 15 Bealtaine 2014 ar cháin a ghearradh, i mBallstáit amháin, ar bhrainsí d'fhorais airgeadais atá cónaitheach i mBallstát eile den Aontas Eorpach de réir reachtaíochta amhail na rialacha intíre de chuid na Portaingéile maidir leis an tobhach dlúthpháirtíochta breise a ghearrtar san earnáil baincéireachta ar dhliteanais arna gcoigeartú agus ar luach barúlach na n-ionstraimí díorthaíocha airgeadais atá lasmuigh den chlár comhardaithe nach ndáiltear na fáltais uathu ar shocruithe náisiúnta um maoiniú bearta réitigh ná ar mhaoiniú an Chiste Réitigh Aonair?

2. An gcuirtear cosc leis an saoirse bhunaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 49 CFAE ar reachtaíocht náisiúnta amhail atá i rialacha intíre na Portaingéile maidir leis an tobhach dlúthpháirtíochta breise a ghearrtar ar an earnáil baincéireachta, lena gceadaítear míreanna dliteanais áirithe a chuirtear san áireamh agus cistí dílse Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 á ríomh a bhaint as na dliteanais atá socraithe agus formheasta, i gcomhréir le Cuid II de Rialachán (AE) 575/2013 ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 648/2012, agus na forálacha idirthréimhseacha dá bhforáiltear i gCuid IX den Rialachán sin á gcur san áireamh, ar forálacha iad nach bhféadfadh ach forais a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu iad a eisiúint, is é sin le rá, nach bhféadfadh brainsí d'fhorais chreidmheasa neamh-chónaitheacha iad a eisiúint?

([1]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

([2]) IO 2013 L 176, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD) (an Phortaingéil) a taisceadh an 31 Bealtaine 2022 – NM v Autoridade Tributária e Aduaneira**

**(Cás C-349/22)**

(2022/C 359/27)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa – CAAD)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* NM

*Cosantóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

An gcuirtear cosc le hAirteagal 110 CFAE ar riail dlí náisiúnta — a leagtar síos in Airteagal 8(1)(d) de Chódigo do Imposto Sobre Veículos [Cód Cánach Feithicle] — lena bhforáiltear nach n-íocann feithiclí paisinéirí éadroma a chomhlíonann critéir áirithe chomhshaoil ach 25 % den cháin ar scaoileadh mótarfheithiclí (ISV), teacht i bhfeidhm agus a bheith curtha i bhfeidhm – sa leagan atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021, níos sriantaí ná an leagan a bhí i bhfeidhm go dtí sin – d'fheithiclí náisiúnta nua agus d'fheithiclí athláimhe ó Bhallstáit eile den Aontas Eorpach a cláraíodh den chéad uair sa Phortaingéil ón dáta sin, lena dtugtar cóir chomhionann cánach do na feithiclí sin, ach a fhágann gur féidir a mheas go bhfuil cás éagothrom ann idir feithiclí athláimhe a bhfuil an fad úsáide céanna acu, a chomhlíonann critéir chomhshaoil na reachtaíochta a bhí ann roimhe sin nach bhfuil chomh dian céanna, ach ní critéir an dlí nua, ag brath ar cibé (a) ar cuireadh ar an margadh agus ar cláraíodh iad sa Phortaingéil ar dtús roimh dháta theacht i bhfeidhm an leagain nua, agus sa chás sin ní bheidh ach 25 % den cháin i bhfeidhm acu, ar féidir an méid sin a thuiscint ós rud é gur gnách é a bheith léirithe ina bpraghas díola mar fheithiclí athláimhe, nó (b) ar cláraíodh iad i mBallstát eile ar dháta ar a raibh an leagan roimhe sin i bhfeidhm agus go scaoiltear iad lena gcaitheamh sa Phortaingéil tar éis an dáta sin, agus sa chás sin tá 100 % de mhéid na cánach orthu?

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Oberlandesgericht Hamm (an Ghearmáin) a taisceadh an 1 Meitheamh 2022 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne A.

**(Cás C-352/22)**

(2022/C 359/28)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Oberlandesgericht Hamm (an Ghearmáin)

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*An duine iarrtha*: A.

*Éilitheoir*: Generalstaatsanwaltschaft Hamm

### An cheist a tharchuirtear

Ar cheart forálacha comhcheangailte d'Airteagal 9(2) agus (3) de Threoir 2013/32/AE [1] agus Airteagal 21(1) de Threoir 2011/95/AE [2] a léirmhíniú sa chiall go bhfuil aitheantas cinntitheach do dhuine mar dhídeanaí de réir bhrí Choinbhinsiún na Ginéive maidir le stádas dídeanaithe i mBallstát eile den Aontas Eorpach, ina cheangal chun críocha an nós imeachta eiseachadta sa Bhallstát ar iarradh air duine den sórt sin a eiseachadadh mar gheall ar an oibleagáid faoi dhlí an Aontais an dlí náisiúnta a léirmhíniú i gcomhréir leis na treoracha (Airteagal 288, tríú mír, CFAE agus Airteagal 4(3) CAE), is é sin le rá, an bhfuil sé ceangailteach sa chaoi go bhfuil sé fíor-dhodhéanta an duine a eiseachadadh chuig an tríú tír nó chuig an tír thionscnaimh go dtí go ndéanfar aitheantas mar dhídeanaí a chúlghairm nó go dtí go mbeidh sé imithe in éag?

---

(1) Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 26 Meitheamh 2013, maidir le nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013, L 180, lch. 60).

(2) Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 13 Nollaig 2011, maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus inneachar na cosanta a thugtar (IO 2011, L 337, lch. 9).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 2 Meitheamh 2022 – Pro Rauchfrei e. V. v JS e. K.

**(Cás C-356/22)**

(2022/C 359/29)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Bundesgerichtshof

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Pro Rauchfrei e. V.

*Cosantóir:* JS e. K.

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An gclúdaítear, leis an gcoincheap "rud a chur ar an margadh" de réir bhrí na chéad abairte d'Airteagal 8(3) de Threoir 2014/40/EU, [1] táirgí tabac a thairiscint trí mheaisíní díola amhail, cé go léirítear na rabhaidh arna bhforordú leis an dlí ar na paicéid toitíní, nach féidir leis an tomhaltóir na rabhaidh a fheiceáil mar gheall ar an gcaoi a ndéantar na paicéid toitíní a stocáil ar dtús sa mheaisín, agus amhail nach féidir na rabhaidh sin a fheiceáil ach nuair a oibríonn tomhaltóir an meaisín, a chuir an t-airgeadóir ar siúl roimhe sin, agus amhail go ndáiltear an paicéad ar an gcuntar amach roimh an bpróiséas íocaíochta?

2. An gclúdaítear, leis an gcosc ar rabhaidh a bheith “clúdaithe le rudaí eile” ón gcéad abairt d'Airteagal 8(3) de Threoir 2014/40/EU, an cás ina gclúdaítear an phascáistíocht tobac ina hiomláine nuair is le measáin díola uathoibríoch a chuirtear na táirgí i láthair?

(1) Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE (IO 2014 L 127, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Warszawie (an Pholainn) a taisceadh an 8 Meitheamh 2022 – G sp. z o.o. v W S. A.**

**(Cás C-371/22)**

(2022/C 359/30)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Okręgowy w Warszawie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* G sp. z o.o.

*Cosantóir:* W S. A.

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An gcaithfear Airteagal 3(5) agus (7) de Threoir 2003/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 96/92/CE [1] lena gceanglaítear go bhfeidhmeofar cearta custaiméara fuinnimh (gnóthas beag), i gcás ina n-athraítear soláthraí fuinnimh, i gcomhréir leis an riail lena n-áirítear gur féidir le custaiméar incháilithe athrú go soláthraí nua go héasca, agus go ndéanfaí an t-athrú ar bhealach neamh-idirdhealaitheach ó thaobh costais, díchill nó ama de, a léiriú amhail go gcuirtear toirmeasc leis ar an bhféidearthacht pionós conarthach a forchur ar chustaiméir fuinnimh as conradh soláthair fuinnimh ar théarma seasta a fhoirceannadh i gcás inar mian leis an gcustaiméir fuinnimh soláthraí fuinnimh a athrú, beag bean ar mhéid an chaillteanais arna fhulaingt (Airteagail 483(1) agus 484(1) agus (2) den Ustawa z dnia 23 kwietnia 1964 r. kodeks cywilny [Dlí an 23 Aibreán 1964 lena mbunaítear an Cód Sibhialta]) agus gan aon chritéir a leagan amach sa Dlí maidir le Fuinnimh (Airteagal 4j(3a) den Ustawa z dnia 10 kwietnia 1997 r. prawo energetyczne [Dlí maidir le Fuinneamh an 10 Aibreán 1997]) maidir lena leithéid de tháillí a ghearradh nó a bhunú?

2. An gcaithfear Airteagal 3(5) agus (7) de Threoir 2003/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 96/92/CE lena gceanglaítear go bhfeidhmeofar cearta custaiméara fuinnimh (gnóthas beag), i gcás ina n-athraítear soláthraí fuinnimh, i gcomhréir leis an riail lena n-áirítear gur féidir le custaiméar incháilithe athrú go soláthraí nua go héasca, agus go ndéanfaí an t-athrú ar bhealach neamh-idirdhealaitheach ó thaobh costais, díchill agus ama de, a léiriú amhail go gcuirtear toirmeasc leis ar léiriú a dhéanamh ar chlásail conarthacha a fhágann gur féidir, i gcás luathfhoirceannadh conartha soláthair fuinnimh arna thabhairt i gcrích le soláthraí ar feadh téarma seasta, táillí a ghearradh ar thomhaltóirí (gnóthais beaga) a fhreagraíonn *de facto* do chostas an fhuinnimh nár ídíodh sular tugadh an conradh i gcrích, i gcomhréir leis an riail maidir le “dearbhoibleagáid íocaíochta”?

(1) IO 2009 L 211, lch. 55.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal d'arrondissement de Luxembourg (Lucsamburg) arna taisceadh an 9 Meitheamh 2022 — CM v DN**

**(Cás C-372/22)**

(2022/C 359/31)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal d'arrondissement de Luxembourg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* CM

*Cosantóir:* DN

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An bhfuil feidhm ag Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus le freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000, [1] maidir leis na nithe seo a leanas:

   (a) iarratas ar chearta rochtana a mhodhnú de réir bhrí Airteagal 2(10) den Rialachán sin arna dhéanamh ag duine ar deonaíodh na cearta sin dó de bhun cinneadh breithiúnach, le héifeacht mhoillithe ar mhaithe le leas na leanaí, ach atá tagtha chun bheith críochnaitheach agus a bhfuil feidhm res judicata bainte amach aige, a rinneadh sa Stát ina raibh gnáthchónaí ar na leanaí roimhe sin níos mó ná ceithre mhí sula ndearnadh iarratas faoi Airteagal 9(1);

   (b) d'fhonn an riail ghinearálta, lena dtugtar dlínse, dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Rialachán sin, a eisiamh,

   cé go sonraítear in aithris 12 den rialachán sin go ndéanfar "na forais dlínse in ábhair maidir le freagracht tuismitheora a bhunaítear sa Rialachán reatha a bheartú i bhfianaise leas an linbh, go háirithe i bhfianaise chritéar na gaireachta; ciallaíonn sé [sin] gur cheart go mbeadh an dlínse sa chéad áit ag an mBallstát ina bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh, ach amháin i gcásanna áirithe ina mbíonn athrú ar ghnátháit chónaithe an linbh[…]"?

2. I gcás freagra dearfach ar an gcéad cheist an gcuirtear cosc leis an dlínse atá ann faoi Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003, dá bhforáiltear "*de mhaolú ar Airteagal 8*" *den rialachán sin*, ar chur i bhfeidhm Airteagal 15 den rialachán sin, dá bhforáiltear "*mar eisceacht*" agus "*i gcás ina dtéann sé sin chun leasa an linbh*"?

(1) IO 2003 L 338, lch. 1.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Spetsializiran nakazatelen sad (an Bhulgáir) arna taisceadh an 9 Meitheamh 2022 — Imeachtaí coiriúla in aghaidh NE**

**(Cás C-373/22)**

(2022/C 359/32)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Spetsializiran nakazatelen sad

**Páirtí sna príomhimeachtaí**

NE

**Ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gá Airteagal 2, Airteagal 6(1) agus (3) agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, i gcomhar le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú sa chaoi nach binse neamhspleách agus neamhchlaonta é, de réir dhlí an Aontais Eorpaigh, Cúirt a dtugtar cás coiriúil os a comhair agus ar cosantóir é ag an am céanna in imeachtaí a bhaineann le caingean le haghaidh cúitimh arna tabhairt ag an gcosantóir sa chás coiriúil sin agus atá bunaithe ar shárú líomhnaithe i ngníomhaíocht na cúirte sin nó cúirte arb í a comharba dlíthiúil, sa chás coiriúil céanna nó i gcás coiriúil eile, nó a mbeadh a dliteanas tabhaithe dá seasfaí leis an gcaingean le haghaidh cúitimh?

2. Más amhlaidh atá, an gá na forálacha thuasluaite de dhlí an Aontais a léirmhíniú sa chaoi nach bhféadfaidh cúirt den sórt sin leanúint de na himeachtaí coiriúla, lena n-áirítear rialú ar shubstaint an cháis, agus cad iad na hiarmhairtí a bheadh ann do ghníomhartha nós imeachta agus substainteacha na cúirte sin mura ndéanfadh sí cinneadh í féin a dhícháiliú sa chás?

3. An gá Airteagal 2, Airteagal 6(1) agus (3) agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, i gcomhar le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú sa chaoi go lagaítear neamhspleáchas cúirte i gcás ar cuireadh deireadh léi leis an leasú a glacadh ar an Zakon za sadebnata vlast (Dlí maidir leis an mBreithiúnacht) (DV Uimh. 32 an 26 Aibreán 2022, ar cuireadh a gcur chun feidhme siar go dtí an 27 Iúil 2022) ach nach mór do na breithiúna leanúint de na cásanna a shanntar dóibh a éisteacht suas go dtí an dáta sin agus nach mór dóibh leanúint ar aghaidh freisin, tar éis an dáta sin, ag éisteacht chásanna na hinstitiúide sin ina bhfuil réamh-éisteachtaí tionólta acu, sa mhéid go bhfuil an chúirt díothaithe ar an bhforas go ndéantar prionsabal bunreachtúil neamhspleáchas na mbreithiúna agus cosaint chearta bunreachtúla na saoránach a áirithiú ar an gcaoi sin agus nach leagtar amach go cuí na fíorais as ar tháinig an chonclúid gur sáraíodh na prionsabail sin?

4. An gá na forálacha thuasluaite de dhlí an Aontais a léirmhíniú mar chosc ar fhorálacha náisiúnta amhail forálacha an Dlí maidir leis an mBreithiúnacht (DV Uimh. 32/26 Aibreán 2022, ar cuireadh a gcur chun feidhme siar go dtí an [27] Iúil 2022), as a n-eascraíonn díothú iomlán (an Spetsializiran nakazatelen, Cúirt Choiriúil Speisialaithe) mar chomhlacht neamhspleách de chuid na mbreithiúna sa Bhulgáir ar an bhforas dá dtagraítear thuas agus aistriú na mbreithiúna (lena n-áirítear na breithiúna den phainéal a bhfuil an cás coiriúil i dtrácht á éisteacht aige) ón gcúirt sin chuig cúirteanna éagsúla ar fud na tíre, lena n-áirítear cúirteanna atá i bhfad ón áit ina bhfuil siad ag riar an cheartais faoi láthair, gan an áit atá i gceist a bheith sonraithe roimh ré, gan toiliú na mbreithiúna agus le teorainneacha arna bhforáiltear leis an dlí do na breithiúna sin amháin maidir leis an líon uasta is féidir a athshannadh d'aon údarás breithiúnach amháin?

5. Más amhlaidh atá, agus i bhfianaise thosaíocht dhlí an Aontais, cad iad na gníomhartha nós imeachta ar cheart do bhreithiúna na gcúirteanna díothaithe a dhéanamh? Cad iad na hiarmhairtí a bheadh ann maidir leis cinntí ar shubstaint na gcásanna atá ar feitheamh os comhair na cúirte díothaithe ar cóir don scrúdú orthu a bheith críochnaithe agus maidir leis na gníomhartha lena gcuirtear clabhsúr leis na cásanna sin?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 10 Meitheamh 2022 – Google Ireland Limited, Meta Platforms Ireland Limited, Tik Tok Technology Limited v Kommunikationsbehörde Austria (KommAustria)**

**(Cás C-376/22)**

(2022/C 359/33)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Google Ireland Limited, Meta Platforms Ireland Limited, Tik Tok Technology Limited

*Cosantóir:* Kommunikationsbehörde Austria (KommAustria)

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An gcaitear Airteagal 3(4)(a)(ii) de Threoir Uimh. 2000/31/CE ([1]) a léiriú sa chaoi gur féidir go gcumhdaítear beart rialála bhaineann le catagóir seirbhísí áirithe de chuid na sochaí faisnéise a shainmhínítear i dtéarmaí ginearálta (amhail “ardáin cumarsáide”) le bearta “arna nglacadh i gcoinne seirbhís amháin de chuid na sochaí faisnéise”, nó an dteastaítear go ndéanfaí cinneadh de réir an cháis (mar shampla, maidir le hardán cumarsáide a shainítear de réir a ainm) ionas gurb ann do bheart de réir bhrí na forála sin?

2. An gcaitear Airteagal 3(5) de Threoir 2000/31 a léiriú sa chaoi gurb é an iarmhairt i gcás ina mainnítear glacadh na mbeart i gcás práinne a chur in iúl “chomh luath agus is féidir” (*ex post facto*) don Choimisiún agus do Bhallstát na bunaíochta, mar a cheanglaítear leis an bhforáil sin, ná go bhfágfaí a leithéid de bhearta gan feidhm maidir le seirbhís áirithe ar éag do thréimse leordhóthanach ama lena chur in iúl (*ex post facto*)?

3. An gcuirtear cosc le hAirteagal 28a(1) de Treoir 2010/13/AE ([2]), arna leasú le Treoir (AE) Uimh. 2018/1808 ([3]) ar bheart de réir bhrí Airteagal 3(4) de Threoir 2000/31 a chur i bhfeidhm i gcás nach bhfuil craoltaí agus físeáin ó úsáideoirí arna gcur ar fáil ar ardáin comhroinnte físeán i gceist leis?

([1]) Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (“An Treoir maidir le tráchtáil leictreonach”) (IO 2000 L 178, lch. 1).

([2]) Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (IO 2010 L 095, lch. 1).

([3]) Treoir Uimh. 2018/1808/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir Uimh. 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh ((IO 2018 L 303, lch. 69).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón the Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) a taisceadh an 10 Meitheamh 2022 – LR v Ministero dell’Istruzione, Ufficio scolastico regionale Lombardia, Ufficio scolastico regionale Friuli Venezia Giulia

**(Cás C-377/22)**

(2022/C 359/34)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* LR

*Cosantóirí:* Ministero dell’Istruzione, Ufficio scolastico regionale Lombardia, Ufficio scolastico regionale Friuli Venezia Giulia

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

Gan dochar don fhéidearthacht atá ann na blianta a chaith an t-iarratasóir i seirbhís sa Ríocht Aontaithe faoi dhlí an Aontais a chur san áireamh, d’ainneoin tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, an gcaitear léiriú a dhéanamh ar Airteagal 45(1) agus (2) CFAE agus ar Airteagal 3(1)(b) de Rialacháin (AE) Uimh. 492/2011 ([1]) sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar riail ar nós na rialach a leagtar amach in Airteagal 1(6) den decreto legge Uimh. 126/2019 (Dlí Foraithne Uimh. 126/2019), arna aistriú, le leasuithe, ag legge Uimh. 159/2019 (Dlí Uimh. 159/2019), lena bhforáiltear dá réir, d’fhonn páirt a ghlacadh sa chomórtas urghnách le buanfhoireann teagaisc ag meánscoileanna Iodálacha a earcú, gurb iad na blianta ag iarrthóirí i seirbhís ar chonarthaí ar théarma seasta i meánscoileanna Stáit Iodálacha amháin a áirítear, agus ní

na blianta i seirbhís ag institiúidí atá ar chomhchéim i dtíortha Eorpacha eile, os rud é go mbeartaítear go sainiúil leis an nós imeachta faoi chaibidil dul i ngleic le fostaíocht fhorbhásach san Iodáil? I gcás ina gcinneann an Chúirt Bhreithiúnas nach bhfuil reachtaíocht na hIodáile i gcontrárthacht, i dtéarmaí teibí, leis an gcreat rialála Eorpach, an bhféadtar a mheas go bhfuil na bearta dá bhforáiltear leis an reachtaíocht sin comhréireach, i dtéarmaí nithiúla, ag féachaint don chuspóir thuasluaite ar mhaithe le leas an phobail?

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO 2011 L 141, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón rechtbank Den Haag, zittingsplaats 's-Hertogenbosch (an Ísiltír) a taisceadh an 15 Meitheamh 2022 – X v Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid**

**(Cás C-392/22)**

(2022/C 359/35)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Rechtbank Den Haag, zittingsplaats 's -Hertogenbosch (an Ísiltír)

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* X

*Cosantóir:* Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1. Ar chóir Rialachán Bhaile Átha Cliath, ([1]) ag féachaint d'aithrisí 3, 32 agus 39 de, agus arna léamh i gcomhar le hAirteagail 1, 4, 18, 19 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontas Eorpaigh, a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcaoi nach bhfuil prionsabal an iontaoibhe idirstáit inroinnte, sa chaoi gurbh é an toradh a bheadh ar sháruithe dáiríre agus córasacha ar dhlí an Aontais arna dhéanamh ag Ballstáit a d'fhéadfadh a bheith freagrach astu, roimh aistrithe, maidir le náisiúnaigh de thríú tír nach fillithe de bhrí Rialachán Bhaile Átha Cliath (go fóill) iad, ná bac <u>iomlán</u> ar a n-aistriú chuig an Ballstáit sin?

2. Má thugtar freagra diúltach ar an gceist roimhe seo, ar chóir Airteagal 3(2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 1, 4, 18, 19 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontas Eorpaigh, a léiriú sa chaoi gurb é is ciall leis ná, má dhéanann an Ballstáit a d'fhéadfadh a bheith freagrach as sárú ar dhlí an Aontais i gcaoi dháiríre agus chórasach, nach féidir leis an mBallstáit a dhéanann an t-aistriú, de réir chreat Rialachán Bhaile Átha Cliath, brath go dall ar phrionsabal an iontaoibhe idirstáit agus nach mór dó gach amhras a dhíbhe nó a léiriú nach gcuirfear an t-iarratasóir i ndálaí atá i gcontrárthacht le hAirteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i ndiaidh an aistrithe?

3. Cén fhianaise ar féidir leis an iarratasóir a úsáid mar thaca lena áitimh go gcuireann Airteagal 3(2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath bac ar a aistriú, agus cén caighdeán cruthúnais ar chóir a chur i bhfeidhm? I bhfianaise na dtagairtí do *acquis* an Aontais in aithrisí Rialachán Bhaile Átha Cliath, an bhfuil dualgas comhair nó fíoraithe ar an mBallstát a dhéanann an t-aistriú, nó, i gcás sáruithe dáiríre nó córasacha ar chearta bunúsacha de chuid náisiúnaigh tríú tír, an bhfuil sé riachtanach go bhfaighfí ráthaíochtaí ón mBallstáit a bheadh freagrach go léireofar meas (go cinnte) ar chearta bunúsacha an iarratasóra i ndiaidh a aistrithe? An bhfuil freagra éagsúil ar an gceist seo má tá easpa fianaise ag an iarratasóir a mhéid nach bhfuil sé in iúl tacú lena ráitis sheasmhacha agus mhionshonraithe le doiciméid, nuair nach féidir a bheith ag súil go ndéanfadh sé amhlaidh, i bhfianaise chineál na ráiteas?

4. An bhfuil freagra éagsúil ar na ceisteanna seo romhainn faoi III éagsúil má léiríonn an t-iarratasóir nach mbeidh gearán chuig na húdaráis agus/nó dul i muinín leigheasanna dlí sa Bhallstáit freagrach indéanta agus/nó nach mbeidh éifeacht acu sin?

(1) Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO 2013 L 180, lch. 31).

## Iarraidh ar réamhrialú ón Nejvyšší soud České republiky a taisceadh an 15 Meitheamh 2022 – EXTÉRIA, s.r.o. v Spravíme, s. r. o.

**(Cás C-393/22)**

(2022/C 359/36)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Nejvyšší soud České republiky

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* EXTÉRIA, s.r.o.

*Cosantóir:* Spravíme, s. r. o.

### An cheist a tharchuirtear

An gcaithfear Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh 1215/2012 (1) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 12 Nollaig 2012, maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála a léirmhíniú sa chaoi go gcumhdaíonn coincheap "conradh soláthair seirbhíse" réamhchonradh (pactum de contrahendo) freisin ina bhfuil na páirtithe tar éis comhaontú a dhéanamh conradh a dhéanamh amach anseo, a bheadh ina chonradh soláthair seirbhíse de réir bhrí na forála sin?

(1) IO 2012 L 351, lch. 1.

## Iarraidh ar réamhrialú ón het hof van beroep te Antwerpen (an Bheilg) a taisceadh an 15 Meitheamh 2022 – Oilchart International NV v O.W. Bunker (an Ísiltír) BV, ING Bank NV

**(Cás C-394/22)**

(2022/C 359/37)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Hof van beroep te Antwerpen

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Oilchart International NV

*Cosantóirí:* O.W. Bunker (an Ísiltír) BV, ING Bank NV

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcaithfear Airteagal 1(2)(b) de Bhruiséil Ia [Rialachán Uimh.] 1215/2012 ([1]) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3.1. den Rialachán Dócmhainneachta [Rialachán Uimh.] 1346/2000 ([2]), a léiriú sa chiall go n-áirítear sa téarma "féimheacht, imeachtaí a bhaineann le socrú creidiúnaithe agus imeachtaí eile dá samhail" in Airteagal 1(2)(b) de Bhruiséil Ia [Rialachán Uimh.] 1215/2012 imeachtaí ina bhfuil cur síos ar an éileamh san eascaire toghairme mar éileamh tráchtála amháin, gan aon tagairt don fhíric gur dearbhaíodh an cosantóir a bheith féimheach cheana féin? Áirítear le Rialachán Uimh. […] 1215/2012 freisin nós imeachta ina gcuirtear síos ar an éileamh sa toghairm ar éileamh tráchtála amháin, gan trácht ar fhéimheacht an chosantóra a bhí ann cheana, ach tá bunús dlí iarbhír an éilimh sin bunaithe ar fhorálacha sonracha dhlí féimheachta na hÍsiltíre a bhaineann le maolú (Airteagal 25.2 d'Acht na hÍsiltíre an 30 Meán Fómhair 1893 maidir le féimheacht agus íocaíochtaí a fhionraí ("NFW") agus dá réir:

— nach mór a chinneadh ar cheart éileamh den sórt sin a mheas mar éileamh infhíoraithe (Airteagal 26 NFW i gcomhar le hAirteagal 110 de) nó éileamh do-fhíoraithe (Airteagal 25.2 NFW),

— dealraíonn sé go bhféadfar a chinneadh an cheist cibé an féidir an dá éileamh a dhéanamh go comhuaineach agus cibé nach n-eisiann éileamh amháin an ceann eile, de réir dealraimh, ag cur san áireamh na hiarmhairtí dlíthiúla sonracha a bhaineann le gach ceann de na héilimh sin (*inter alia*, maidir le féidearthacht ráthaíocht bhainc a ghlaoch tar éis na féimheachta), de réir na rialacha a bhaineann go sonrach le dlí féimheachta na hÍsiltíre?

Agus thairis sin

2) An féidir a mheas go bhfuil forálacha Airteagal 25.2 NFW an 30 Meán Fómhair 1893, maidir le féimheacht agus fionraí íocaíochtaí, ag luí le hAirteagal 3.1 de Rialachán Dócmhainneachta 1346/2000, a mhéid a cheadódh an fhoráil reachtach sin éileamh den sórt sin (Airteagal 25.2 NFW) a thabhairt os comhair cúirte Ballstáit eile seachas os comhair chúirt dócmhainneachta an Bhallstáit inar dearbhaíodh an fhéimheacht?

---

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 2012, L 351, lch. 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1346/2000 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO 2000, L 160, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Administrativen sad Varna (an Bhulgáir) a taisceadh an 14 Meitheamh 2022 – "Trade Express-L" OOD v Zamestnik-predsedatel na Darzhavna agentsia "Darzhaven rezerv i voennovremenni zapasi"

**(Cás C-395/22)**

(2022/C 359/38)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Administrativen sad Varna

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* "Trade Express-L" OOD

*Cosantóir:* Zamestnik-predsedatel na Darzhavna agentsia "Darzhaven rezerv i voennovremenni zapasi"

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear aithris 33, Airteagail 1, 3, 8 agus 2(i) agus (j) de Threoir 2009/119/CE ([1]) ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choimeád, ag cur chuspóir na Treorach sin agus Airteagal 2(d) de Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh san áireamh, agus i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta faoi Airteagal 52(1), i gcomhar le hAirteagal 17, den Chairt um Chearta Bunúsacha an

Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena bhforáiltear go bhféadfar oibleagáid a chur ar dhaoine a chuir fáltais laistigh den Chomhphobal d'olaí bealaithe faoi Phointe 3.4.20 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán Uimh. 1009/2008 i gcrích (nó allmhaireoirí olaí bealaithe den sórt sin) cúlstoc a chruthú?

2. An gcaithfear aithris 33, Airteagail 1, 3, 8 agus 2(i) agus (j) de Threoir 2009/119/CE ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choimeád, ag cur chuspóir na Treorach sin san áireamh, agus i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta faoi Airteagal 52(1), i gcomhar le hAirteagal 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena bhforáiltear go bhfuil na cineálacha táirgí nach mór cúlstoc dóibh a chruthú agus a choimeád teoranta do chuid de na cineálacha táirgí a leagtar síos in Airteagal 2(i) den Treoir sin, i gcomhar le Caibidil 3.4 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008?

3. An gcaithfear aithris 33, Airteagail 1, 3, 8 agus 2(i) agus (j) de Threoir 2009/119/CE ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choimeád, ag cur chuspóir na Treorach san áireamh, agus i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta faoi Airteagal 52(1), i gcomhar le Airteagal 17, den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena bhforáiltear go bhfuil oibleagáid ar dhuine a dhéanann fáltais nó allmhairiú laistigh den Chomhphobal de chineál amháin de na táirgí dá bhforáiltear in Airteagal 2(i) den Treoir, i gcomhar le Caibidil 3.4 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008, cúlstoc de chineál eile táirge dhifriúil a chruthú agus a choimeád?

4. An gcaithfear aithris 33, Airteagail 1, 3, 8 agus 2(i) agus (j) de Threoir 2009/119/CE ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choimeád, ag cur chuspóir na Treorach sin san áireamh, agus i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta faoi Airteagal 52(1), i gcomhar le hAirteagal 17, den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena bhforáiltear go bhfuil oibleagáid ar dhuine stoc a chruthú agus a choimeád de tháirge nach n-úsáideann sé le linn a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus nach mbaineann leis an ngníomhaíocht sin, sa chaoi is go mbíonn ualach mór airgeadais i gceist leis sin freisin (nach bhféadfaí, mar thoradh air sin, a chomhlíonadh sa chleachtas) toisc nach bhfuil an táirge sin ag an duine agus nach ndéanann sé é a allmhairiú ná a choimeád?

5. Más freagra diúltach a thabharfar ar aon cheann de na ceisteanna sin: An gcaithfear aithris 33, Airteagail 1, 3, 8 agus 2(i) agus (j) de Threoir 2009/119/CE ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choimeád, ag cur chuspóir na Treorach sin san áireamh, agus i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta faoi Airteagal 52(1), i gcomhar le hAirteagal 17, den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú sa chaoi nach bhféadfadh duine a chuir fáltais nó allmhairiú laistigh den Chomhphobal de chineál áirithe táirge i gcrích a bheith faoi oibleagáid ach cúlstoc den chineál sin táirge amháin a bhí ina ábhar den fháltas nó allmhairiú laistigh den Chomhphobal a chruthú agus a choimeád?

(1) IO 2009 L 265, lch. 9.
(2) IO 2008 L 304, lch. 1.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Kammergericht Berlin (an Ghearmáin) an 15 Meitheamh 2022 – Generalstaatsanwaltschaft Berlin**

**(Cás C-396/22)**

(2022/C 359/39)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Kammergericht Berlin

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Generalstaatsanwaltschaft Berlin

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An dtagann cinneadh as a n-eascraíonn mearbhall pianbhreitheanna *a posteriori* faoi raon feidhme Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584/CBG ([1]), arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CBG ([2]), i gcás ina ndéantar an cinneadh trí bhreithiúnas tar éis éisteachta ó bhéal, ach nach féidir leis an mbreitheamh, i gcomhthéacs an bhreithiúnais sin, an ciontú a athscrúdú nó na pianbhreitheanna a gearradh ar na cionta éagsúla a mhodhnú?

2) An bhfuil sé comhsheasmhach le tosaíocht dhlí an Aontais go bhforálann reachtas na Gearmáine in Airteagal 83(1)(3) den Gesetz über die internationale Rechtshilfe in Strafsachen (an Dlí maidir le cúnamh dlíthiúil idirnáisiúnta in ábhair choiriúla), go ndearna sé ciontú *in absentia* ina bhac iomlán ar thabhairt suas, cé nach bhforáiltear le hAirteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584/CBG, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CBG, ach foras roghnach le haghaidh diúltú?

([1]) Cinneadh Réime 2002/584/CBG ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002, maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1).

([2]) Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009, lena leasaítear Cinntí Réime 2002/584/CGB, 2005/214/CGB, 2006/783/CGB, 2008/909/CGB agus 2008/947/CGB, agus lena ndéantar cearta nóis imeachta daoine a fheabhsú agus feidhmiú phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chothú maidir le breitheanna arna dtabhairt i gcás an duine lena mbaineann a bheith as láthair ón triail (IO 2009 L 81, lch. 24).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Kammergericht Berlin (an Ghearmáin) an 15 Meitheamh 2022 – Generalstaatsanwaltschaft Berlin**

**(Cás C-397/22)**

(2022/C 359/40)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Kammergericht Berlin

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Generalstaatsanwaltschaft Berlin

*Páirtí i dtrácht:* LM

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) I gcás ina seirbheáiltear toghairm chun láithriú trína seachadadh do chomhchónaitheoir fásta an duine lena mbaineann, an gcaithfear Airteagal 4a(1)(a)(i) de Chinneadh Réime 2002/584/CBG ([1]), arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CBG ([2]), fós a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé gur faoin údarás breithiúnach eisitheach a bheidh sé a chruthú go bhfuair an duine lena mbaineann an toghairm iarbhír, nó ar cheart an fhoráil sin a léiriú sa chaoi go gciallaíonn an tseirbhís sin ar an gcomhchónaitheoir fásta go bhfuil eolas iarbhír ar an toghairm ag an duine lena mbaineann, mura léiríonn an dara ceann go sochreidte nach amhlaidh an cás agus cén fáth?

2) I gcás inar seoladh imeachtaí achomhairc, an gcaithfear an coincheap "triail" in Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584/CBG, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CBG, a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé go bhfuil feidhm aige maidir leis an triail a tháinig roimh an chinneadh céadchéime mura ndearna ach an duine a ionchúisíodh achomharc agus gur diúltaíodh an t-achomharc gan scrúdú ar na tuillteanais?

3) An bhfuil sé i gcomhréir le tosaíocht dhlí an Aontais Eorpaigh gur chuir an reachtóir Gearmánach an ciontú *in abstentia* mar réamhshocrú ina bhac iomlán ar thabhairt suas in Airteagal 83(1)(3) den Gesetz über die internationale Rechtshilfe in Strafsachen (an Dlí maidir le cúnamh dlíthiúil idirnáisiúnta in ábhair choiriúla), cé nach bhforáiltear le hAirteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584/CBG, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CBG, ach amháin do fhoras roghnach le diúltú ina leith sin?

(1) Cinneadh Réime 2002/584/CBG ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002, maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1).

(2) Cinneadh Réime 2009/299/CBG ón gComhairle an 26 Feabhra 2009, lena leasaítear Cinntí Réime 2002/584/CBG, 2005/214/CBG, 2006/783/CBG, 2008/909/CBG agus 2008/947/CBG, agus lena ndéantar cearta nóis imeachta daoine a fheabhsú agus feidhmiú phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chothú maidir le breitheanna arna dtabhairt i gcás an duine lena mbaineann a bheith as láthair ón triail (IO 2009 L 81, lch. 24).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Kammergericht Berlin (an Ghearmáin) an 15 Meitheamh 2022 – Generalstaatsanwaltschaft Berlin**

**(Cás C-398/22)**

(2022/C 359/41)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Kammergericht Berlin

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Generalstaatsanwaltschaft Berlin

*Páirtí i dtrácht:* RQ

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) I gcás inar seoladh imeachtaí achomhairc, an gcaithfear an coincheap "triail" in Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584/CBG ([1]), arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CBG ([2]), a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé go bhfuil feidhm aige maidir leis an triail a tháinig roimh an chinneadh céadchéime mura ndearna ach an duine a ionchúisíodh achomharc agus gur díbheadh an t-achomharc gan scrúdú ar na tuillteanais, cibé ar cealaíodh an breithiúnas céadchéime i bhfabhar an duine a ionchúisíodh?

2) An bhfuil sé i gcomhréir le tosaíocht dhlí an Aontais Eorpaigh gur chuir reachtas na Gearmáine an ciontú *in abstentia* ina bhac iomlán ar thabhairt suas in Airteagal 83(1)(3) den Gesetz über die internationale Rechtshilfe in Strafsachen (an Dlí maidir le cúnamh dlíthiúil idirnáisiúnta in ábhair choiriúla), cé nach bhforáiltear le hAirteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584/CBG, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CBG, ach amháin do fhoras roghnach le diúltú ina leith sin?

(1) Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1).

(2) Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 lena leasaítear Cinntí Réime 2002/584/CGB, 2005/214/CGB, 2006/783/CGB, 2008/909/CGB agus 2008/947/CGB, agus ar an gcaoi sin ag feabhsú cearta nós imeachta daoine agus ag cothú phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i leith cinntí a tugadh in éagmais an duine lena mbaineann ag an triail (IO 2009 L 81, lch. 24).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Fhrainc) a taisceadh an 15 Meitheamh 2022 – Confédération paysanne v Ministère de l'Agriculture et de la Souveraineté alimentaire, Ministère de l'Économie, des Finances et de la Souveraineté industrielle et numérique**

**(Cás C-399/22)**

(2022/C 359/42)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Confédération paysanne

*Cosantóir:* Ministère de l'Agriculture et de la Souveraineté alimentaire, Ministère de l'Économie, des Finances et de la Souveraineté industrielle et numérique

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An bhfuil forálacha Rialachán Uimh. 1169/2011 ([1]), Rialachán Uimh. 1308/2011 ([2]) Rialachán Uimh. 543/2011 ([3]) agus Rialachán Uimh. 952/2013 ([4]) le léiriú mar fhorálacha lena n-údaraítear do Bhallstát beart náisiúnta a ghlacadh lena dtoirmisctear allmhairí, de thionscnamh tíre áirithe, de thorthaí agus glasraí a sháraíonn Airteagal 26 de Rialachán Uimh. 1169/2011 agus 76 de Rialachán Uimh. 1308/2013 toisc nach luaitear orthu an tír nó an chríoch a bhfuil siad dá tionscnamh i ndáiríre, go háirithe nuair atá an faillí sin ollmhór agus go mbeidh sé fíor dheacair iad a rialú nuair a bheidh na táirgí tar éis dul isteach i gcríoch an Aontais?

2. Sa chás go bhfuil freagra na chéad cheiste dearfach, an bhfuil an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha, arna cheadú le Cinneadh ón gComhairle an 28 Eanáir 2019 lena leasaítear Prótacail 1 agus 4 ar Chomhaontú Comhlachais Eora-Mheánmhara an 26 Feabhra 1996 lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Maracó, le léiriú ar chaoi a chiallaíonn, maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 9 agus 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ar thaobh amháin, go bhfuil Maracó mar thír thionscnaimh ag torthaí agus glasraí a bhaintear i gcríoch an tSahára Thiar agus, ar an taobh eile, go bhfuil údaráis Mharacó inniúil ar na deimhnithe comhréireachta dá bhforáiltear i Rialachán 543/2011 a eisiúint do thorthaí agus do ghlasraí a baineadh sa chríoch sin?

3. Sa chás go bhfuil freagra an dara ceist dearfach, an bhfuil cinneadh na Comhairle an 28 Eanáir 2019, ag ceadú an chomhaontaithe sin i bhfoirm malartú litreacha, i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, le hAirteagal 21 den Chonradh sin agus le gnáth-phrionsabal an fhéinchinntiúcháin arna mheabhrú, *inter alia*, in Airteagal 1 de Chairt na Náisiún Aontaithe?

4. Ar cheart Airteagail 9 agus 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn, ag céim na hallmhairithe agus céim an díola don tomhaltóir, nach féidir le pacáistiú ar thorthaí agus glasraí a bhaintear i gcríoch an tSahára Thiar Maracó a lua mar thír thionscnaimh agus nach mór críoch an tSahára Thiar a lua?

([1]) Rialachán (AE) Uimh 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 608/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 (IO 2011 L 304, lch. 18 agus ceartúchán IO 2013 L 163, lch. 32).

([2]) Rialachán (AE) Uimh 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht ar na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 (IO 2013 L 347, lch. 671).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 543/2011 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle maidir leis na hearnálacha torthaí agus glasraí agus na hearnálacha torthaí agus glasraí próiseáilte (IO 2011 L 157, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) Uimh 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais (IO 2013 L 269, lch. 1, agus ceartúchán IO 2013 L 287, lch. 90).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Dioikitiko Protodikeio Athinon (an Ghréig) a taisceadh an 16 Meitheamh 2022 – Ethnikos Organismos Pistopoiisis Prosonton & Epaggelmatikou Prosanatolismou (EOPPEP) v Elliniko Dimosio**

**(Cás C-404/22)**

(2022/C 359/43)

*Teanga an chais: an Ghréigis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Dioikitiko Protodikeio Athinon

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Ethnikos Organismos Pistopoiisis Prosonton & Epaggelmatikou Prosanatolismou (EOPPEP)

*Cosantóir:* Elliniko Dimosio

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. a) Cén chiall atá le coincheap gnóthais a bhfuil 'gníomhaíocht eacnamaíoch' á déanamh aige de réir bhrí Airteagal 2(a) de Threoir 2002/14/CE ([1])?

   b) An dtagann eintitis dlítheanacha arna rialú ag an dlí príobháideach, amhail EOPPEP, a ghníomhaíonn, i bhfeidhmiú a inniúlachta chun comhlachtaí gairmoiliúna a dheimhniú, mar eintiteas dlítheanach arna rialú ag an dlí poiblí agus a fheidhmíonn sainchumas údaráis phoiblí, faoi raon feidhme an choincheapa thuasluaite ós rud é i. i gcás gníomhaíochtaí áirithe dá chuid, amhail, go háirithe, seirbhísí gairmthreorach de gach cineál agus foirm a sholáthar do na comhlachtaí aireachta inniúla, ionaid agus comhlachtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna, gnóthais agus eagraíochtaí fostóirí agus oibrithe (Airteagal 14(2)(l) de Dhlí 4115/2013, Iris Rialtais A' 24), nach féidir a eisiamh, mar is léir ó Airteagal 14(2)(o) de Dhlí 4115/2013 — foráil lena leagtar síos na coinníollacha is gá chun seirbhísí comhairleoireachta agus gairmthreorach a sholáthar ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha sa Ghréig — go bhfuil margadh ann ina bhfeidhmíonn cuideachtaí tráchtála atá in iomaíocht leis iarratasóir; ii. faoi Airteagal 23(1)(d) den Dlí sin, go n-áirítear in acmhainní an iarratasóra ioncam as obair agus seirbhísí a dhéanamh arna leithdháileadh air ag an Aire [ag an Aire Oideachais] nó arna ndéanamh thar ceann tríú páirtithe amhail, *inter alia*, seirbhísí poiblí, eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, eintitis dlítheanacha arna rialú ag an dlí poiblí nó ag an dlí príobháideach agus ag daoine aonair; agus iii. go bhforáiltear le hAirteagal 20 de Dhlí 4115/2013 go n-íocfar táillí as gníomhaíochtaí eile an iarratasóra?

   c) An ndéanann sé difear do fhreagra na ceiste roimhe seo ós rud é nach ndéantar ach cuid de ghníomhaíochtaí (dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Dhlí 4115/2013) d'eintiteas dlítheanach príobháideachfaoi choinníollacha an mhargaidh? Agus má dhéanann, an leor go bhfuil foráil déanta ag an reachtóir – in Airteagal 14(2)(l) agus in Airteagal 23(1)(d), de Dhlí 4115/2013 – go ngníomhóidh an comhlacht, go páirteach ar a laghad, mar oibreoir margaidh, nó an gá a léiriú, le haghaidh gníomhaíochta ar leith, go bhfuil an t-oibreoir ag gníomhú, a bheag nó a mhór, faoi choinníollacha an mhargaidh?

2. a) Cén chiall atá ag na coincheapa 'staid', 'struchtúr' agus 'forbairt dhóchúil fostaíochta laistigh den ghnóthas', ar tosca iad uile a bhfuil oibleagáid ann fostaithe a chur ar an eolas ina leith agus dul i gcomhairle leo, de réir bhrí Airteagal 4 (2)(b) de Threoir 2002/14/CE?

   b) An dtagann an fhíric gur bhris, tar éis glacadh lena rialacha nua nós imeachta, eintiteas dlítheanach – sa chás seo EOPPEP – as poist bhainistíochta áirithe, gan deireadh a chur leis na poist sin, oibrithe a ceapadh go sealadach chucu tar éis don chomhlacht sin eintitis dlítheanacha arna rialú faoin dlí príobháideach EKEPIS agus EKEP a ionsú, faoi raon feidhme na gcoincheap thuasluaite, agus mar thoradh air sin go bhfuil oibleagáid ann oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo sula ndéantar iad a dhífhostú?

   c) An bhfuil tionchar ag an méid a leanas ar freagra na ceiste roimhe seo: (i) d'fhonn fostaí a bhaint de phost freagrachta, gur agair an comhlacht an gá lena feidhmiú cuí agus lena riachtanais reachtúla, ionas go bhféadfadh an eintiteas dlítheanach na cuspóirí ar cruthaíodh iad ina leith a bhaint amach, nó go ndearnadh an dífhostú mar gheall ar lochtanna i gcomhlíonadh dhualgais an fhostaí mar cheann roinne eatramhach? (ii) gur coinníodh oibrithe a

dífhostaíodh as poist bhainistíochta i bhfórsa saothair an eintitis dhlítheanaigh? nó (iii) gur ceapadh daoine eile go sealadach chuig poist bhainistíochta leis an gcinneadh céanna ó chomhlacht inniúil an eintitis dhlítheanaigh cuid dá fhostaithe a bhriseadh as poist bhainistíochta?

(1) Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo – Dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hionadaíocht fostaithe (IO 2002 L 80, lch. 29).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Krajský soud v Brně (Poblacht na Seice) a taisceadh an 20 Meitheamh 2022 – CV v Ministerstvo vnitra České republiky, Odbor azylové a migrační politiky**

**(Cás C-406/22)**

(2022/C 359/44)

*Teanga an cháis: an Seiceach*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Krajský soud v Brně

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* CV

*Cosantóir:* Ministerstvo vnitra České republiky, Odbor azylové a migrační politiky (Aireacht Intíre Phoblacht na Seice, An Roinn Beartais Tearmainn agus Imirce)

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. Ar cheart na critéir maidir le hainmniú tíortha sábháilte tionscnaimh chun críocha Airteagal 37(1) de Threoir 2013/32/AE [1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar in Iarscríbhinn I. (b) a ghabhann leis – i.e., go dtugann an tír lena mbaineann cosaint ar ghéarleanúint agus drochíde trí urramú na gceart agus na saoirsí atá leagtha síos sa Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, go háirithe na cearta nach féidir maolú a dhéanamh orthu faoi Airteagal 15(2) den choinbhinsiún sin – a léirmhíniú sa chaoi, má tharraingíonn an tír siar óna gealltanais faoin gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint le linn éigeandála faoi Airteagal 15 den Choinbhinsiún, nach gcomhlíonann sí a thuilleadh na critéir maidir le bheith ainmnithe mar thír shábháilte thionscnaimh?

2. Ar cheart Airteagail 36 agus 37 de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar Bhallstát tír sábháilte thionscnaimh a ainmniú go páirteach amháin, le heisceachtaí maidir le críocha áirithe nach mbeidh feidhm ag an toimhde go bhfuil an chuid sin den tír sábháilte don iarratasóir maidir leo, agus má ainmníonn an Ballstát tír le heisceachtaí críochacha mar seo mar thír shábháilte, nach féidir mar sin an tír lena mbaineann a mheas mar thír shábháilte thionscnaimh chun críche na Treorach?

3. Má tá freagra dearfach ar cheann den dá cheist sin, ar cheart Airteagal 46(3) de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú sa chaoi nach mór do chúirt a dhéanfaidh cinneadh maidir le hachomharc i gcoinne an chinnidh go bhfuil an t-iarratas gan bhunús go follasach, de bhun Airteagal 32(2) den Treoir sin, arna eisiúint in imeachtaí arna seoladh de bhun Airteagal 31(8)(b) den Treoir sin, a chur san áireamh. *ex officio* go bhfuil ainmniú na tíre mar thír shábháilte contrártha do dhlí an Aontais, mar gheall ar na cúiseanna a luaitear thuas, gan ghá don iarratasóir agóid a dhéanamh?

(1) IO 2013 L 180, lch. 60.

**Iarraidh ar réamhrialú ó Apelativen sad Sofia (an Bhulgáir) a taisceadh an 21 Meitheamh 2022 – UA v EUROBANK BULGARIA AD**

**(Cás C-409/22)**

(2022/C 359/45)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Apelativen sad Sofia

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir ag an gcéad chéim:* UA

*Cosantóir ag an gcéad chéim:* EUROBANK BULGARIA AD

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An ionann cumhacht aturnae faoina ndéanann an gníomhaire sócmhainní a dhiúscairt in ainm an íocóra trí ordú íocaíochta agus ionstraim íocaíochta de réir bhrí phointe 23 d'Airteagal 4 [de Threoir 2007/64/CE]? ([1])

2. An bhfuil an deimhniú "apastaile" a chuireann an t-údarás iasachta inniúil ar dhoiciméad de bhun Choinbhinsiún na Háige lena gcuirtear deireadh leis an gCeangal Fíoraithe i gcás Doiciméad Poiblí Coigríche mar chuid den nós imeachta deimhnithe don ionstraim íocaíochta agus don idirbheart íocaíochta de réir bhrí phointe 19 d'Airteagal 4, i gcomhar le hAirteagal 59(1), den Treoir sin?

3. Más amhlaidh go bhfuil an ionstraim íocaíochta (lena n-áirítear ionstraim lena n-údaraítear do thríú páirtí diúscairt a dhéanamh ar son an íocóra) in ord go foirmiúil (*prima facie*), an féidir leis an gcúirt náisiúnta glacadh leis go bhfuil an t-idirbheart íocaíochta údaraithe, is é sin, gur thoiligh an t-íocóir dó a dhéanamh?

([1]) Treoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoracha 97/7/CE, 2002/65/CE, 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 97/5/CE (IO 2007 L 319, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 21 Meitheamh 2022 – Thermalhotel Fontana Hotelbetriebsgesellschaft m.b.H.**

**(Cás C-411/22)**

(2022/C 359/46)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Thermalhotel Fontana Hotelbetriebsgesellschaft m.b.H.

*Údarás is cosantóir:* Bezirkshauptmannschaft Südoststeiermark

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An sochar breoiteachta de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (CE) 883/2004 ([1]) é cúiteamh as cailleadh tuillimh atá dlite d'fhostaithe a bhfuil COVID-19 tolgtha acu, nó a bhfuil amhras ann go bhfuil COVID-19 tolgtha acu nó a bhfuil COVID-19 gabhálach uathu, le linn dóibh a bheith ag leithlisiú, mar gheall ar an mbac a chuirtear ar a gcuid fostaíochta, atá le híoc ag an bhfostóir leis na fostaithe ar dtús, ach, ina dhiaidh sin, a dhlíonn an fostaí de Rialtas Cónaidhme na hOstaire tráth na híocaíochta?

I gcás ina dtugtar freagra diúltach ar Cheist 1:

2. An gcaitear Airteagal 45 CFAE agus ar Airteagal 7 de Rialachán (AE) 492/2011 ([2]) a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhfuil cúiteamh le deonú as cailleadh tuillimh a d'fhulaing oibrithe de thoradh ar leithlisiú arna ordú ag na húdaráis sláinte i gcás toradh deimhneach a bheith ar thástáil COVID- 19 (ar cúiteamh é atá iníoctha ag an bhfostóir lena oibrithe ar dtús, ar cúiteamh é a dhlitear ansin don fhostóir tráth na híocaíochta i ndáil le Rialtas Cónaidhme na hOstaire) faoi réir an choinníll go n-ordaíonn údarás de chuid na hOstaire an t-ordú leithlisithe de bhun forálacha dlí náisiúnta maidir le heipidéimí, rud a fhágfadh nach n-íoctar an cúiteamh sin d'oibrithe a bhfuil cónaí orthu, mar oibrí imeallchríche, i mBallstát eile agus gurb iad na húdaráis sláinte de chuid Ballstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu a ordaíonn leithlisiú ("coraintín") dóibh?

([1]) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO 2004 L 166, lch. 1).
([2]) Rialachán (AE) 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO 2011 L 141, lch. 1).

## Iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo (an Phortaingéil) a taisceadh an 21 Meitheamh 2022 – Autoridade Tributária e Aduaneira v NT

## (Cás C-412/22)

(2022/C 359/47)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Supremo Tribunal Administrativo

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

*Cosantóir:* NT

### Na ceisteanna a tharchuirtear:

1. An féidir Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/278 ([1]) a léiriú sa chaoi gurb éard atá i gceist le dleachtanna frithdhumpála a aisghairm, chomh maith le bheith i bhfeidhm maidir leis an todhchaí ón 28 Feabhra 2016 amach, ná go bhfuil tionchar acu ar allmhairí ceanglóirí atá faoi réir na ndleachtanna sin go dtí an 27 Feabhra 2016 ach go n-íoctar (dleachtanna frithdhumpála agus dleachtanna eile) ar dháta i ndiaidh an 28 Feabhra 2016 (an aisghabháil iar-imréitigh)?

2. An dtabharfaí freagra éagsúil ar an gcéad cheist i gcás ina meastar go bhfuil an aisghabháil iar-imréitigh bunaithe ar athscríbhinn arna baint, de bhun chinneadh ón 21 Aibreán 2017, ó imscrúdú coiriúil arna thionscnamh ar bhonn fhianaise arna soláthar ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), mar chuid den fhiosrúchán OLAF CASE OF/2010/0697, AM 2010/016-(2012)S01, inar cinneadh gur de thionscnaimh neamhfhabhrach na Síne na hearraí a allmhairíodh go dtí an Comhphobal Eorpach i gcoimeádáin (…) agus (…) an 3 Aibreán 2010 agus i gcoimeádáin (…) agus (…) an 24 Aibreán 2010?

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/278 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2016 lena n-aisghairtear an dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, dleacht a leathnaítear amach chun allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach arna gcoinsíniú ón Malaeis a chuimsiú, cibé acu a dhearbhaítear nó nach ndearbhaítear gur de thionscnamh na Malaeise iad (IO 2016 L 52, lch. 24).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof (an Ostair) an 21 Meitheamh 2022 – DocLX Travel Events GmbH v Verein für Konsumenteninformation**

**(Cás C-414/22)**

(2022/C 359/48)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Oberster Gerichtshof (an Ostair)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir san achomharc ar phointe dlí:* DocLX Travel Events GmbH

*Cosantóir san achomharc ar phointe dlí:* Verein für Konsumenteninformation

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcaithfear Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2015/2302 [1] a léiriú sa chiall go bhfuil an taistealaí – beag beann ar an am a ndearbhaítear tarraingt siar ón gconradh – i dteideal tarraingt siar ón gconradh saor in aisce má tharla na himthosca eisceachtúla agus dosheachanta, a théann i bhfeidhm go mór ar an turas láneagraithe ar dháta tosaithe (beartaithe) an turais?

2) An gcaithfear Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2015/2302 a léiriú sa chiall go bhfuil an taistealaí i dteideal leas a bhaint as an gceart chun tarraingt siar ón gconradh saor in aisce más rud é, tráth an dáta a ndearbhaíonn sé tarraingt siar ón gconradh, go rabhthas ag súil le himthosca eisceachtúla agus dosheachanta?

(1) Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO 2015 L 326, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal du travail francophone de Bruxelles (an Bheilg) an 20 Meitheamh 2022 – JD v Acerta – Caisse d’assurances sociales ASBL, Institut national d’assurances sociales pour travailleurs indépendants (Inasti), Stát na Beilge**

**(Cás C-415/22)**

(2022/C 359/49)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal du travail francophone de Bruxelles

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* JD

*Cosantóirí:* Acerta – Caisse d’assurances sociales ASBL, Institut national d’assurances sociales pour travailleurs indépendants (Inasti), Stát na Beilge

**An cheist a tharchuirtear**

An gcuirtear bac, le prionsabal dhlí an Aontais bunaithe ar aonfhoirmeacht an chórais slándála sóisialta is infheidhme maidir le hoibrithe, fostaithe nó daoine féinfhostaithe, ag obair nó ar scor, ar Bhallstát cónaithe oifigeach ar scor ón gCoimisiún Eorpach atá féinfhostaithe a chur faoi réir a chóras slándála sóisialta agus a cheangal air ranníocaíochtaí slándála sóisialta “dlúthpháirtíochta” a íoc, amhail sa chás seo, cé go bhfuil an t-oifigeach ar scor sin faoi réir chóras slándála sóisialta éigeantaigh an Aontais agus nach bhfaigheann sé aon tairbhe, ó thaobh sochair ranníocacha, ná ó thaobh sochair neamhranníocacha, as an gcóras náisiúnta a bhfuil sé faoina réir?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal de première instance du Luxembourg (Cúirt Chéadchéime Lucsamburg, an Bheilg) a taisceadh an 21 Meitheamh 2022 – SA Cezam v Stát na Beilge**

**(Cás C-418/22)**

(2022/C 359/50)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal de première instance du Luxembourg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* SA Cezam

*Cosantóir:* Stát na Beilge

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) Maidir le hAirteagail 62(2), 63, 167, 206, 250 agus 273 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha [1] agus prionsabal na comhréireachta, arna léiriú, *inter alia*, i mbreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 8 Bealtaine 2019 EN.SA (C-712/17), arna léamh i gcomhar le prionsabal na neodrachta, an gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta amhail Airteagal 70, § 1 den Chód CBL, Airteagal 1 agus Ceannteideal V de Thábla G atá i gceangal le Foraithne Ríoga Uimh. 41 ag socrú méid na bhfíneálacha cánach comhréireacha le haghaidh cánach breisluacha, faoina ndéantar, i gcás míchruinneas a aimsíodh le linn iniúchadh cuntas maidir lena n-ábhar, d'fhonn pionós a ghearradh i leith idirbhearta incháinithe nár iontráladh, go hiomlán nó go páirteach agus ar mhéid níos mó ná EUR 1 250,00, pionós a ghearradh ar an sárú le fíneáil chnapshuime arna laghdú faoi 20 % den cháin atá dlite, gan an cháin ionchuir arna híoc nár asbhaineadh, mar gheall ar easpa dearbhaithe, a bheith inasbhainte chun an fhíneáil a ríomh agus fad nach bhfuil feidhm, faoi mhír 2 d'Airteagal 1 d'Fhoraithne Ríoga Uimh. 41, ag an scála laghdaithe dá bhforáiltear i dTáblaí A go J den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ordú seo ach amháin ar choinníoll go ndearnadh na cionta ar gearradh pionós orthu gan rún an cháin a sheachaint nó an méid sin a éascú?

2) An amhlaidh gur íoc an duine incháanach méid na cánach is iníoctha go deonach nó nach ea tar éis an iniúchta d'fhonn neamhdhóthanacht íocaíocht na cánach a leigheas agus, dá bhrí sin, an cuspóir a bhaint amach chun bailiú ceart na cánach a chinntiú, an mbeadh tionchar ag an méid sin ar fhreagra na ceiste?

(1) IO 2006 L 347, lch. 1.

---

**Achomharc arna thabhairt an 27 Meitheamh 2022 ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra) a tugadh an 27 Aibreán 2022 i gCás T-750/20, Correia v CESE**

**(Cás C-423/22 P)**

(2022/C 359/51)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) (ionadaithe: M. Pascua Mateo, A. Carvajal García-Valdecasas, L. Camarena Januzec, Gníomhairí, agus B. Wägenbaur, Rechtsanwalt)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Paula Correia

**An t-ordú atá á lorg**

1. Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Aibreán 2022 a chur ar neamhní a mhéid a dhearbhaítear leis go bhfuil an t-iarratas ar athmhúnlú gairmréime inghlactha agus diúltú don ordú atá á lorg ag an iarratasóir ag an gcéadchéim;

2. A ordú don pháirtí eile sna himeachtaí costais na n-imeachtaí a íoc, lena n-áirítear iad siúd a tabhaíodh os comhair na Cúirte Ginearálta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Ina achomharc, éilíonn CESE sárú ar choincheap na tréimhse réasúnaí chun iarratas ar athmhúnlú gairmréime a thaisceadh, chomh maith le sárú ar an gcásdlí maidir leis na tosca atá le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil an tréimhse réasúnta.

Éilítear leis an gcéad saincheist dlí aicmiú dlíthiúil mícheart. Maítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta cuid d'ábhar an ráitis cosanta agus an athfhreagra a shaobhadh agus go ndearna sí aicmiú neamhiomlán ar na fíorais agus aicmiú neamhiomlán dlíthiúil.

Éilítear leis an dara saincheist dlí sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Corte suprema di cassazione (an Iodáil) an 28 Meitheamh 2022 – Scuola europea di Varese v PD agus LC, i gcáil daoine a fheidhmíonn údarás tuismitheora ar an mionaoiseach NG**

**(Cás C-431/22)**

(2022/C 359/52)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Corte suprema di cassazione

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Scuola europea di Varese

*Cosantóirí:* PD agus LC, i gcáil daoine a fheidhmíonn údarás tuismitheora ar an mionaoiseach NG

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaitear an chéad fhrása den chéad fhomhír d'Airteagal 27(2) den Choinbhinsiún lena sainítear Reacht na Scoileanna Eorpacha, arna dhéanamh i Lucsamburg an 21 Meitheamh 1994, a léirmhíniú sa chaoi go bhfuil inniúlacht eisiach ag an gcéadchéim agus ag an gcéim deiridh ag an mbord achomhairc dá dtagraítear leis chun rialú a dhéanamh, tar éis teacht chun deiridh an nós imeachta riaracháin dá bhforáiltear le Rialachán Ginearálta [na Scoileanna Eorpacha], in aon díospóid maidir leis an gcinneadh athdhéanta arna ghlacadh ag an gcomhairle ranga i leith dalta meánscoile?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Administratīvā rajona tiesa (an Laitvia) an 30 Meitheamh 2022 – AS "Latvijas valsts meži" v Dabas aizsardzības pārvalde, Vides pārraudzības valsts birojs, le páirtí eile sna himeachtaí Valsts meža dienests**

**(Cás C-434/22)**

(2022/C 359/53)

*Teanga an cháis: an Laitvis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Administratīvā rajona tiesa (an Laitvia)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* AS "Latvijas valsts meži"

*Cosantóir:* Dabas aizsardzības pārvalde, Vides pārraudzības valsts birojs

*Páirtí eile sna himeachtaí*: Valsts meža dienests

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) An dtagraíonn an coincheap "tionscadal" de réir bhrí Airteagal 1(2)(a) de Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol ([1]) freisin do ghníomhaíochtaí a dhéantar i limistéar foraoise d'fhonn a áirithiú go gcoimeádtar an bonneagair chun foraoisí a chosaint ar dhóiteáin sa réimse seo, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos leis na rialacháin maidir le tinte a chosc?

2) Más dearfach an freagra ar Cheist 1, an gcaithfear gníomhaíochtaí a dhéantar i limistéar foraoiseachta chun bonneagar cosanta dóiteáin foraoise a choimeád sa limistéar sin, de réir cheanglais na rialachán um chosc dóiteáin, a mheas, de réir bhrí Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992, maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáin ([2]), mar thionscadal atá nasctha go díreach [nó] riachtanach le bainistiú an tsuímh atá i gceist, ionas nach mbeidh na gníomhaíochtaí sin faoi réir an nós imeachta chun measúnú a dhéanamh ar limistéir chaomhantais speisialta a bhfuil tábhacht phobail ag baint leo (Natura 2000)?

3) Más diúltach an freagra ar Cheist 2, an gciallaíonn Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992, maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáin go bhfuil oibleagáid ann meastóireacht a dhéanamh ar phleananna agus ar thionscadail (gníomhaíochtaí) ar dócha, gan a bheith nasctha go díreach nó riachtanach le bainistiú an limistéir speisialta caomhnaithe atá i gceist, go mbeidh tionchar suntasach acu ar limistéir chaomhantais a bhfuil tábhacht chomhphobail ag baint leo (Natura 2000), ach a dhéantar mar sin féin i gcomhréir le rialacháin náisiúnta chun na ceanglais maidir le cosaint agus comhrac dóiteáin foraoise a chomhlíonadh?

4) Más dearfach an freagra ar Cheist 3, an féidir leanúint le gníomhaíocht den sórt sin agus é a thabhairt chun críche sula gcuirfear an nós imeachta meastóireachta *ex-post* i bhfeidhm do limistéir chaomhantais speisialta a bhfuil tábhacht chomhphobail ag baint leo (Natura 2000)?

5) Más dearfach an freagra ar Cheist 3, an bhfuil oibleagáid ar na húdaráis inniúla cúiteamh as an damáiste a éileamh agus bearta a ghlacadh chun aon tionchair shuntasacha a leigheas, mura bhfuil measúnú déanta ar shuntasacht an tionchair le linn an phróisis measúnaithe ar limistéir chaomhantais speisialta a bhfuil tábhacht chomhphobail ag baint leo (Natura 2000)?

([1]) IO 2012, L 26, lch. 1.
([2]) IO 1992, L 206, lch. 7.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Superior de Justicia de Castilla y León (an Spáinn) a taisceadh an 1 Iúil 2022 – Asociación para la Conservación y Estudio del Lobo Ibérico (ASCEL) v Administración de la Comunidad Autónoma de Castilla y León**

**(Cás C-436/22)**

(2022/C 359/54)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Superior de Justicia de Castilla y León

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Asociación para la Conservación y Estudio del Lobo Ibérico (ASCEL)

*Cosantóir:* Administración de la Comunidad Autónoma de Castilla y León

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

Ó tharla gurb é is cuspóir le gach beart arna ghlacadh ag Ballstát de bhun Airteagal 2(2) de [Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú ("an Treoir maidir le Gnáthóga") ([1])] ná go gcoinneofaí nó go n-aisireofaí stádas caomhantais fabhrach na speiceas ainmhithe ar de leas an Chomhphobail iad, amhail an mac tíre (*Canis lupus*):

1. An gcuirtear cosc le hAirteagail 2(2), 4, 11, 12, 14, 16 agus 17 den Treoir maidir le Gnáthóga ar Dhlí Comhphobail fhéinrialaitheach (Ley 4/1996, de 12 de julio, de Caza de Castilla y León [Dlí 4/1996 an 12 Iúil um Fhiach in Castilla agus León, an Spáinn] agus, ina dhiaidh sin, Ley 4/2021, de 1 de julio, de Caza y de Gestión Sostenible de los Recursos Cinegéticos de Castilla y León [Dlí 4/2021 an 1 Iúil um Fhiach agus um Acmhainní Cinegéiteacha a Bhainistiú go hInbhuanaithe in Castilla de León, an Spáinn]) lena ndearbhaítear an mac tíre a bheith ina speiceas cinegéiteach agus infhiachta agus dá bhrí sin, go n-údaraítear saothrú réigiúnach ar an mac tíre i mbráití fiaigh le linn na séasúr 2019/2020, 2020/2021 agus 2021/2022, in ainneoin, de réir na tuarascála arna seoladh ag an Spáinn chuig an gCoimisiún Eorpach in 2019 maidir leis an tréimhse sé bliana idir 2013 agus 2018, go bhfuil stádas "neamhfhabhrach-easnamhach" aige, rud a ghríosaigh an Stát (an Ballstáit, Airteagal 4 den Treoir maidir le Gnáthóga) leis na pobail go léir den mhac tíre sa Spáinn a chur le liosta na speiceas fiáin atá faoi chosaint speisialta agus ar an gclár Spáinneach de na speicis atá i mbaol, lenar cuireadh na pobail atá lonnaithe lastuaidh den Duero faoi dhianchosaint chomh maith?

2. An bhfuil sé i gcomhoiriúnacht leis an gcuspóir sin go gcuirtear an mac tíre faoi chosaint ar leith de réir cibé an bhfuil fáil air lastuaidh den abhainn Duero nó laisteas den abhainn Duero nuair a chuirtear san áireamh (i) go meastar go bhfuil an t-idirdhealú a dhéantar faoi láthair neamhchuí ó thaobh na heolaíochta de, (ii) gur neamhfhabhrach an measúnú ar a stádas caomhantais sna trí réigiún ina bhfuil fáil air sa Spáinn, eadhon an Réigiún Alpach, an Réigiún Atlantach agus Réigiún na Meánmhara, le linn na tréimhse 2013-2018, (iii) gur speiceas faoi dhianchosaint é sna Ballstát go léir agus, go háirithe, sa Phortaingéil, ar tír í lena roinntear réigiún; agus (iv) foirceadal Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis an limistéar dáilte nádúrtha agus leis an raon feidhme críochach atá le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar a stádas caomhantais, gur comhréirí leis an Treoir sin, gan dearmad ar Airteagal 2(3) di, an mac tíre a chur san áireamh in Iarscríbhinní II agus IV, gan idirdhealú a dhéanamh idir lastuaidh den Duero agus laisteas den Duero, sa dóigh nach bhféadfaí an mac tíre a ghabháil agus a mharú ach amháin i gcás nach bhfuil a mhalairt de rogha shásúil ann de réir na dtéarmaí agus na riachtanais dá bhforáiltear in Airteagal 16?

   I gcás ina gcinntear go bhfuil údar leis an idirdhealú:

3. An gcumhdaítear saothrú cinegéiteach an mhic tíre, i bhfocal eile, a fhiach, faoin téarma "dúshaothrú a dhéanamh" in Airteagal 14 den Treoir i bhfianaise an tábhacht ar leith atá ag gabháil leis an speiceas seo (tá tosaíocht aige i limistéir chríochacha eile), agus é á thabhairt chun cuimhne gur ceadaíodh an mac tíre a fhiach go dtí seo agus gur deimhníodh go raibh stádas neamhfhabhrach aige sa tréimhse idir 2013 agus 2018?

4. An gcuirtear cosc le hAirteagal 14 den Treoir maidir le Gnáthoga ar dhearbhú, de réir dlí (Airteagal 7 agus Iarscríbhinn I den Dhlí 4/1996 an 12 Iúil um Fhiach in Castilla agus León, an Spáinn agus, ina dhiaidh sin, Dlí 4/2021 an 1 Iúil um Fhiach agus um Acmhainní Fiaigh a bhainistiú go hinbhuanaithe in Castilla de León, an Spáinn]), gur speiceas infhiachta an mac tíre lastuaidh den abhainn Duero agus lena gceadaítear plean um shaothrú réigiúnach an mhic tíre ar na bráití fiaigh lastuaidh den abhainn Duero sna séasúir 2019/2020, 2020/2021 agus 2021/2022, gan faisnéis ar bith a bheith ar fáil le measúnú a dhéanamh ar cibé an ndearnadh an faireachas dá bhforáiltear in Airteagal 11 den Treoir, gan móráireamh seolta ó 2012-2013 i leith agus gan faisnéis leordhóthanach, oibiachtúil, eolaíoch agus cothrom le dáta ar chás an mhic tíre sa chomhad ar baineadh úsáid as chun an plean um shaothrú réigiúnach a chur le chéile i gcás inarb amhlaidh, le linn na tréimhse 2013 go 2018 sna trí réigiún ina bhfuil an mac tíre le fáil sa Spáinn, eadhon an Réigiún Alpach, an Réigiún Atlantach agus Réigiún na Meánmhara, gur measúnaíodh go raibh stádas caomhantais neamhfhabhrach ag an mac tíre?

5. I bhfianaise Airteagail 4, 11 agus 17 den Treoir maidir le Gnáthóga, an iad na tuarascálacha a chuireann an Ballstát le chéile gach sé bliana nó, de réir mar a bheidh, i dtréimhse ní ba ghiorra, a chuirtear le chéile mar chuid de choiste eolaíoch amhail an coiste arna chruthú leis an Real Decreto 139/2011 [Foraithne Ríoga Uimh. 139/2011, an Spáinn], á chur san áireamh go bhfuil pobail na mac tíre le fáil i limistéir Comhphobal féinrialaitheach éagsúla agus á chur san áireamh gur ghá measúnú "ar scála mór" a dhéanamh ar na bearta arb ábhar dóibh na pobail áitiúla, i gcomhréir le breithiúnais Chúirt Bhreithiúnas an Aontais Eorpaigh an 10 Deireadh Fómhair 2019, C-674/17 ([2]), na tuarascálacha a mheastar a phléann le stádas caomhaontais an mhic tíre a chinneadh (fíorlíon reatha na bpobal; dáileadh geografach na bpobal, ráta síolraithe na bpobal srl.)?

([1]) IO 1992, L 206, lch. 7.
([2]) EU:C:2019:851.

**Achomharc arna thabhairt an 6 Iúil 2022 ag Poblacht na Slóivéine i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra) a tugadh an 27 Aibreán 2022 i gCás T-392/20, Petra Flašker v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-447/22 P)**

(2022/C 359/55)

*Teanga an cháis: an tSlóivéinis*

## Páirtithe

*Achomharcóir:* Poblacht na Slóivéine (ionadaí: B. Jovin Hrastnik)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Petra Flašker, an Coimisiún Eorpach

## An t-ordú atá á lorg

Iarann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— breithiúnas na Cúirte Ginearálta a chur ar neamhní ina iomláine,

— diúltú don chaingean, agus

— a ordú don iarratasóir sa chéadchéim na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí a íoc.

Má mheasann an Chúirt nach féidir rialú a dhéanamh sa chás, iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— breithiúnas na Cúirte Ginearálta a chur ar neamhní ina iomláine agus

— an cás a tharchur ar ais chun na Cúirte Ginearálta.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

1. Líomhnaítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus trí Airteagal 108(2) agus (3) CFAE agus Airteagal 4(2) agus (3) de Rialachán 2015/1589 ([1]) a léirmhíniú ar bhealach earráideach, nár shainigh sí raon feidhme na n-oibleagáidí atá ar an gCoimisiún le linn na tréimhse scrúdaithe tosaigh den bheart a dtugtar fógra ina leith i gceart agus nach ndearna sí measúnú ceart ar láithreacht deachrachtaí tromchúiseacha a bhí os comhair an Choimisiúin agus anailís á dhéanamh aige ar na bearta lena mbaineann, eadhon na sócmhainní faoi bhainistíocht a bhfuair Lekarna Ljubljana p.o. agus Lekarna Ljubljana i ndiaidh 1979.

2. Líomhnaítear nár chuir an Chúirt Ghinearálta an dlí i bhfeidhm i gceart trí na fíorais a cháiliú ar bhealach earráideach sa dlí agus trí theacht chun na conclúide, go mícheart, maidir leis na sócmhainní faoi bhainistíocht arna ndeonú go Lekarna Ljubljana p.o. in 1979 agus arna n-aistriú go Lekarna Ljubljana in 1997, go raibh deacrachtaí tromchúiseacha os comhair an Choimisiúin agus ba chóir dó, mar gheall air sin, an nós imeachta scrúdaithe dá bhforáiltear in Airteagal 108(2) CFAE a chur ar bun sa chás seo.

3. Líomhnaítear nár chuir an Chúirt Ghinearálta an dlí i bhfeidhm i gceart toisc nach bhfuil forais leordhóthanacha leis an mbreithiúnas.

4. Líomhnaítear gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta an nós imeachta trí gearráin ghinearálta an iarratasóra a chur san áireamh ar thaobh amháin, ach, ar an taobh eile, gan argóintí an Choimisiúin ina ráiteas cosanta a chur san áireamh. Agus sin á dhéanamh, rinneadh sárú ar cheart an Choimisiúin chun leighis éifeachtaigh agus chun breithimh neamhchlaonta, agus rinneadh damáiste ag an am céanna do leasanna an achomharcóra.

([1]) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO 2015 L 248, lch. 9).

**Achomharc arna thabhairt an 6 Iúil 2022 ag Stiftung für Forschung und Lehre (SFL) i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Tríú Dlísheomra méadaithe) an 1 Meitheamh 2022 i gCás T-481/17, Fundación Tatiana Pérez de Guzmán el Bueno agus SFL v BRA**

**(Cás C-448/22 P)**

(2022/C 359/56)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Stiftung für Forschung und Lehre (SFL) (ionadaithe: R. Pelayo Jiménez agus A. Muñoz Aranguren, abogados)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* An Bord Réitigh Aonair (BRA), Ríocht na Spáinne, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach, Banco Santander, SA, Fundación Tatiana Pérez de Guzmán el Bueno

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Tríú Dlísheomra méadaithe) an 1 Meitheamh 2022 agus Cinneadh ó sheisiún feidhmiúcháin an Bhoird Réitigh Aonair (BRA) SRB/EES/2017/08 an 7 Meitheamh 2017 maidir le scéim réitigh i dtaobh Banco Popular Español, S. A. a chur ar neamhní;

— mar mhalairt air sin, i gcás ina mheasann an Chúirt nach gceadaíonn staid na n-imeachtaí rialú a dhéanamh ar shubstaint an cháis, an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní, agus an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun rialú nua a thabhairt i gcomhréir le breithiúnas na Cúirte;

— i gcás ar bith, a ordú do BRA costais an achomhairc seo agus costais na caingne le haghaidh neamhniú arna dtabhú os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc, agus a ordú do BANCO SANTANDER a chostais féin sa dá chéim sin a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

— An chéad saincheist, lena n-éilítear go bhfuil an ceart chun cosanta breithiúnaí éifeachtaí (Airt. 47 den Chairt), Airteagal 21 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Airteagail 76(d) agus 103(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta agus cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duinemaidir leis an gceart chun trialach córa (úsáid fianaise ábhartha agus rochtain ar an gceartas) á sárú leis an mbreithiúnas faoi achomharc.

— An dara saincheist, lena n-éilítear go bhfuil an ceart chun cosanta breithiúnaí éifeachtaí (Airt. 47 den Chairt), Airteagal 21 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Airteagal 103(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta agus prionsabal na stuamachta a chuirtear i bhfeidhm leis an Sásra Réitigh Aonair á sárú le breithiúnas na Cúirte.

— An tríú saincheist, lena n-éilítear go bhfuil an oibleagáid réasúin a shonrú, nach gcuirtear ina cheart leis an mbreithiúnas faoi achomharc, chomh maith le prionsabal an chomhionannais arm (Airt. 47 den Chairt) á sárú le cinneadh an BRA.

— An ceathrú saincheist, lena n-éilítear go bhfuil Airteagail 17 agus 52 den Chairt á sárú agus go bhfuil hAirteagal 20(16) de Rialachán Uimh. 806/2014 á léiriú go neamhdhleathach leis an mbreithiúnas faoi achomharc. ([1])

— An cúigiú saincheist, lena n-éilítear go bhfuil Airteagal 18(1)(b) de Rialachán Uimh. 806/2014 á sárú, toisc go séantar leis an mbreithiúnas faoi achomharc go gcuirfí an cinneadh réitigh ar neamhní go hiomlán dá mbeadh bearta luath-idirghabhála ann lena gcuirfí cosc le cliseadh Banco Popular.

— An séú saincheist, lena n-éilítear go ndearnadh earráid dlí gan dearbhú go bhfuil líne leachtachta éigeandála arna fhormheas ag Banco de España agus ag BCE ann chun dul i ngleic leis an ngéarchéim leachtacha. Sárú ar Airteagal 18(1) SRMR.

— An seachtú saincheist, lena n-éilítear go bhfuil Airteagail 20(1) agus 20(5)(b) de Rialachán 806/2014 á sárú toisc gur rialaíodh le breithiúnas na Cúirte Ginearálta go raibh stádas "shaineolaí neamhspleách" ag Deloitte.

— An t-ochtú saincheist, lena n-éilítear go bhfuil Airteagal 24 de Rialachán 806/2014 agus Airteagal 39(2)(b)(d) agus (f) de Threoir 2014/59 ([2]) á sárú leis an mbreithiúnas faoi achomharc, toisc nár comhlíonadh an oibleagáid an praghas díola a uasmhéadú mar chuid den phróiseas réitigh agus toisc nár comhlíonadh prionsabal an chomhionannais agus prionsabal na trédhearcachta idir na tairgeoirí ionchasacha.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

([2]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Landgericht Ravensburg (an Ghearmáin) an 8 Iúil 2022 – VX agus AT v Gemeinde Ummendorf

**(Cás C-456/22)**

(2022/C 359/57)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Landgericht Ravensburg

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóirí:* VX, AT

*Cosantóir:* Gemeinde Ummendorf

### An cheist a tharchuirtear

An bhfuil coincheap an damáiste neamhábhartha in Airteagal 82(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ([1]) le léiriú mar ní a chiallaíonn go dteastaíonn míbhuntáiste suntasach agus lagú leasanna pearsanta atá sothuigthe go hoibiachtúil chun damáiste neamhábhartha a thoimhdiú, nó an leordhóthanach chun na críche sin an caillteanas gearrthéarmach amháin ar smacht neamhshrianta an duine is ábhar do na sonraí, ar a shonraí, mar gheall ar fhoilsiú sonraí pearsanta ar an idirlíon ar feadh tréimhse cúpla lá, nach raibh aon iarmhairtí suntasacha nó díobhálacha aige don duine is ábhar do na sonraí?

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

---

## Caingean arna tionscnamh an 8 Iúil 2022 – an Coimisiún Eorpach v Ríocht na hÍsiltíre

**(Cás C-459/22)**

(2022/C 359/58)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaí: W. Roels, i gcáil Gníomhaire)

*Cosantóir:* Ríocht na hÍsiltíre

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— A dhearbhú gur mhainnigh Ríocht na hÍsiltíre na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar an mBallstát faoi Airteagail 45, 56 agus 63 CFAE trí fhormheas agus coimeád i bhfeidhm na gceanglas maidir le haistrithe caipitil pinsin a leagtar amach in Airteagail 19a(1)(d) augs 19b(1) agus (2) de Wet op de Loonbelasting 1964 (An tAcht um Cháin ar Phá 1964), in Airteagal 40c den Uitvoeringsregeling Invorderingswet (Foraithne Cur Chun Feidhme an Achta um Chánacha a Bhailiú), in Airteagal 10d(3) den Uitvoeringsbesluit Loonbelasting 1965 (Foraithne Cur Chun Feidhme an Achta um Cháin ar Phá 1965) agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le besluit IV DGB2012/7010M inzake internationale aspecten van pensioenen (Cinneadh DGB2012/7010M maidir le gnéithe idirnáisiúnta na bpinsean) a fhormheas agus a choimeád i bhfeidhm;

— a ordú do Ríocht na hÍsiltíre na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil reachtaíocht na hÍsiltíre i dtaobh ceanglais maidir le haistriú caipitil pinsin a fabhraíodh faoin "dara colún", mar a thugtar air, ar pinsean forlíontach é a fhabhraítear tríd an bhfostóir, ar neamhréir le saorghluaiseacht oibrithe, sheirbhísí agus chaipitil. Cé go bhfuil feidhm ag na ceanglais seo maidir le haistrithe intíre agus maidir le haistrithe eachtracha, is fusa iad a chomhlíonadh ag soláthraithe pinsin intíre ná ag soláthraithe pinsin eachtracha ar mian leo seirbhísí pinsin a chur ar fáil ina mBallstát cónaithe d'fhostaithe atá ag obair ann a bhfuil caipiteal pinsin fabhraithe acu san Ísiltír cheana féin. Mura chomhlíontar ceanglais na reachtaíochta, cuirfidh na caipitil phinsin a fabhraíodh san Ísiltír san áireamh sa tobhach.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 11 Iúil 2022 – BM v LO**

**(Cás C-462/22)**

(2022/C 359/59)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* BM

*Cosantóir san achomharc ar phointe dlí:* LO

**An cheist a tharchuirtear**

An dtosaíonn an tréimhse cháilitheach bliana nó sé mhí faoin gcúigiú agus faoin séú fleasc d'Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ([1]) don iarratasóir le bunú a ghnátháite cónaithe i mBallstát na cúirte a dtugtar an cás os a comhair nó an leor é, ag tús na tréimhse cáilithí ábhartha, go bhfuil áit chónaithe, agus sin amháin, ag an iarratasóir i Stát na cúirte a dtugtar an cás os a comhair agus go ndaingníonn sé a ghnátháit chónaithe ina dhiaidh sin, le linn na tréimhse sula ndéantar an t-iarratas?

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 November 2003 maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus le freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000 (IO 2003 L 338, lch. 1).

---

**Achomharc arna thabhairt an 26 Iúil 2022 ag Finanziaria d'investizio Fininvest SpA (Fininvest) i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra, Comhdhéanamh leathnaithe) an 11 Bealtaine 2022 i gCás T-913/16, Finanziaria d' investment Fininvest SpA (Fininvest), Silvio Berlusconi v an Banc Ceannais Eorpach (BCE)**

**(Cás C-512/22 P)**

(2022/C 359/60)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Finanziaria d'investimento Fininvest SpA (Fininvest) (ionadaithe: M. Carpinelli, R. Vaccarella, A. Baldaccini, A. Saccucci, Dlíodóirí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* An Banc Ceannais Eorpach, An Coimisiún Eorpach, Silvio Berlusconi

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

1. an breithiúnas atá faoi achomharc ón gCúirt Ghinearálta an 11 Bealtaine 2022 a chur ar ceal;

2. dá réir sin, cinneadh an BCE an 25 Deireadh Fómhair 2016 a neamhniú;

3. mar mhalairt air sin, i gcás ina measann an Chúirt Bhreithiúnais nach féidir léi breithiúnas a thabhairt sa chás seo, breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 11 Bealtaine 2022 a chur ar ceal agus an cás a tharchur ar ais chuig Dlísheomra eile de chuid na Cúirte Ginearálta;

4. a ordú don BCE na costais a íoc lena n-áirítear costais na n-imeachtaí ag an gcéad chéim;

5. i réamh-imscrúdú, má mheastar gur gá, na bearta eagraíochtúla nó na modhanna imscrúdaithe iomchuí a shocrú chun miontuairiscí na héisteachta an 16 Mean Fómhair 2021 a fháil agus taifead fuaime na héisteachta.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

**An chéad saincheist dlí**. Earráid dlí sa mheasúnú ar éifeachtaí an rialaithe arna fheidhmiú ag iarratasóirí ar Banca Mediolanum — Earráid mheasúnaithe fhollasach agus saobhadh na bhfíoras a mhéid a bhaineann le héadáil an sealúchais cháilithigh — ionadú neamhdhleathach forais an bhirt atá á chonspóid — Sárú ar phrionsabal an phróisis sáraíochta gur cheart éisteacht a thabhairt do na páirtithe — Earráid dlí in aicmiú dlíthiúil sealúchais cháilithigh ó thaobh dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta — Mainneachtain an dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm — Sárú ar phrionsabal an chomhair dhílis — réasúnaíocht fhrithráiteach — *ultra vires*

Tá an saincheist seo roinnte ina sé chuid, lena gcumhdaítear na saincheisteanna seo a leanas:

A) an measúnú ar rialú comhpháirteach ar Banca Mediolanum arna fheidhmiú, "roimh an cumasc i gceist", ag na hiarratasóirí trí chomhaontú scairshealbhóirí arna dhéanamh le Fin. Prog. Italia: measúnú mícheart ar na hiarmhairtí;

B) stádas Silvio Berlusconi mar rannpháirtí cáilithe i Banca Mediolanum: atógáil mhícheart an tseichimh "Cinneadh ó Bhanc na hIodáile an 7.10.2014" — "cumasc" — "breithiúnas ón gComhairle Stáit an 3.03.2016"; na fíorais a shaobhadh agus earráid fhollasach an dlí;

C) réasúnú údar an bhirt atá faoi chonspóid a chur in ionad a réasúnaíochta féin ag an Chúirt Ghinearálta: sárú ar Airteagail 263 agus 264 CFAE;

D) coincheap nua na hEorpa maidir le sealúchas cáilitheach a fháil: neamhfheidhmiú an dhlí náisiúnta;

E) cruthaigh an Chúirt Ghinearálta cás nach bhforáiltear dó sa reachtaíocht Eorpach;

F) an t-idirdhealú idir sealúchas cáilitheach indíreach agus sealúchas cáilitheach díreach: sárú ar Airteagal 22 de CRD IV agus ar Airteagal 22 TUB.

**An dara saincheist dlí**. Earráidí dlí maidir leis an gcinneadh go bhfuil Treoir 2013/36/AE dleathach [1] — Sárú ar phrionsabal ginearálta na neamh-aisghníomhaíochta gníomhartha agus ar phrionsabal ginearálta na deimhneachta dlíthiúla — bréagnú follasach na réasúnaíochta

**An tríú saincheist dlí**. Earráidí dlí – Sárú ar phrionsabal res judicata agus ar phrionsabal ginearálta na deimhneachta dlíthiúla — Sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach (tagairt don Naoú saincheist) — Mainneachtain cúiseanna a lua

**An ceathrú saincheist dlí**. Earráidí dlí maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta lena dtrasuítear Treoir 2013/36/AE — Sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla — Mainneachtain fíoras cinntitheach a chur san áireamh a tháinig chun cinn le linn na n-imeachtaí (athshlánú) as ar eascair go huathoibríoch athcheannach na gceanglas sláine de bhun na reachtaíochta um thrasuíomh náisiúnta a chur san áireamh.

Tá an saincheist roinnte ina cheithre chuid, lena gcumhdaítear na saincheisteanna seo a leanas:

A) mainneachtain Airteagal 23 (1) de CRD IV a thrasuí sa dlí náisiúnta agus, in aon chás, neamhdhleathacht Fhoraithne Aireachta Uimh. 144/1998;

B) mainneachtain liosta (de na doiciméid atá le cur isteach chun críche údaraithe) dá bhforáiltear in Airteagal 23(4) de CRD IV a fhoilsiú;

C) neamh-infhorfheidhmitheacht threoirlínte 2008;

D) an beart athshlánúcháin a fuair Silvio Berlusconi: mainneachtain maidir le fíoras cinntitheach a tháinig chun cinn le linn na n-imeachtaí a chur san áireamh, as a dtagann athcheannach go huathoibríoch ar na ceanglais maidir le dea-cháil a athcheannach faoin reachtaíocht náisiúnta trasuite.

**An cúigiú saincheist dlí**. Earráid dlí maidir le léirmhíniú Airteagal 23 de Threoir 2013/36/AE maidir le hábharthacht an cheanglais maidir le tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfaighteoir beartaithe i gcás go gcaillfear dea-cháil faoin dlí náisiúnta

**An séú saincheist dlí**. Earráid dlí maidir le hábharthacht phrionsabal na comhréireachta i gcur i bhfeidhm Threoir 2013/36/AE i ndáil leis an gcineál uathoibríoch líomhnaithe a eascraíonn as an reachtaíocht náisiúnta trasuite —Toirmeasc ar uathoibreánachas — Mainneachtain nó réasúnaíocht neamhleor

**An seachtú saincheist dlí**. Earráid dlí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 [2] agus Airteagal 32 (1) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 [3] — Sárú ar an dlí náisiúnta ábhartha is infheidhme — Sárú ar Airteagal 41 agus Airteagal 47 den Chairt — réasúnaíocht neamhloighciúil agus bhréagnaitheach

**An t-ochtú saincheist dlí**. Neamhdhleathacht na tréimhse giorra (3 lá) a leagtar síos in Airteagal 31(3) de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 maidir le barúlacha a chur isteach — Sárú ar Airteagal 41 den Chairt agus ar phrionsabail ghinearálta chomhfhreagracha an dlí a eascraíonn as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit — réasúnaíocht neamhloighciúil agus bhréagnaitheach — Neamh-chomhlíonadh critéar réasúntachta agus comhréireachta na tréimhse agus mainneachtain na Cúirte Ginearálta dlínse a fheidhmiú ina leith sin

**An naoú saincheist dlí**. Earráid dlí maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 84 de Rialachán Uimh. 44/2001 i ndáil leis na pléadálacha nua a cuireadh isteach tar éis bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 19 Nollaig 2018 — Earráid mheasúnaithe fhollasach maidir le "heilimint dhlíthiúil nua" a bheith ann, mainneachtain cúiseanna a lua agus easpa agus aineolas follasach an ráitis ar chúiseanna — Sárú ar phrionsabal cosanta éifeachtaí breithiúnaí agus ar Airteagal 47 den Chairt — Mainneachtain údar a thabhairt don mhainneachtain na cúiseanna nua a scrúdú *ex officio*

**An deichiú saincheist dlí**. Earráid mheasúnaithe fhollasach maidir le hinghlacthacht na pléadála a bhaineann le conclúid dhearfach an tsannta promhaidh do na seirbhísí sóisialta a thabhairt – réasúnaíocht neamhloighciúil fhollasach — Sárú ar an dlí náisiúnta — Sárú ar Airteagal 84 de na Rialacha Nós Imeachta — Sárú ar phrionsabal cosanta éifeachtaí breithiúnaí agus ar Airteagal 47 den Chairt — Mainneachtain údar a thabhairt don mhainneachtain na cúiseanna a scrúdú *ex officio*

**An t-aonú saincheist dlí déag** Sárú ar Airteagal 85(3) de na Rialacha Nós Imeachta maidir le neamh-inghlacthacht na fianaise nua — Earráid mheasúnaithe i dtaobh ábharthacht chinneadh Chúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2018 agus breithiúnas na nDlísheomraí Comhpháirteacha den Corte di Cassazione (an Chúirt Freaschuir, an Iodáil) Uimh. 10355/2021 — Mainneachtain doiciméad cinntitheach a scrúdú maidir le hinghlacthacht na bpléadálacha nua — Sárú ar chearta na cosanta agus ar Airteagal 47 den Chairt go háirithe

(1) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO 2013 L 176, lch. 338).

(2) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa (IO 2013 L 287, lch. 63).

(3) Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat um chomhar laistigh den Sásra Maoirseachta Aonair idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis ainmnithe náisiúnta (Creat-Rialachán an tSásra Maoirseachta Aonair) (BCE/201417) (IO L 141, lch. 1).

## Achomharc arna thabhairt an 27 Iúil 2022 ag Silvio Berlusconi i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra, Comhdhéanamh leathnaithe) an 11 Bealtaine 2022 i gCás T-913/16, Finanziaria d' investmento Fininvest SpA (Fininvest), Silvio Berlusconi v an Banc Ceannais Eorpach (BCE)

**(Cás C-513/22 P)**

(2022/C 359/61)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Silvio Berlusconi (ionadaithe: A. Di Porto, N. Ghedini, B. Nascimbene, Dlíodóirí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* An Banc Ceannais Eorpach, An Coimisiún Eorpach, Finanziaria d'investimento Fininvest SpA

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

1. an breithiúnas atá faoi achomharc ón gCúirt Ghinearálta an 11 Bealtaine 2022 a chur ar ceal;

2. dá réir sin, cinneadh an BCE an 25 Deireadh Fómhair 2016 a neamhniú;

3. mar mhalairt air sin, i gcás ina measann an Chúirt Bhreithiúnais nach féidir léi breithiúnas a thabhairt sa chás seo, breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 11 Bealtaine 2022 a chur ar ceal agus an cás a tharchur ar ais chuig Dlísheomra eile de chuid na Cúirte Ginearálta;

4. a ordú don BCE na costais a íoc lena n-áirítear costais na n-imeachtaí ag an gcéad chéim;

5. i réamh-imscrúdú,

   a) a ordú go bhfaighfear doiciméid sa chomhad a dhearbhaíonn an Chúirt a bheith neamh-inghlactha nó neamh-inghlactha; agus,

   b) má mheastar gur gá, na bearta eagraíochtúla nó na modhanna imscrúdaithe iomchuí a shocrú chun miontuairiscí na héisteachta an 16 Mean Fómhair 2021 a fháil agus taifead fuaime na héisteachta.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

**An chéad saincheist dlí**. Earráid dlí sa mheasúnú ar éifeachtaí an rialaithe arna fheidhmiú ag iarratasóirí ar Banca Mediolanum — Earráid mheasúnaithe fhollasach agus saobhadh na bhfíoras a mhéid a bhaineann le héadáil an sealúchais cháilithigh — ionadú neamhdhleathach forais an bhirt atá á chonspóid — Sárú ar phrionsabal an phróisis sáraíochta gur cheart éisteacht a thabhairt do na páirtithe — Earráid dlí in aicmiú dlíthiúil sealúchais cháilithigh ó thaobh dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta — Mainneachtain an dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm — Sárú ar phrionsabal an chomhair dhílis — réasúnaíocht fhrithráiteach — *ultra vires*

Tá an saincheist seo roinnte ina sé chuid, lena gcumhdaítear na saincheisteanna seo a leanas:

A) an measúnú ar rialú comhpháirteach ar Banca Mediolanum arna fheidhmiú, "roimh an cumasc i gceist", ag na hiarratasóirí trí chomhaontú scairshealbhóirí arna dhéanamh le Fin. Prog. Italia: measúnú mícheart ar na hiarmhairtí;

B) stádas Silvio Berlusconi mar rannpháirtí cáilithe i Banca Mediolanum: atógáil mhícheart an tseichimh "Cinneadh ó Bhanc na hIodáile an 7.10.2014" — "cumasc" — "breithiúnas ón gComhairle Stáit an 3.03.2016"; na fíorais a shaobhadh agus earráid fhollasach an dlí;

C) réasúnú údar an bhirt atá faoi chonspóid a chur in ionad a réasúnaíochta féin ag an Chúirt Ghinearálta: sárú ar Airteagail 263 agus 264 CFAE;

D) coincheap nua na hEorpa maidir le sealúchas cáilitheach a fháil: neamhfheidhmiú an dhlí náisiúnta;

E) cruthaigh an Chúirt Ghinearálta cás nach bhforáiltear dó sa reachtaíocht Eorpach;

F) an t-idirdhealú idir sealúchas cáilitheach indíreach agus sealúchas cáilitheach díreach: sárú ar Airteagal 22 de CRD IV agus ar Airteagal 22 TUB.

**An dara saincheist dlí**. Earráidí dlí maidir leis an gcinneadh go bhfuil Treoir 2013/36/AE dleathach [1] — Sárú ar phrionsabal ginearálta na neamh-aisghníomhaíochta gníomhartha agus ar phrionsabal ginearálta na deimhneachta dlíthiúla — bréagnú follasach na réasúnaíochta

**An tríú saincheist dlí**. Earráidí dlí – Sárú ar phrionsabal *res judicata* agus ar phrionsabal ginearálta na deimhneachta dlíthiúla — Sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach (tagairt don Naoú saincheist) — Mainneachtain cúiseanna a lua

**An ceathrú saincheist dlí**. Earráidí dlí maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta lena dtrasuítear Treoir 2013/36/AE — Sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla — Mainneachtain fíoras cinntitheach a chur san áireamh a tháinig chun cinn le linn na n-imeachtaí (athshlánú) as ar eascair go huathoibríoch athcheannach na gceanglas sláine de bhun na reachtaíochta um thrasuíomh náisiúnta a chur san áireamh.

Tá an saincheist roinnte ina cheithre chuid, lena gcumhdaítear na saincheisteanna seo a leanas:

A) mainneachtain Airteagal 23 (1) de CRD IV a thrasuí sa dlí náisiúnta agus, in aon chás, neamhdhleathacht Fhoraithne Aireachta Uimh. 144/1998;

B) mainneachtain liosta (de na doiciméid atá le cur isteach chun críche údaraithe) dá bhforáiltear in Airteagal 23(4) de Threoir 2013/36/AE a fhoilsiú;

C) neamh-infhorfheidhmitheacht threoirlínte 2008;

D) an beart athshlánúcháin a fuair Silvio Berlusconi: mainneachtain maidir le fíoras cinntitheach a tháinig chun cinn le linn na n-imeachtaí a chur san áireamh, as a dtagann athcheannach go huathoibríoch ar na ceanglais maidir le dea-cháil a athcheannach faoin reachtaíocht náisiúnta trasuite.

**An cúigiú saincheist dlí**. Earráid dlí maidir le léirmhíniú Airteagal 23 de Threoir 2013/36/AE maidir le hábharthacht an cheanglais maidir le tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfaighteoir beartaithe i gcás go gcaillfear dea-cháil faoin dlí náisiúnta

**An séú saincheist dlí**. Earráid dlí maidir le hábharthacht phrionsabal na comhréireachta i gcur i bhfeidhm Threoir 2013/36/AE i ndáil leis an gcineál uathoibríoch líomhnaithe a eascraíonn as an reachtaíocht náisiúnta trasuite —Toirmeasc ar uathoibreánachas — Mainneachtain nó réasúnaíocht neamhleor

**An seachtú saincheist dlí**. Earráid dlí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 [2] agus Airteagal 32 (1) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 [3] — Sárú ar an dlí náisiúnta ábhartha is infheidhme — Sárú ar Airteagal 41 agus Airteagal 47 den Chairt — réasúnaíocht neamhloighciúil agus bhréagnaitheach

**An t-ochtú saincheist dlí**. Neamhdhleathacht na tréimhse giorra (3 lá) a leagtar síos in Airteagal 31(3) de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 maidir le barúlacha a chur isteach — Sárú ar Airteagal 41 den Chairt agus ar phrionsabail ghinearálta chomhfhreagracha an dlí a eascraíonn as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit — réasúnaíocht neamhloighciúil agus bhréagnaitheach — Neamh-chomhlíonadh critéar réasúntachta agus comhréireachta na tréimhse agus mainneachtain na Cúirte Ginearálta dlínse a fheidhmiú ina leith sin

**An naoú saincheist dlí**. Earráid dlí maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 84 de Rialachán Uimh. 44/2001 i ndáil leis na pléadálacha nua a cuireadh isteach tar éis bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 19 Nollaig 2018 — Earráid mheasúnaithe fhollasach maidir le "heilimint dhlíthiúil nua" a bheith ann, mainneachtain cúiseanna a lua agus easpa agus aineolas follasach an ráitis ar chúiseanna — Sárú ar phrionsabal cosanta éifeachtaí breithiúnaí agus ar Airteagal 47 den Chairt — Mainneachtain údar a thabhairt don mhainneachtain na cúiseanna nua a scrúdú *ex officio*

**An deichiú saincheist dlí**. Earráid mheasúnaithe fhollasach maidir le hinghlacthacht na pléadála a bhaineann le conclúid dhearfach an tsannta promhaidh do na seirbhísí sóisialta a thabhairt – réasúnaíocht neamhloighciúil fhollasach — Sárú ar an dlí náisiúnta — Sárú ar Airteagal 84 de na Rialacha Nós Imeachta — Sárú ar phrionsabal cosanta éifeachtaí breithiúnaí agus ar Airteagal 47 den Chairt — Mainneachtain údar a thabhairt don mhainneachtain na cúiseanna a scrúdú *ex officio*

**An t-aonú saincheist dlí déag** Sárú ar Airteagal 85(3) de na Rialacha Nós Imeachta maidir le neamh-inghlacthacht na fianaise nua — Mainneachtain nó réasúnaíocht neamhleor ar na cúiseanna leis an moill — Earráid mheasúnaithe i dtaobh ábharthacht chinneadh Chúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2018 agus breithiúnas na nDlísheomraí Comhpháirteacha den Corte di Cassazione (an Chúirt Freaschuir, an Iodáil) Uimh. 10355/2021 — Mainneachtain doiciméad cinntitheach a scrúdú maidir le hinghlacthacht na bpléadálacha nua — Sárú ar chearta na cosanta agus ar Airteagal 47 den Chairt go háirithe

---

(1) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO 2013 L 176, lch. 338).

(2) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa (IO 2013 L 287, lch. 63).

(3) Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat um chomhar laistigh den Sásra Maoirseachta Aonair idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis ainmnithe náisiúnta (Creat-Rialachán an tSásra Maoirseachta Aonair) (BCE/201417) (IO L 141, lch. 1).

---

## Achomhairc arna thabhairt an 29 Iúil 2022 ag Tirrenia di Navigazione SpA i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) an 18 Bealtaine 2022 i gCás T-593/20, Tirrenia di Navigazione SpA v an Coimisiún Eorpach

**(Cás C-514/22 P)**

(2022/C 359/62)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir*: Tirrenia di Navigazione SpA (ionadaithe: B. Nascimbene, F. Rossi Dal Pozzo, A. Moriconi, avocats)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

1. breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 18 Bealtaine 2022 i gCás T-593/20 a chur ar neamhní;
2. a dhearbhú go bhfuil Cinneadh (AE) 2020/1412 ón gCoimisiún an 2 Márta 2020 neamhbhailí, a mhéid a bhaineann sé le hAirteagail 2, 3 agus 4, agus mar mhalairt air sin le hAirteagail 6 agus 7, lena n-ordaítear an chabhair líomhnaithe a aisghabháil, lena ndearbhaítear go bhfuil an aisghabháil sin láithreach agus éifeachtach;
3. mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig Dlísheomra eile de chuid na Cúirte Ginearálta;
4. a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Cuireann an t-achomharcóir in aghaidh bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T-593/20, *Tirrenia di Navigazione SpA v an Coimisiún*, inar dhíbh an Chúirt sin an t-iarratas ar Airteagail 2, 3 agus 4, agus mar mhalairt air sin Airteagail 6 agus 7 de Chinneadh (AE) 2020/1412 ón gCoimisiún an 2 Márta 2020 a chur ar neamhní, lenar chinn an Coimisiún go measfaí bearta áirithe a bhaineann leis an achomharcóir mar státchabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach.

Leis an gcéad saincheist dlí, éilíonn an t-achomharcóir go ndearnadh sárú ar Airteagail 107(1) agus 108(2) CFAE agus ar Threoirlínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe 2004. Áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus gur mhainnigh sí cúiseanna a lua a mhéid ina chinn sí gur mhainnigh an t-achomharcóir a chinntiú go gcomhlíonfaí na coinníollacha atá leagtha síos i bpointe 25(c) de Threoirlínte 2004. Áitíonn an t-achomharcóir mar mhalairt air sin *(a)* go ndearna Rialtas na hIodáile an Coimisiún a chur ar an eolas go cuí faoin bplean chun an brainse gnó a phríobháidiú; *(b)* go ndeimhnigh sé an rún chun an cúnamh tarrthála a aisíoc roimh dhul in éag an sprioc-ama 6 mhí ag úsáid fáltas ón bpríobháidiú sin; *(c)* gur fhoilsigh sé an plean leachtaithe ar a shuíomh gréasáin. Dá bhrí sin, chuir sé ar chumas an Choimisiúin a bheith go hiomlán ar an eolas faoina gcuid pleananna féin, eadhon, chun leanúint ar aghaidh le príobháidiú i gcomhthéacs an phlean leachtaithe agus ansin an cúnamh tarrthála a aisíoc.

De réir an achomharcóra, tá an cur chuige foirmiúil arna ghlacadh ag an gCoimisiún agus arna roinnt ag an gCúirt Ghinearálta contrártha do phrionsabal an dea-riaracháin a chumhdaítear in Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus contrártha freisin do phrionsabal na héifeachtachta.

Leis an dara saincheist dlí, éilíonn an t-achomharcóir go ndearnadh sárú ar Airteagail 107(1) agus Airteagal 108(2) CFAE maidir le díolúintí ó chánacha áirithe a íoc. Áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus gur mhainnigh sí cúiseanna a lua a mhéid ina chinn sí i ndáil le "cánacha indíreacha", go raibh bunús maith le pléadáil do-ghlacthachta a d'ardaigh an Coimisiún ina fhrithéileamh.

Thairis sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí freisin ina measúnú ar infheidhmeacht Airteagal 107(1) CFAE maidir leis an mbeart atá faoi chonspóid ag an achomharcóir agus a bhaineann le díolúine ó chánacha áirithe, agus tá ráiteas ar chúiseanna neamhleor i gconclúidí na Cúirte Ginearálta ina leith sin.

Tá an díolúine sin ó cháin chorparáide go hiomlán coinníollach ar theacht chun cinn imeachtaí sa todhchaí agus neamhchinnte agus lena gcuirfear cosc ar chomhdhlúthú aon bhuntáiste ón achomharcóir go dtí seo agus a fhágann go bhfuil sé indéanta go hiomlán, mar a aithnítear sa Chinneadh, go bhféadfadh buntáiste den sórt sin teacht chun cinn amach anseo.

Ina theannta sin, measann an t-achomharcóir, sa bhreis ar bhuntáiste gan a bheith ann, go bhfuil comheilimintí eile de choincheap na státchabhrach in easnamh freisin: éifeacht an bhirt ar thrádáil laistigh den Aontas agus an éifeacht ar iomaíocht.

Dá bhrí sin, ní hionann an díolúine sin agus coincheap na Státchabhrach de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE agus, dá bhrí sin, ní státchabhair í.

Leis an tríú saincheist dlí, éilíonn an t-achomharcóir go ndearnadh sárú ar phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus an dea-riaracháin maidir le fad tréimhse an nós imeachta agus ar phrionsabal na cosanta d'ionchais dhlisteanacha agus sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

Áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus gur mhainnigh sí cúiseanna a lua a mhéid ina chinn sí ina hiomláine, nach raibh an nós imeachta ar dá bharr a glacadh Cinneadh (AE) 2020/1412 rófhada agus, dá bhrí sin, nár sáraíodh prionsabail na deimhneachta dlíthiúla, an dea-riaracháin agus na comhréireachta. Maidir le sárú ar phrionsabal na comhréireachta, chinn an Chúirt Ghinearálta go bhfuil bunús maith leis an bpléadáil do-ghlacthachta a d'ardaigh an Coimisiún ina frithéileamh agus, mar sin, rinne sí earráid dlí.

Áitíonn an t-achomharcóir freisin nach féidir le Cinneadh (AE) 2020/1412, i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint agus i gcomhréir le hAirteagail 16 agus 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha, go gceanglófaí ar Tirrenia in AS na bearta státchabhrach faoi chonspóid a aisghabháil.

De réir an achomharcóra, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, trí mhainneachtain a chinneadh gur sháraigh an Coimisiún na prionsabail ghinearálta dá dtagraítear thuas agus freisin an Chairt um Chearta Bunúsacha.

Leis an gceathrú saincheist dlí, éilíonn an t-achomharcóir gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta fianaise a chur ina comhad imscrúdaithe.

Gearánann an t-achomharcóir nach raibh sé in ann, de bhun Airteagal 85(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, Cinneadh ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2021 maidir le bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (2011/C) (ex 2011/NN) a chuir an Iodáil agus Réigiún na Sairdíne i bhfabhar *Saremar* (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C (2021) 6990) chun feidhme a chur le comhad an cháis, cinneadh a fuair an t-achomharcóir ón gCoimisiún tar éis iarratas ar rochtain ar an gcomhad.

De réir an achomharcóra, i bhfianaise ábharthacht chinneadh *Saremar*, rinneadh sárú follasach ar chearta cosanta an achomharcóra inar mainníodh éifeacht a thabhairt do bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta toisc gur mainníodh fianaise bhreise a chur i gcomhad an cháis, mar gheall gur sháraigh sé seo Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta féin agus go raibh sé contrártha leis an dualgas cúiseanna a fhorchuirtear ar aon institiúid de chuid an Aontais a lua.

---

**Achomhairc arna thabhairt an 29 Iúil 2022 ag Tirrenia di Navigazione SpA i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) an 18 Bealtaine 2022 i gCás T-601/20, Tirrenia di Navigazione SpA v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-515/22 P)**

(2022/C 359/63)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Tirrenia di Navigazione SpA (ionadaithe: B. Nascimbene, F. Rossi Dal Pozzo, A. Moriconi, avocats)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

1. breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 18 Bealtaine 2022 i gCás T-601/20 a chur ar neamhní;

2. a dhearbhú go bhfuil Cinneadh (AE) 2020/1412 ón gCoimisiún an 2 Márta 2020 neamhbhailí, a mhéid a bhaineann sé le hAirteagal 1(3) agus Airteagail 2;

3. mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig Dlísheomra eile de chuid na Cúirte Ginearálta;

4. a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Cuireann an t-achomharcóir in aghaidh bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 18 Bealtaine 2022 i gCás T-601/20, *Tirrenia di Navigazione SpA v an Coimisiún,* inar dhíbh an Chúirt sin an t-iarratas ar Airteagal 1(3) agus Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2020/1412 an 2 Márta 2020 a chur ar neamhní, lenar dhearbhaigh an Coimisiún "nach bhfuil an státchabhair a deonaíodh do Adriatica don tréimhse ó Eanáir 1992 go dtí Iúil 1994 i ndáil leis an nasc idir Brindisi/Corfu/Igoumenitsa/Patras atá comhoiriúnach don chómhargadh lenar 'cuireadh chun feidhme go neamhdhleathach í de shárú ar Airteagal 108 (3)' CFAE".

Leis an gcéad saincheist dlí, éilíonn an t-achomharcóir go ndearnadh sárú de chineál nós imeachta maidir leis an tréimhse teorann chun leas na státchabhrach a fuarthas a bheith neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a aisghabháil.

Dar leis an achomharcóir, rinne an Chúirt Ghinearálta roinnt earráid mar seo a leanas: (*a*) trína dhearbhú, maidir leis an díospóid shonrach faoin mainneachtain ús a aisghabháil maidir leis an tréimhse idir 1 Eanáir 2007 agus 26 Márta 2007, nach bhfuil an tréimhse teorann deich mbliana imithe in éag; agus (*b*) trína dhearbhú nach féidir leis an achomharcóir agóid a dhéanamh maidir leis an mhainneachtain sárú den sórt sin a shuíomh, rud a d'fhág gur sárú follasach ar an gceart chun éisteacht a fháil agus, dá bhrí sin, ar chearta na cosanta, ós rud é nach féidir leis an achomharcóir a cháineadh, mar go mbaineann sé leis an mBallstát lena mbaineann.

Leis an dara saincheist dlí, éilíonn an t-achomharcóir gur aicmíodh an státchabhair mar státchabhair nua go héagórach, go raibh an cinneadh, lena ndearbhaítear go bhfuil an státchabhair nua agus neamh-chomhoiriúnach, neamhdhleathach, agus gur sáraíodh an oibleagáid cúiseanna a lua agus prionsabal na comhréireachta.

Níor léirigh an Chúirt Ghinearálta conas a leigheas an Coimisiún, le Cinneadh (AE) 2020/1411 an 2 Márta 2020, an locht a suíodh i mbreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 4 Márta 2009 i gCásanna Uamtha T-265/04, T-292/04 agus T-504/04 maidir le Cinneadh 2004 (2005/163/CE).

Rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trína dhearbhú gur leigheas an Coimisiún an mhainneachtain cúiseanna a lua a suíodh in 2009 agus a léiríodh le Cinneadh (AE) 2020/1411 gur státchabhair nua iad na fóirdheontais PSO (Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí) a deonaíodh do Adriatica.

Áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta erráid dlí agus gur mhainnigh sí cúiseanna a lua a mhéid a sonraíonn sí go ndearna an Coimisiún aicmiú ceart ar fhóirdheontais PSO a deonaíodh do Adriatica don tréimhse Eanáir 1992 go dtí Iúil 1994, i ndáil leis an nasc idir Brindisi/Corfu/Igoumenitsa/Patras atá comhoiriúnach don mhargadh inmheánach.

Áitíonn an t-achomharcóir gur cheart don Chúirt Ghinearálta scrúdú a dhéanamh i dtaobh an ndearna an Coimisiún, i gCinneadh (AE) 2020/1411, (*a*) staid an mhargaidh a shainiú go sonrach; (*b*) cuspóir an bhirt státchabhrach a chur i gcomparáid i gceart le cuspóir an chomhaontaithe; (*c*) léirmhíniú ceart a thabhairt ar an gcaoi ar méadaíodh saobhadh na hiomaíochta a tharla de bharr an bhirt státchabhrach de bharr éifeacht chomhcheangailte an bhirt sin (seachas sin, a fuarthas go raibh sé comhoiriúnach) agus an chaoi a raibh rannpháirtíocht i gcairtéal agus, dá bhrí sin, (*d*) bonn cirt a thabhairt don ghaol cúise agus éifeachta maidir le bacainní ina dhiaidh sin ar thrádáil laistigh den Chomhphobal a bheith ann.

Áitíonn an t-achomharcóir freisin go bhfuil conclúidí na Cúirte Ginearálta contrártha le prionsabal ginearálta na comhréireachta.

Leis an tríú saincheist dlí, éilíonn an t-achomharcóir go ndearnadh sárú ar phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus an dea-riaracháin maidir le fad tréimhse an nós imeachta agus ar phrionsabal na cosanta d'ionchais dhlisteanacha agus sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

Áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus gur mhainnigh sí cúiseanna a lua a mhéid ina chinn sí ina hiomláine, nach raibh an nós imeachta ar dá bharr a glacadh Cinneadh (AE) 2020/1411 rófhada agus, dá bhrí sin, nár sáraíodh prionsabail na deimhneachta dlíthiúla, an dea-riaracháin agus na comhréireachta.

Ina theannta sin, áitíonn an t-achomharcóir freisin nach féidir le Cinneadh (AE) 2020/1411, i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint agus i gcomhréir le hAirteagail 16 agus 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha, go gceanglófaí na bearta státchabhrach faoi chonspóid a aisghabháil.

De réir an achomharcóra, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, trí mhainneachtain a chinneadh gur sháraigh an Coimisiún na prionsabail ghinearálta dá dtagraítear thuas agus freisin an Chairt um Chearta Bunúsacha.

Leis an gceathrú saincheist dlí, éilíonn an t-achomharcóir gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta fianaise a chur ina comhad imscrúdaithe.

Gearánann an t-achomharcóir nach raibh sé in ann, de bhun Airteagal 85(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, Cinneadh ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2021 maidir le bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (2011/C) (ex 2011/NN) a chuir an Iodáil agus Réigiún na Sairdíne i bhfabhar *Saremar* (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C (2021) 6990) chun feidhme a chur le comhad an cháis, cinneadh a fuair an t-achomharcóir ón gCoimisiún tar éis iarratas ar rochtain ar an gcomhad.

De réir an achomharcóra, i bhfianaise ábharthacht chinneadh *Saremar*, rinneadh sárú follasach ar chearta cosanta an achomharcóra inar mainníodh éifeacht a thabhairt do bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta toisc gur mainníodh fianaise bhreise a chur i gcomhad an cháis, mar gheall gur sháraigh sé seo Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta féin agus go raibh sé contrártha leis an dualgas cúiseanna a fhorchuirtear ar aon institiúid de chuid an Aontais a lua.

**Ordú Uachtarán na Cúirte an 8 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Superior de Justicia de Cataluña – an Spáinn) – IP v Tribunal Económico-Administrativo Regional de Cataluña (TEAR de Cataluña)**

**(Cás C-330/20)** ([1])

(2022/C 359/64)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

D'ordaigh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an cás a bhaint ón gclár.

([1]) IO C 359, an 26.10.2020

**Ordú Uachtarán na Cúirte an 8 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Superior de Justicia de Cataluña – an Spáinn) – CZ v Tribunal Económico-Administrativo Regional de Cataluña (TEAR de Cataluña)**

**(Cás C-366/20)** ([1])

(2022/C 359/65)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

D'ordaigh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an cás a bhaint ón gclár.

([1]) IO C 359, an 26.10.2020

**Ordú Uachtarán na Cúirte an 24 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski gradski sad – an Bhulgáir) – EUROBANK BULGARIA v NI, RZ, DMD DEVELOPMENTS**

**(Cás C-445/21)** ([1])

(2022/C 359/66)

*Teanga an cháis: an Bhulgairis*

D'ordaigh Uachtarán na Cúirte an cás a bhaint den chlár.

([1]) JO C 412 du 11.10.2021.

**Ordú Uachtarán na Cúirte an 31 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landesgericht Korneuburg – an Ostair) – Laudamotion GmbH v TG, QN, AirHelp Germany GmbH**

**(Cás C-517/21)** ([1])

(2022/C 359/67)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

D'ordaigh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an cás a bhaint ón gclár.

([1]) IO C 471, an 22.11.2021

**Ordú Uachtarán na Cúirte an 15 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Rechtbank Den Haag, zittingsplaats 's-Hertogenbosch – an Ísiltír) – G v Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid**

**(Cás C-614/21)** [1]

(2022/C 359/68)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

D'ordaigh Uachtarán na Cúirte an cás a bhaint den chlár.

[1] IO C 2, 03.01.2022

**Ordú Uachtarán na Cúirte an 30 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof – an Ostair) – YV v Stadtverkehr Lindau (B) GmbH**

**(Cás C-685/21)** [1]

(2022/C 359/69)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

D'ordaigh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an cás a bhaint ón gclár.

[1] IO C 84, an 21.02.2022

**Ordú Uachtarán na Cúirte an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Piteşti – an Rómáin) – Imeachtaí arna dtionscnamh ag MK**

**(Cás C-709/21)** [1]

(2022/C 359/70)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

D'ordaigh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an cás a bhaint ón gclár.

[1] IO C 51, an 31.01.2022

**Ordú Uachtarán na Cúirte an 29 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Sąd Rejonowy w Siemianowicach Śląskich – an Pholainn) – Provident Polska S.A. v VF**

**(Cás C-717/21)** [1]

(2022/C 359/71)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

D'ordaigh Uachtarán na Cúirte an cás a bhaint den chlár.

[1] IO C 128, 21.03.2022.

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – AI agus Páirtithe Eile v ECDC**

**(Cás T-864/19)** ([1])

***(Seirbhís Shibhialta – Baill foirne ECDC – Ciapadh síceolaíoch – Iarraidh ar chúnamh – Réamhrabhaidh – Airteagal 31 den Chairt um Chearta Bunúsacha – Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne – Raon feidhme an dualgais cúnamh a chur ar fáil – Dualgas cúraim – Imscrúdú a Oscailt – Tréimhse ama réasúnach – Dliteanas – Neamhdhleathach)***

(2022/C 359/72)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* AI, HV, HW, HY (ionadaithe: L. Levi agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ionadaithe: J. Mannheim, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó D. Waelbroeck agus A. Duron, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Trína gcaingean bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 17 Nollaig 2019, iarrann na hiarratasóirí ar chúiteamh de bharr na díobhála a bhain dóibh, dar leo, mar gheall ar easpa freagairt chuí ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) i ndáil le hiompar A (Ceann Aonaid) ina leith idir 2012 agus 2018, rud is ionann agus ciapadh síceolaíoch, dar leo.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do gach páirtí a chostais féin a íoc.

([1]) IO C 61, 24.2.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 — JC v EUCAP Somalia**

**(Cás T-165/20)** ([1])

***(Clásal eadrána – Foireann idirnáisiúnta EUCAP Somalia ar conradh – Misean a bhaineann le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála – Foirceannadh conartha ar théarma seasta le linn na tréimhse trialach – Fógra faoi fhoirceannadh an chonartha trí litir chláraithe le admháil fála – Seoladh neamhiomlán – Túsphointe na tréimhse le haghaidh achomharc inmheánach roimh imeachtaí cúirte – Cinneadh maidir leis an dlí is infheidhme – Forálacha sainordaitheacha an dlí náisiúnta fostaíochta – Neamhbhailíocht an chlásail thrialaigh – Fógra faoi fhoirceannadh neamhrialta – Cúiteamh in ionad fógra – Íocaíocht luach saothair ar bhonn cúlghabhálach – Frithéileamh)***

(2022/C 359/73)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* JC (ionadaí: A. Van Himst, Dlíodóir)

*Cosantóir:* EUCAP Somalia (ionadaí: E. Raoult, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 272 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, dearbhú go bhfuil litreacha an 4 Samhain 2019 agus an 3 Nollaig 2019 lenar thug EUCAP Somalia fógra dó maidir lena chinneadh a chonradh fostaíochta a fhoirceannadh neamhbhailí agus, a mhéid is gá, dearbhú go bhfuil cinneadh an 24 Eanáir 2020 lenar dhiúltaigh EUCAP Somalia dá achomharc inmheánach neamhdhisciplíneach i gcoinne an chinnidh a chonradh fostaíochta a fhoirceannadh mar a fógraíodh leis an litir dar dáta an 3 Nollaig 2019 neamhbhailí, agus ar an dara dul síos, go n-ordófar do EUCAP Somalia a thuarastal a íoc ar bhonn cúlghabhálach go dtí dáta deiridh cinntitheach, cuí agus dleathach an chaidrimh chonarthaigh.

**An chuid oibríochtúil**

1) Dearbhaítear go bhfuil an fógra um fhoirceannadh i litir an 4 Samhain 2019 neamhbhailí;

2) Dearbhaítear go bhfuil foirceannadh conartha an 21 Lúnasa 2019 a tugadh i gcrích idir EUCAP Somalia agus JC dleathach, bailí agus in-fhorfheidhmithe i gcoinne JC ar dháta an 5 Nollaig 2019 agus go bhfuil éifeacht chinntitheach leis ag deireadh na tréimhse fógra míosa ón 9 Nollaig 2019 i gcomhréir le hAirteagal 18.1 den chonradh sin;

3) Ordaítear do EUCAP Somalia suim a chomhfhreagraíonn dá luach saothair, mar a leagtar amach in Airteagal 12.2 den chonradh fostaíochta, a íoc ar dtús, gan na liúntais laethúla dá bhforáiltear in Airteagal 15 den chonradh sin a áireamh, don tréimhse 26 Samhain go 8 Nollaig 2019, lena n-áirítear, suim a chomhfhreagraíonn do chúiteamh in ionad fógra is ionann agus mí amháin den luach saothair sin, don tréimhse 9 Nollaig 2019 go 9 Eanáir 2020, móide ús ar an ráta reachtúil faoi dhlí na Beilge;

4) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

5) Diúltaítear do fhrithéileamh EUCAP Somalia.

6) Ordaítear do EUCAP Somalia na costais a íoc.

---

([1]) IO C 9, 11.1.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 — JC v EUCAP Somalia**

**(Cás T-194/20)** ([1])

***(Clásal eadrána – Foireann idirnáisiúnta EUCAP Somalia ar conradh – Misean a bhaineann le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála – Neamh-athnuachan ar chonradh fostaíochta tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach – An ceart éisteacht a fháil – Cóir chomhionann – Neamh-idirdhealú ar fhorais náisiúntachta – An idirthréimhse dá bhforáiltear sa chomhaontú maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach – Caingean le haghaidh neamhniú – Caingean chun cúiteamh a ghnóthú – Gníomhartha doscartha ón gconradh – Neamh-inghlacthacht)***

(2022/C 359/74)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* JF (ionadaí: A. Kunst, Dlíodóir)

*Cosantóir:* EUCAP Somalia (ionadaí: E. Raoult, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfar nóta EUCAP Somalia an 18 Eanáir 2020 agus litir an 29 Eanáir 2020 inar chinn sé gan a chonradh fostaíochta a athnuachan a neamhniú, agus, ar an dara dul síos, de bhun Airteagal 268 CFAE, ar chúiteamh as an damáiste a bhain dó mar thoradh ar na gníomhartha sin, agus, mar mhalairt air sin, ar bhonn Airteagal 272 CFAE, go ndearbhófar na gníomhartha atá faoi chonspóid a bheith neamhdhleathach agus cúiteamh as an damáiste a bhain dó mar thoradh ar na gníomhartha sin.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do JF na costais a íoc.

([1]) IO C 201, 15.6.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – VeriGraft v Eismea**

**(Cás T-457/20)** ([1])

***(Clásal eadrána – Fís 2020: an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) – Comhaontú deontais "Personalised Tissue-Engineered Veins as a first Cure for Patients with Chronic Venous Insufficiency – P-TEV" – costais fochonraitheoireachta gan choinne – Nós imeachta formheasta simplithe – Luadh fochonraitheoireacht sna tuarascálacha teicniúla tréimhsiúla – Tuarascálacha teicniúla tréimhsiúla formheasta – Costais incháilithe)***

(2022/C 359/75)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* VeriGraft AB (Gothenburg, an tSualainn) (ionadaithe: P. Hansson agus M. Persson, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (ionadaithe: A. Galea, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó D. Waelbroeck agus A. Duron, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, VeriGraft AB, dearbhú: (i) gurb ionann na costais fochonraitheoireachta a dhiúltaigh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (EASME) agus costais incháilithe faoin gComhaontú Deontais a bhaineann leis an tionscadal "Personalised Tissue-Engineered Veins as the first Cure for Patients with Chronic Venous Insufficiency – P-TEV" le tagairt 778620; (ii) go bhfuil nóta dochair Uimh. 3242004635 arna eisiúint ag EASME de mhéid EUR 106 928,74 gan bhunús; agus (iii) nach bhfuil aon bhunús leis freisin an tsuim EUR 109 230,19 a ghnóthú ón gciste ráthaíochta arna bhunú leis an gComhaontú Deontais.

**An chuid oibríochtúil**

1. Seastar leis an iarraidh ó VeriGraft AB chun dearbhaithe gurb ionann na costais fochonraitheoireachta a dhiúltaigh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ina suim EUR 258 588,80 agus costais incháilithe faoin gComhaontú Deontais "Personalised Tissue-Engineered Veins as the first Cure for Patients with Chronic Venous Insufficiency – P-TEV", le tagairt 778620.

2. Seastar leis an iarraidh ó VeriGraft chun dearbhaithe go bhfuil nóta dochair Uimh. 3242004635, arna eisiúint ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ina suim EUR 106 928,74, gan bhunús.

3. Seastar leis an iarraidh VeriGraft chun dearbhaithe nach bhfuil bunús le gnóthú shuim EUR 109 230,19 ón gciste ráthaíochta a bunaíodh leis an gComhaontú Deontais "Personalised Tissue-Engineered Veins as the first Cure for Patients with Chronic Venous Insufficiency – P-TEV", le tagairt 778620.

4. Ordaítear do Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (Eismea) na costais a íoc.

(1) IO C 297, 07.09.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 — Delifruit v an Coimisiún**

**(Cás T-629/20)** (1)

***(Táirgí cosanta plandaí – Substaint ghníomhach clóirpireafos – Uasleibhéil d'iarmhair clóirpireafos i mbananaí nó ar bhananaí a chinneadh – Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 – Eolas eolaíoch agus teicniúil ar fáil – Tosca dlisteanacha eile)***

(2022/C 359/76)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Delifruit, SA (Guayaquil, Eacuadór) (ionadaithe: K. Van Maldegem, P. Sellar agus S. Abdel-Qader, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* (An Coimisiún Eorpach, (ionadaithe: F. Castilla Contreras, A. Dawes agus M. ter Haar, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Delifruit, SA, go ndéanfar Rialachán (AE) 2020/1085 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil d'iarmhair clóirpireafos agus clóirpireafos-meitile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO 2020 L 239, lch. 7, Ceartúchán IO 2020 L 245, lch. 31) ("an Rialachán a chonspóidtear") a neamhniú go páirteach, a mhéid a shocraítear uasleibhéal na n-iarmhar ("MRL") le haghaidh clóirpireafos i mbananaí nó ar bhananaí ag 0.01 mg/kg.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Delifruit, SA na costais a íoc.

(1) IO C 433, 14.12.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Standard International Management v EUIPO – Asia Standard Management Services (The Standard)**

**(Cás T-768/20)** (1)

***[Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh The Standard – Dearbhú cúlghairme – Áit úsáide an trádmhairc – Fógraí agus tairiscintí ar díol le tomhaltóirí an Aontais – Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001]***

(2022/C 359/77)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Standard International Management LLC (Nua-Eabhrac, Nua-Eabhrac, na Stáit Aontaithe) (ionadaithe: M. Edenborough, QC, S. Wickenden, Barrister, agus M. Maier, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Gája, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtithe eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO:* Asia Standard Management Services Ltd (Hong Cong, an tSín)

## Ábhar

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní cinneadh an chúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 27 Samhain 2020 (Cás R 828/2020-5).

## An chuid oibríochtúil

1) Cuirtear cinneadh an chúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 27 Samhain 2020 (Cás R 828/2020-5) ar neamhní maidir le seirbhísí a thagann faoi réim aicmí 38, 39, 41, 43 agus 44.

2) Íocfaidh EUIPO a chostais féin, agus na costais arna dtabhú ag Standard International Management LLC, na costais arna dtabhú sna himeachtaí achomhairc san áireamh.

(1) IO C 62, 22.2.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Gugler France v EUIPO – Gugler (GUGLER)**

**(Cás T-147/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh GUGLER – Cúiseanna le neamhbhailíocht iomlán – Gan aon mheon mímhacánta – Airteagal 51(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 40/94 (anois Airteagal 59(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001))***

(2022/C 359/78)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Gugler France (Auxons, an Fhrainc) (ionadaí: A. Grolée, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Crespo Carrillo, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Alexander Gugler (Maxdorf, an Ghearmáin) (ionadaí: M. C. Simon, Dlíodóir)

## Ábhar:

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 9 Nollaig 2020 a neamhniú (Cás R 893/2020-5).

## An chuid oibríochtúil

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Gugler France na costais a íoc.

(1) IO C 163, 3.5.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – CCTY Bearing Company v EUIPO – CCVI International (CCTY)**

**(Cás T-176/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh CCTY – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh roimhe sin CCVI – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001) anois – Mí-úsáid á baint as cearta – Airteagal 71 de Rialachán 2017/1001)***

(2022/C 359/79)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* CCTY Bearing Company (Zhenjiang, an tSín) (ionadaithe: L. Genz agus C. Stadler, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Capostagno agus V. Ruzek, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* CCVI International Srl (Vicenza, an Iodáil) (ionadaithe: D. DeMarinis, R. Covelli agus M. Theisen, Dlíodóirí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 3 Feabhra 2021 a neamhniú (Cás R 779/2020-4).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do CCTY Bearing Company na costais a íoc.

[1] IO C 206, 31.5.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Illumina v an Coimisiún**

**(Cás T-227/21)** [1]

***(Iomaíocht – Comhchruinnithe – Margadh an tionscail chógaisíochta – Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 – Iarratas ó údarás iomaíochta nach bhfuil dlínse aige faoin reachtaíocht náisiúnta chun an comhchruinniú a scrúdú – Cinneadh ón gCoimisiún chun scrúdú a dhéanamh ar an gcomhchruinniú – Cinntí ón gCoimisiún lena nglactar le hiarratais ó údaráis iomaíochta náisiúnta eile chun páirt a ghlacadh san iarratas ar tharchur – Dlínse an Choimisiúin – Teorainn ama chun an iarraidh ar tharchur a thaisceadh – Coincheap an "chur in iúl" – Tréimhse réasúnta – Ionchais dlisteanach – Ceanglais phoiblí Leas-Uachtarán an Choimisiúin – Deimhneacht dlíthiúil)***

(2022/C 359/80)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Illumina, Inc. (Wilmington, Delaware, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: D. Beard, Barrister, agus P. Chappatte, Avocat)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: N. Khan, G. Conte agus C. Urraca Caviedes, Gníomhairí)

*Idiragraí mar thaca leis an iarratasóir:* Grail LLC ar a dtugtaí Grail, Inc. tráth (Menlo Park, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: D. Little, Solicitor, J. Ruiz Calzado, J. M. Jiménez-Laiglesia Oñate agus A. Giraud, Avocats)

*Idiragraí mar thaca leis an gcosantóir:* an Phoblacht Heilléanach (ionadaí: K. Boskovits, Gníomhaire), Poblacht na Fraince (ionadaithe: T. Stéhelin, P. Dodeller, J.-L. Carré agus E. Leclerc, Gníomhairí), Ríocht na hÍsiltíre (ionadaithe: M. Bulterman agus P. Huurnink, Gníomhairí), Údarás Faireacháin CSTE (ionadaithe: C. Simpson, M. Sánchez Rydelski agus M.-M Joséphidès, Gníomhairí)

## Ábhar

Iarraidh de bhun Airteagal 263 CFAE, i dtosach báire, ar Chinneadh C(2021) 2847 final ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2021 lena nglactar le hiarratas údaráis iomaíochta na Fraince ar scrúdú a dhéanamh ar an gcomhchruinniú maidir leis an éadáil arna déanamh ag Illumina, Inc ar urlámhas aonair Grail, Inc. (Cás COMP/M.10188 – Illumina/Grail) a chur ar neamhní, agus sa dara háit, ar Chinntí C(2021) 2848 final, C(2021) 2849 final, C(2021) 2851 final, C(2021) 2854 final et C(2021) 2855 final ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2021, lena nglactar le hiarratais údaráis um iomaíocht de chuid na Gréige, na Beilge, na hIorua, na hÍoslainne agus na hÍsiltíre chun páirt a ghlacadh san iarratas sin ar tharchur, a chur ar neamhní, agus litir an Choimisiúin an 11 Márta 2021 lena gcuirtear an iarraidh sin ar tharchur in iúl do Illumina agus Grail, a chur ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean;

2) Ordaítear do Illumina, Inc. na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc, anuas ar a chuid costais féin.

3) Íocfaidh an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na Fraince, Ríocht na hÍsiltíre, Údarás Faireacháin CSTE agus Grail LLC a gcuid costais féin.

(1) IO C 252, an 28.6.2021.

## Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Unimax Stationery v EUIPO – Mitsubishi Pencil (uni)

**(Cás T-369/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "uni" – Dearbhfhorais le diúltú – Saincháilíocht – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 40/94 (anois Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001) – Comharthaí nó sonrúcháin atá tar éis éirí ina ngnáthchleachtas – Airteagal 7(1)(d) de Rialachán Uimh. 40/94 (anois Airteagal 7(1)(d) de Rialachán 2017/1001))***

(2022/C 359/81)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Unimax Stationery (Daman, an India) (ionadaí: E. Amoah, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Walicka, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Mitsubishi Pencil Co. Ltd (Tóiceo, an tSeapáin) (ionadaithe: A. Perani agus G. Ghisletti, Dlíodóirí)

## Ábhar:

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 22 Aibreán 2021 a neamhniú (Cás R 1909/2020-5).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Unimax Stationery na costais a íoc.

(1) IO C 338, 23.8.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – TL v an Coimisiún**

**(Cás T-438/21)** (1)

***(Seirbhís Shibhialta – Foireann shealadach – Conradh ar théarma seasta – Cinneadh gan an conradh a athnuachan – Fógra Folúntais – Earráid fhollasach bhreithmheasa – Dualgas cúraim – Ciapadh síceolaíoch – Dliteanas)***

(2022/C 359/82)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TL (ionadaithe: L. Levi agus N. Flandin, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Mongin agus M. Brauhoff, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena caingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfar an cinneadh ó údarás an Choimisiúin Eorpaigh a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích an 29 Deireadh Fómhair 2020 gan a conradh fostaíochta a athnuachan agus, a mhéid is gá, cinneadh an 20 Aibreán 2021 lena ndéantar a gearán a dhíbhe faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh i gcoinne an chinnidh sin a chur ar neamhní, agus, ar an dara dul síos, ar chúiteamh as an damáiste a bhain di, dar léi, mar gheall ar na gníomhartha sin.

**Ábhar**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do TL na costais a íoc.

(1) IO C 357, 6.9.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Purasac v EUIPO – Prollenium Medical Technologies (Rejeunesse)**

**(Cás T-543/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh Rejeunesse – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh roimhe sin REVANESSE – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 359/83)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Purasac Co. Ltd (Anyang-si, An Chóiré Theas) (ionadaí: P. Lee, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: E. Sliwinska agus J. Crespo Carrillo, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Prollenium Medical Technologies, Inc. (Aurora, Ontario, Ceanada) (ionadaí: R. Lyxell, Dlíodóir)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 2 Iúil 2021 a neamhniú (Cás R 146/2021-4).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Purasac Co. Ltd na costais a íoc.

[1] IO C 422, 18.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Brand Energy Holdings v EUIPO (RAPIDGUARD)**

**(Cás T-573/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh RAPIDGUARD – Dearbhfhorais le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Easpa leithleachais – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán 2017/1001 – An ceart chun éisteacht a fháil)***

(2022/C 359/84)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Brand Energy Holdings BV (Flardingue, an Ísiltír) (ionadaithe: A. Hönninger agus F. Dechent, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Walicka, i gcáil Gníomhaire)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 30 Meitheamh 2021 a neamhniú (Cás R 294/2021-5).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Brand Energy Holdings BV a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a íoc.

[1] IO C 431, 25.10.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Rimini Street v EUIPO (WE DO SUPPORT)**

**(Cás T-634/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Clárú idirnáisiúnta lena sonraítear an tAontas Eorpach – Focalmharc "WE DO SUPPORT" – Dearbhfhoras le diúltú – Easpa saincháilíochta – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 359/85)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Rimini Street, Inc. (Las Vegas, Nevada, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaí: E. Ratjen, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Raponi agus D. Hanf, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 3 Lúnasa 2021 a neamhniú (Cás R 710/2021-4).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Rimini Street, Inc., na costais a íoc.

([1]) IO C 502, 13.12.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – dennree v EUIPO (BioMarkt)**

**(Cás T-641/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh BioMarkt – Dearbhfhoras le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 359/86)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: dennree GmbH (Töpen, an Ghearmáin) (ionadaí: K. Röttgen, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Eberl agus D. Hanf, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 9 Lúnasa 2021 a neamhniú (Cás R 783/2021-5).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do dennree GmbH na costais a íoc.

(1) IO C 471, 22.11.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – TL v an Coimisiún**

**(Cás T-677/21)** (1)

***(Státseirbhís – Foireann shealadach – Tuarascáil mheastóireachta le haghaidh 2019 – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Cuspóirí a leagan síos – Mí-úsáid cumhachtaí – Dliteanas)***

(2022/C 359/87)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TL (ionadaithe: L. Levi agus N. Flandin, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Brauhoff agus L. Hohenecker, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena caingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfar a cuid tuarascáil mheastóireachta le haghaidh 2019 a neamhniú nó, mar mhalairt air sin, go ndéanfar í a neamhniú go páirteach agus, a mhéid is gá, an cinneadh ó údarás an Choimisiúin Eorpaigh a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích an 8 Iúil 2021 lena ndéantar a gearán a dhíbhe faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh i gcoinne na tuarascála sin, agus, ar an dara dul síos, ar chúiteamh as an damáiste morálta a d'fhulaing an t-iarratasóir mar gheall ar neamhdhleathacht na tuarascála sin.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do TL na costais a íoc.

(1) IO C 502, 13.12.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 21 Iúil 2022 – Fersher Developments agus Lisin v an Coimisiún agus BCE**

**(Cás T-200/18)** (1)

***(Caingean le haghaidh damáistí – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Clár Tacaíochta Cobhsaíochta na Cipire – Meabhrán Tuisceana an 26 Aibreán 2013 maidir le coinníollacha sonracha beartais eacnamaíoch a tugadh i gcrích idir an Chipir agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach – Dlínse na Cúirte Ginearálta – Sárú tromchúiseach leordhóthanach ar riail an dlí lena dtugtar cearta do dhaoine aonair – Cóir chomhionann – Prionsabal na comhréireachta – Caingean nach bhfuil aon bhunús dlí ann go follasach)***

(2022/C 359/88)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Fersher Developments LTD (an Niocóis, an Chipir), Vladimir Lisin (Lipetsk, Rúis) (ionadaí: R. Nowinski, Dlíodóir)

*Cosantóirí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Flynn, T. Materne agus S. Delaude, i gcáil Gníomhairí), an Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: O. Heinz, P. Papapaschalis, G. Várhelyi agus M. Szablewska, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó H.-G. Kamann, Dlíodóir)

## Ábhar

Trína gcaingean faoi Airteagal 268 CFAE, iarrann na hiarratasóirí cúiteamh as díobháil a rinneadh dóibh mar thoradh ar chinneadh an Choimisiúin agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) chun saoráid cúnaimh airgeadais a dheonú do Phoblacht na Cipire faoi réir coinníollacha áirithe.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Fersher Developments LTD agus Vladimir Lisin na costais a íoc.

---

([1]) IO C 211, 18.6.2018.

---

## Ordú na Cúirte Ginearálta an 25 Iúil 2022 – Armadora Parleros v an Coimisiún

**(Cás T-254/21)** ([1])

***(Dliteanas neamhchonarthach – An Comhbheartas Iascaigh – Mainneachtain an Choimisiúin a chumhachtaí rialaithe a fheidhmiú a chumhdaítear leis an reachtaíocht is infheidhme – Cumhacht innill bád – Sárú atá tromchúiseach go leor ar riail dlí lena dtugtar cearta do dhaoine aonair – Damáiste – Nasc cúisíoch – Tréimhse theorann – Gníomhaíocht do-ghlactha go follasach)***

(2022/C 359/89)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Armadora Parleros, SL (Santa Eugenia de Ribeira, an Spáinn) (ionadaí: J. Navas Marqués, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Morales Puerta agus K. Walkerová, i gcáil Gníomhairí)

## Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 268 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar chúiteamh i leith damáiste a rinneadh dó mar gheall ar an gcaillteanas brabúis a bhain dó mar thoradh ar chliseadh innill a shoitheach iascaireachta, *Vianto Tercero*, in 2005. Cuireann sé i leith an chúis atá leis an gcliseadh innill sin maoirseacht lochtach an Choimisiúin ar an bhfaireachán a rinne Ríocht na Spáinne ar rialacha an chomhbheartais iascaigh i limistéar iascaigh farraige Chantabrian Thiar Thuaidh. De réir an iarratasóra, ba é ró-úsáid an innill ba chúis leis an gcliseadh innill toisc go raibh an t-iarratasóir neamhchosanta ar iomaíocht éagórach ó shoithí iascaireachta a bhfuil cumhacht innill acu de bhreis ar an gcumhacht cheadaithe.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean as bheith do-ghlactha go follasach agus go follasach gan bhunús sa dlí.

2) Ordaítear do Armadora Parleros SL na costais a íoc.

---

([1]) IO C 252, 28.6.2021.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Iúil 2022 – El Corte Inglés v EUIPO – Brito & Pereira (TINTAS BRICOR)**

**(Cás T-317/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Cúlghairm an chinnidh atá faoi chonspóid – Caingean in éagmais aon chuspóir anois – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais)***

(2022/C 359/90)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: El Corte Inglés, SA (Maidrid, an Spáinn) (ionadaí: J. Rivas Zurdo, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) (ionadaí: J. Crespo Carrillo, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO*: Brito & Pereira (Vizela, an Phortaingéil)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 26 Márta 2021 (Cás R 882/2020-1).

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní gá a thuilleadh don chaingean dul ar aghaidh chun breithiúnais.

2) Ordaítear d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a costais féin agus na costais arna dtabhú ag El Corte Inglés, SA a íoc.

(1) IO C 289, 19.7.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 19 Iúil 2022 – Anglofranchise v EUIPO – Bugrey (BOY LONDON)**

**(Cás T-439/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cealaithe – Aistarraingt an iarratais neamhbhailíochta – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais)***

(2022/C 359/91)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Anglofranchise Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe) (ionadaithe: P. Roncaglia, F. Rossi, N. Parrotta agus R. Perotti, Dlíodóirí) *Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Raponi agus J. Crespo Carrillo, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Yuliya Bugrey (Milano, an Iodáil) (ionadaí: D. Russo, Dlíodóir)

**Maidir le:**

Caingean arna tabhairt i gcoinne chinneadh an Chúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 23 Aibreán 2021 (Cás R 459/2020-5), maidir le himeachtaí cealaithe idir Yuliya Bugrey agus Anglofranchise.

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní gá breith a thabhairt ar an gcaingean a thuilleadh;
2. Ordaítear do Anglofranchise Ltd agus Yuliya Bugrey a gcuid costais féin agus leath amháin an duine de na costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a íoc.

---

([1]) IO C 357, an 6.9.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 20 Iúil 2022 – Sanoptis v EUIPO – Synoptis Pharma (SANOPTIS)**

**(Cás T-30/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – An t-iarratas ar chlárú a tharraingt siar – Ní gá rialú a dhéanamh)***

(2022/C 359/92)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Sanoptis Sàrl (Lucsamburg, Lucsamburg) (ionadaí: S. Rost, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Gája, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Synoptis Pharma sp. z o.o. (Vársá, An Pholainn)

**Maidir le:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarann an t-iarratasóir go gcuirfear cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 18 Samhain 2021 (Cás R 850/2021-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní gá rialú a dhéanamh ar an gcaingean a thuilleadh.
2. Ordaítear do Sanoptis Sàrl na costais a íoc.

---

([1]) IO C 119, 14.3.2022.

---

**Caingean arna tabhairt an 7 Bealtaine 2022 – Aziz v an Coimisiún**

**(Cás T-266/22)**

(2022/C 359/93)

*Teanga an cháis: An Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ahmad Aziz (Pieta, Malta) (ionadaí: L. Cuschieri, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh uimhir Ares(2022)3227480 an 26 Aibreán 2021 ón gCoimisiún Eorpach, gan sonraí pearsanta an iarratasóra a cheartú de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) a chur ar neamhní;

— a dhearbhú go bhfuil sárú ar Airteagal 50 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha nuair a chuir na húdaráis tús le dhá imeacht chomhthreomhara choiriúla agus shibhialta i gcoinne an iarratasóra, ar a shonraí pearsanta féin a thíolacadh, leis na fíricí líomhainte céanna, nuair a fuarthas an t-iarratasóir éigiontaithe cheana féin os comhair chúirt trialach na Pacastáine leis na fíricí líomhainte céanna;

— a dhearbhú go bhfuil sárú ar Airteagal 17 maidir le neamhsholáthar sonraí nuair a phróiseáil an Coimisiún Eorpach sonraí pearsanta an iarratasóra. Maíonn an t-iarratasóir gur cheart don Chúirt Ghinearálta cinneadh uimhir Ares(2022) 2457760 an 1 Aibreán 2022 ón gCoimisiún Eorpach a chur ar neamhní mar gheall ar neamhsholáthar sonraí i dtéarma Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1725.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Eorpach Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2018/1725 toisc gur theip air sonraí pearsanta an iarratasóra a cheartú.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Eorpach Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2018/1725 toisc gur theip air rochtain a sholáthar don iarratasóir ar a shonraí pearsanta.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Eorpach prionsabal na toimhde maidir le hoscailteacht agus nochtadh nuair a theip air rochtain a thabhairt don iarratasóir ar a shonraí pearsanta, nuair a bhí imeachtaí coiriúla agus sibhialta comhthreomhara ar siúl ina choinne. Bhí an ceart ag an iarratasóir a shonraí pearsanta a fháil in imeachtaí coiriúla agus sibhialta comhthreomhara.

(1) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 2018 L 295, lch. 39).

---

**Caingean arna tabhairt an 18 Bealtaine 2022 – Aziz v an Coimisiún**

**(Cás T-286/22)**

(2022/C 359/94)

*Teanga an cháis: An Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ahmad Aziz (Pieta, Málta) (ionadaí: L. Cuschieri, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh intuigthe an 16 Bealtaine 2022 ón gCoimisiún Eorpach, maidir le neamhsholáthar sonraí san am forordaithe a leagtar síos in Airteagail 14(3) agus 17 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar neamhní [1];

— a dhearbhú go bhfuil sárú ar Airteagal 50 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha nuair a chuir na húdaráis tús le dhá imeacht chomhthreomhara choiriúla agus shibhialta leis na fíricí líomhainte céanna i gcoinne an iarratasóra, ar a shonraí pearsanta féin a thíolacadh, nuair a fuarthas an t-iarratasóir éigiontaithe cheana féin os comhair chúirt trialach na Pacastáine leis na fíricí líomhainte céanna;

— a dhearbhú go bhfuil sárú ar 14(3) de Rialachán (AE) 2018/1725 nuair a theip ar an gCoimisiún Eorpach rochtain a thabhairt don iarratasóir ar a shonraí pearsanta in am forordaithe, arb ann don tréimhse sin agus trí mhí, agus gur chuir an Coimisiún Eorpach níos mó ná trí mhí le hiarratas an iarratasóra ar a shonraí pearsanta a sholáthar;

— a dhearbhú gur sháraigh an Coimisiún Eorpach prionsabal na toimhde maidir le hoscailteacht agus nochtadh nuair a theip ar an gCoimisiún Eorpach rochtain a thabhairt don iarratasóir ar a shonraí pearsanta san am forordaithe, arb ann don tréimhse sin agus trí mhí, agus imeachtaí coiriúla agus sibhialta comhthreomhara ar siúl ina choinne.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Eorpach Airteagal 8 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1725 toisc gur theip air rochtain a thabhairt don iarratasóir ar a shonraí pearsanta laistigh den teorainn ama forordaithe trí mhí.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Eorpach Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2018/1725 toisc nár thug sé rochtain don iarratasóir ar a shonraí pearsanta laistigh den teorainn ama forordaithe trí mhí agus gus chuir sé síneadh leis an tréimhse ama sin nuair nach bhféadfaidh an Coimisiún Eorpach síneadh a chur leis. Is ionann mainneachtain an Choimisiúin Eorpaigh freagra a thabhairt ar iarratas ar rochtain ar shonraí pearsanta laistigh den teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus cinneadh i leith rochtain den sórt sin a dhiúltú. Ní fhéadfaidh na páirtithe teorainneacha ama den sórt sin, a leagtar síos ar mhaithe le leas an phobail, a athrú. De bhun Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2018/1725, ar léiriú sonrach é ar phrionsabal na cosanta breithiúnaí, féadfaidh aon diúltú rochtana ar na sonraí pearsanta a iarrtar ar an lucht riaracháin a bheith faoi réir agóide trí imeachtaí cúirte.

3. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Eorpach prionsabal na toimhde maidir le hoscailteacht agus nochtadh nuair a theip ar an gCoimisiún Eorpach rochtain a thabhairt don iarratasóir ar a shonraí pearsanta san am forordaithe, arb ann don tréimhse sin agus trí mhí, agus imeachtaí coiriúla agus sibhialta comhthreomhara ar siúl ina choinne leis na fíricí líomhainte céanna. I gcás sonraí pearsanta a phróiseáil, is é ceart bunúsach duine cóip dá shonraí pearsanta a fháil in imeachtaí coiriúla atá ar siúl.

(1) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 2018 L 295, lch. 39).

**Caingean arna tabhairt an 29 Meitheamh 2022 — Aristotelio Panespistimio Thessalonikis v ERCEA**

**(Cás T-388/22)**

(2022/C 359/95)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Aristotelio Panespistimio Thessalonikis (APT) (Thessaloniki, an Ghréig) (ionadaí B. Christianos, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú nach bhfuil bunús le héileamh an chosantóra, atá i nóta dochair Uimh. 3242201592/ an 28 Eanáir 2022, go bhfuil ar an iarratasóir cuid den fhóirdheontas a fuarthas le haghaidh an tionscadail MINATRAN a aisíoc, ar mhéid EUR 184 224,21, agus a dhearbhú go gcomhfhreagraíonn an méid sin do chostais incháilithe;

— a ordú do ERCEA suim EUR 184 224,21, móide ús ar riaráistí, a aisíoc do APT, a mhéid a íocadh an méid sin go míchuí; agus

— a ordú do ERCEA na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Leis an gcaingean seo, cuireann Aristotelio Panespistimio Thessalonikis (APT) in aghaidh an nóta dochair a d'eisigh Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA) maidir le cur chun feidhme an tionscadail MINATRAN. Leis an nóta dochair sin, d'iarr ERCEA go n-aisíocfadh APT an méid EUR 184 224,21, a chomhfhreagraíonn do chuid den fhóirdheontas a fuarthas le haghaidh an tionscadail MINATRAN agus do chúiteamh cnapshuime i bhfabhar ERCEA.

Sa chomhthéacs sin, iarrann APT ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, de bhun Airteagal 272 CFAE, a dhearbhú go bhfuil an méid dá dtagraítear thuas agus a chonspóideann ERCEA ag freagairt do chostais incháilithe, agus nach mór do ERCEA é a aisíoc le APT mar íocaíocht mhíchuí.

Áitíonn APT mar seo a leanas:

1. Ar an gcéad dul síos, d'fhonn a dhearbhú go bhfuil na costais atá dearbhaithe ag na taighdeoirí idirnáisiúnta neamh-incháilithe, bunaithe ar a chinneadh ar dhearbhuithe atá go hiomlán gan bhunús nó nach bhfuil substaint ar bith leo. Mar thoradh air sin, níl aon bhunús le hiarratas ERCEA de EUR 184 224,21 a bhaineann le speansais foirne agus taistil, le speansais indíreacha agus le forchur liúntais ar ráta comhréidh. Ina theannta sin, taispeánadh incháilitheacht na gcostas freisin tríd an bhfianaise a chuir APT isteach.

2. Ar an dara dul síos, mhainnigh ERCEA, agus aisíocaíocht EUR 184 224,21 á iarraidh aige ar bhonn doiciméad agus faisnéise atá neamhiomlán agus neamhiontaofa, a oibleagáidí faoin gCairt a chomhlíonadh sa chéad áit, trí ceart éisteachta APT a shárú agus, sa dara háit, trí cosc a chur ar APT cosaint dlí éifeachtach a fháil.

3. Ar an tríú dul síos, tá ERCEA ag sárú prionsabal fheidhmíocht na gconarthaí de mheon macánta.

---

**Caingean arna tabhairt an 29 Meitheamh 2022 — UniCredit Bank v BRA**

**(Cás T-405/22)**

(2022/C 359/96)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* UniCredit Bank AG (München, an Ghearmáin) (ionadaithe: F. Schäfer, H. Grosse Richterer agus F. Kruis, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair (BRA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an Bhoird Réitigh Aonair an 11 Aibreán 2022 maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* 2022 leis an gCiste Réitigh Aonair a ríomh (BRA/ES/2022/18), lena n-áirítear na hIarscríbhinní a ghabhann leis, a neamhniú, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;

— a ordú don Bhord Réitigh Aonair na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-eilítear sáruithe ar cheanglais sár-riachtanacha nós imeachta agus ar an gceart chun dea-riaracháin, sa mheid is nach bhfuil an réasúnaíocht leordhóthanach dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 296 CFAE agus in Airteagal 41(2)(c) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") sa chinneadh a chonspóidtear agus Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go sáraíonn Cinneadh an 11 Aibreán 2022 agus Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil dá dtagraítear in Airteagal 47 den Chairt toisc go bhfuil sé beagnach dodhéanta cruinneas substaintiúil an chinnidh a chur faoi réir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil Cinneadh an 11 Aibreán 2022 agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis neamhdhleathach toisc go bhfuil Airteagal 70(2) de Rialachán [1] Uimh. 806/2014 agus Airteagal 103(2) de Threoir 2014/59 [2] neamhdhleathach iad féin. Sáraítear leis na bhforálacha sin ceart na n-institiúidí cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil toisc go dtagann siad as cinntí nach bhfuil trédhearcach go bunúsach agus a glacadh ar a mbonn. Ba cheart, dá bhrí sin, go ndearbhófar iad a bheith neamh-infheidhme.

4. An ceathrú saincheist dlí: tá cinneadh an 11 Aibreán 2022 neamhdhleathach toisc go sáraíonn sé Airteagal 6, Airteagal 7 agus Airteagal 20(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 [3] sa mhéid nár chuir an cosantóir san áireamh, i gcomhthéacs ríomh an iolraitheora coigeartaithe maidir le riosca, táscairí riosca na cóimheasa glanchistiúcháin cobhsaí (“NSFR”), táscairí riosca na n-íoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (“ICDI”), ná táscairí riosca maidir le castacht (“complexity”) agus inréititheacht (“resolvability”).

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-eilítear go bhfuil Cinneadh an 11 Aibreán 2022 neamhdhleathach freisin toisc go ndearna an Bord earráid ábhartha agus ranníocaíocht an iarratasóra á ríomh.

---

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

([2]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* le socruithe um maoiniú réitigh (IO 2015 L 11, lch. 44).

---

**Caingean arna tionscnamh an 1 Iúil 2022 – Norddeutsche Landesbank – Girozentrale v BRA**

**(Cás T-407/22)**

(2022/C 359/97)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Norddeutsche Landesbank – Girozentrale (Hannover, an Ghearmáin) (ionadaithe: J. Seitz, D. Flore agus C. Marx, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an chosantóra an 11 Aibreán 2022 (SRB/ES/2022/18), lena n-áirítear na hIarscríbhinní a ghabhann leis agus go háirithe Iarscríbhinn I maidir le “torthaí an ríomha do na heagraíochtaí go léir atá faoi réir ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* 2022 arna socrú go neamhspleách (de réir na heagraíochta) sna hIarscríbhinní comhchuibhithe”, a chur ar neamhní, a mhéid atá siad ábhartha i leith an iarratasóra;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir na saincheisteanna dlí seo a leanas.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart chun éisteacht a fháil

Líomhnaítear nár éist an cosantóir leis an iarratasóir roimh an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh agus mar sin gur sháraigh sé Airteagal 41(1) agus (2)(a) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt).

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar na rialacha nós imeachta

Líomhnaítear gur glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid de shárú ar na ceanglais nóis imeachta ghinearálta a eascraíonn as Airteagal 41 den Chairt, as Airteagal 298 CFAE, as prionsabail ghinearálta an dlí agus as rialacha nós imeachta an chosantóra.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear mainneachtain cúiseanna a lua don chinneadh atá faoi chonspóid

De shárú ar Airteagal 296 CFAE, líomhnaítear nach bhfuil ráiteas ar chúiseanna leordhóthanacha leis an gcinneadh atá faoi chonspóid. Go háirithe, maítear nach bhfuil baint ag an ráiteas ar chúiseanna leis an gcás sonrach agus nach gcuirtear na breithnithe tábhachtacha in iúl maidir leis an gcomhréireacht agus leis na cumhachtaí lánroghnacha.

Thairis sin, maítear nach féidir ríomh na ranníocaíochtaí bliantúla a thuiscint, go háirithe toisc go n-úsáidtear coincheapa ilchineálacha agus nach gcuirtear céimeanna idirmheánacha tábhachtacha in iúl.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart bunúsacha chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil toisc nach féidir athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh atá faoi chonspóid

Mar gheall ar an mainneachtain cúiseanna a lua, líomhnaítear go bhfuil sé i bhfad níos deacra don iarratasóir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar an gcinneadh atá faoi chonspóid.

Líomhnaítear, go háirithe, gur sháraigh an cosantóir prionsabal na sáraíochta, ar dá réir ba cheart go bhféadfadh na páirtithe na himthosca fíorasacha agus dlíthiúla atá cinniúnach maidir le toradh na n-imeachtaí a phlé ar bhealach sáraíochta.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63, ([1]) atá le léirmhíniú i bhfianaise dlí de rang níos airde, le cur i bhfeidhm táscaire SCI (Scéim Cosanta Institiúideach)

Líomhnaítear gur chóir don chosantóir, i gcomhthéacs an dara fhrása d'Airteagal 7(4) den Rialachán Tairmligthe, a chur san áireamh go bhfuil díorthaigh ag an iarratasóir, roimh aon rud eile, chun críoch fálaithe agus bainistíochta rioscaí.

I gcomhthéacs cur i bhfeidhm táscaire SCI, líomhnaítear go ndearnadh neamhaird ar thábhacht stádas an iarratasóra mar chomhalta sa chóras cosanta institiúideacha den ghrúpa de bhainc taisce.

De bhun Airteagal 6(5) den Rialachán Tairmligthe, líomhnaítear gur chóir don chosantóir an dochúlacht laghdaithe go réiteofar an eagraíocht i dtrácht a chur san áireamh, agus mar sin an dóchúlacht laghdaithe go n-úsáidfear an ciste réitigh aonair, agus gur cheart dó urraim a léiriú do phrionsabal na comhréireachta.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Rialachán Tairmligthe (AE) 2015/63 mar gheall ar easpa cur san áireamh ICDI (Íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus Dliteanais Incháilithe) i gcomhthéacs an philéir "neamhchosaint ar riosca"

Líomhnaítear gur chóir don chosantóir, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(a) agus (2)(a) de Rialachán Tairmligthe (AE) 2015/63, ráta ICDI an iarratasóra de 47,17 % a bhí os coinn an mheáin a chur san áireamh, ráta a théann i bhfad os coinn an íosráta de 8 % arna shocrú ag an mBord Réitigh Aonair.

7. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63, atá le léirmhíniú i bhfianaise dlí de rang níos airde, le cur i bhfeidhm an iolraitheora coigeartaithe riosca

Líomhnaítear gur chóir don chosantóir, agus an iolraitheoir coigeartaithe riosca á shocrú, an dóchúlacht laghdaithe de mhainneachtain agus ráta ICDI an iarratasóra os coinn an mheáin a chur san áireamh i gcomhréir leis an bprionsabal dírithe ar an bpróifíl riosca agus an ceart bunúsach don tsaoirse chun gnó a sheoladh de bhun Airteagal 16 den Chairt.

8. An t-ochtú saincheist dlí (mar mhalairt rogha) lena n-éilítear sárú ar an dlí de rang níos airde leis an dara frása d'Airteagal 7(4) de Rialachán Tairmligthe (AE) 2015/63

Trí ualú coibhneasta a fhoráil maidir le táscaire SCI, líomhnaítear go ndearnadh sárú leis an dara frása d'Airteagal 7(4) de Rialachán Tairmligthe (AE) 2015/63 ar phrionsabal an chomhionannais de bhun Airteagal 20 den Chairt agus ar phrionsabal na comhréireachta toisc go bhféadtar caitheamh ar bealach éagsúil leis na heagraíochtaí atá faoi réir na ráthaíochta céanna agus atá, mar sin, an dóchúlacht chéanna de mhainneachtain ag baint leo.

9. An naoú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an dlí de rang níos airde leis an sásra sannta aicme de Rialachán Tairmligthe (AE) 2015/63.

Líomhnaítear go leanann torthaí atá éagothrom go follasach as sannadh ar aicme riosca de bhun Iarscríbhinn I, céim 2 den Rialachán Tairmligthe agus go sáraítear leis dá bharr sin an prionsabal dírithe ar an bpróifíl riosca agus prionsabal ginearálta na córe comhionainne.

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ranníocaíochtaí *ex ante* do shocruithe um maoiniú réitigh (IO 2015 L 11, lch. 44).

---

**Caingean arna tabhairt an 6 Iúil 2022 – Max Heinr. Sutor v SRB**

**(Cás T-423/22)**

(2022/C 359/98)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Max Heinr. Sutor OHG (Hamburg, an Ghearmáin) (ionadaithe: A. Glos, M. Rätz, T. Kreft agus H.-U. Klöppel, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair (BRA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an Bhoird Réitigh Aonair an 11 Aibreán 2022 maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* 2022 leis an gCiste Aonair Réitigh a ríomh (SRB/ES/2022/18) a chur ar neamhní a mhéid a baineann sé leis an iarratasóir;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir naoi shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 5(1)(e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 (1) toisc nach ndearna an cosantóir an t-airgead cliant a bhí i seilbh an iarratasóra ar bhonn muiníneach a eisiamh ó ríomh na ranníocaíochta 2022. Tá Airteagal 5(1)(e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 infheidhme maidir le hairgead cliant atá faoi chosaint dócmhainneachta ós rud é gur chomhlíon an t-airgead sin na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm de réir fhoclaíocht shoiléir na förála sin.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 70(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, (2) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 103(7) de Threoir 2014/59/AE, (3) a mhéid a fhorchuirtear leis an gcinneadh ranníocaíocht atá méadaithe go suntasach ar bhonn na ndliteanas muiníneach (saor ó riosca) arna léiriú ag an iarratasóir sa chlár comhardaithe agus sin amháin. Níl an cinneadh iomchuí ná riachtanach chun na cuspóirí a shaothraítear leis an ranníocaíocht a bhaint amach, agus níl na míbhuntáistí a bhaineann leis an gcinneadh sin comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na córa comhionainne, ós rud é go ndéileálann an cinneadh leis an iarratasóir go míchothrom, gan aon údar oibiachtúil, i gcomparáid le hinstitiúidí creidmheasa nach gceanglaíonn a gcaighdeáin chuntasaíochta náisiúnta go ndéanfaí dliteanais mhuiníneacha a iontráil sa chlár comhardaithe de réir chaighdeáin IFRS (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais), agus i gcomparáid le gnólachtaí infheistíochta nach raibh údaraithe mar institiúidí creidmheasa agus a raibh airgead cliant ina seilbh acu.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"), toisc go bhfuil méadú suntasach tar éis teacht ar ranníocaíocht an iarratasóra don bhliain 2022 mar thoradh ar na dliteanais mhuiníneacha atá saor ó riosca a bheith san áireamh sa bhonn measúnaithe.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 49 CFAE i gcomhar le hAirteagal 54 CFAE, a mhéid is go gcuireann an cinneadh srian díréireach ar shaoirse an iarratasóra chun a ghníomhaíochtaí gairmiúla a shaothrú sa Bhallstát ina bhfuil a phríomháit ghnó, agus go ndéanann an srian sin idirdhealú i gcoinne an iarratasóra i gcomparáid le gnólachtaí infheistíochta i mBallstáit eile a bhí údaraithe ag an am céanna mar institiúidí creidmheasa.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart chun éisteacht a fháil faoi Airteagal 41(1) agus (2)(a) den Chairt, toisc gur bhronn an cosantóir tréimhse comhairliúcháin neamhleor de 11 lá oibre don iarratasóir chun an dréachtchinneadh a scrúdú agus chun a bharúlacha a thíolacadh i gcomhthéacs an chomhairliúcháin.

7. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 41(1) agus (2)(c) den Chairt agus ar an dara mír d'Airteagal 296 CFAE, toisc nach gcuireann an ráiteas ar na cúiseanna a ghabhann leis an gcinneadh a chonspóidtear ar chumas an iarratasóra méid a ranníocaíochta a fhíorú go leordhóthanach.

8. An t-ochtú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart chun leigheas éifeachtach dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 47 den Chairt, toisc nach bhfágann an ráiteas ar na cúiseanna i gceist gur féidir leis an iarratasóir tuiscint leordhóthanach a fháil ar dhlíthiúlacht an chinnidh nó agóid a dhéanamh ina leith.

9. An naoú saincheist dlí (mar mhalairt air sin) lena n-éilítear, go bhfuil an bonn measúnaithe faoi Airteagal 14(2) agus faoi Airteagal 3(11) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(1)(e) agus Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 neamhbhailí, dá léireofaí é sa chaoi nach mór dliteanais mhuiníneacha gnólachtaí infheistíochta a údaraíodh freisin mar institiúidí creidmheasa a chur san áireamh agus an ranníocaíocht á ríomh, toisc go mbeadh sárú ann ar Airteagal 103(7) de Threoir 2014/59/AE, prionsabal na córa comhionainne, Airteagal 16 den Chairt agus Airteagal 49 CFAE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 54 CFAE.

---

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí ex ante do shocruithe um maoiniú réitigh (IO 2015 L 11, lch. 44).

(2) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

(3) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190).

---

## Caingean arna tabhairt an 6 Iúil 2022 — Nordea Kiinnitysluottopankki v An Bord Réitigh Aonair

## (Cás T-431/22)

(2022/C 359/99)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Nordea Kiinnitysluottopankki Oyj (Heilsincí, an Fhionlainn) (ionadaithe: H. Berger agus M. Weber, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh BRA an 11 Aibreán 2022, uimh. SRB/ES/2022/18, lena n-áirítear Iarscríbhinní I, II agus III, a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé le ranníocaíocht *ex-ante* an iarratasóra; agus

— a ordú do BRA na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh BRA Airteagal 69 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 an 15 Iúil 2014, [1] agus Airteagail 16, 17, 41 agus 52 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, trí chur chuige dinimiciúil a ghlacadh chun spriocleibhéal na ranníocaíochtaí *ex ante* a chinneadh.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe ag an SRB i gcinneadh an leibhéil sprice sa chinneadh atá faoi chonspóid maidir leis an ráta fáis a bhfuiltear ag súil leis i gcás taiscí faoi chumhdach agus maidir leis an meastóireacht ar an timthriall gnó reatha.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh BRA Airteagal 70(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus Airteagal 16, Airteagal 17 agus Airteagal 52 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh toisc nár chuir sé an uasteorainn 12,5 % atá ceangailteach i bhfeidhm ar an spriocleibhéal agus an spriocleibhéal bliantúil á chinneadh.

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear go bhfuil Airteagal 69 agus Airteagal 70 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ag sárú an phrionsabail maidir le socrú riosca-bhunaithe na ranníocaíochtaí agus prionsabal na comhréireachta, agus ar an gcaoi sin go sáraítear Airteagal 16, Airteagal 17 agus Airteagal 52 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, más rud é go bhfuil an spriocleibhéal le cinneadh ar bhealach dinimiciúil agus nach bhfuil an uasteorainn de réir Airteagal 70(2) den Rialachán sin le cur i bhfeidhm, mar a bheadh dá sheasfaí leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

---

## Caingean arna tabhairt an 7 Iúil 2022 — Nordea Rahoitus Suomi v An Bord Réitigh Aonair

## (Cás T-432/22)

(2022/C 359/100)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Nordea Rahoitus Suomi Oy (Heilsincí, an Fhionlainn) (ionadaithe: H. Berger agus M. Weber, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh BRA an 11 Aibreán 2022, uimh. SRB/ES/2022/18, lena n-áirítear Iarscríbhinní I, II agus III, a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé le ranníocaíocht *ex-ante* an iarratasóra; agus

— a ordú do BRA na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh BRA Airteagal 69 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 an 15 Iúil 2014, [1] agus Airteagail 16, 17, 41 agus 52 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, trí chur chuige dinimiciúil a ghlacadh chun spriocleibhéal na ranníocaíochtaí *ex ante* a chinneadh.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe ag an SRB i gcinneadh an leibhéil sprice sa chinneadh atá faoi chonspóid maidir leis an ráta fáis a bhfuiltear ag súil leis i gcás taiscí faoi chumhdach agus maidir leis an meastóireacht ar an timthriall gnó reatha.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh BRA Airteagal 70(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus Airteagal 16, Airteagal 17 agus Airteagal 52 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh toisc nár chuir sé an uasteorainn 12,5 % atá ceangailteach i bhfeidhm ar an spriocleibhéal agus an spriocleibhéal bliantúil á chinneadh.

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear go bhfuil Airteagal 69 agus Airteagal 70 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ag sárú an phrionsabail maidir le socrú riosca-bhunaithe na ranníocaíochtaí agus prionsabal na comhréireachta, agus ar an gcaoi sin go sáraítear Airteagal 16, Airteagal 17 agus Airteagal 52 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, más rud é go bhfuil an spriocleibhéal le cinneadh ar bhealach dinimiciúil agus nach bhfuil an uasteorainn de réir Airteagal 70(2) den Rialachán sin le cur i bhfeidhm, mar a bheadh dá sheasfaí leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

(1) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

---

**Caingean arna tabhairt an 12 Iúil 2022 – UIV Servizi v REA**

**(Cás T-440/22)**

(2022/C 359/101)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Unione Italiana Vini Servizi (UIV Servizi) Soc. coop. arl (Milano, an Iodáil (ionadaithe: B. Bonafini, D. Rovetta and V. Villante, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil litir deimhniúcháin (Grant Agreement (GA)) maidir le fionraí (Airteagal 33.2) (tag. Ares (2022) 3368330 – an 2 Bealtaine 2022) chomh maith le fionraí an chonartha féin neamhbhailí mar gheall ar shárú conartha agus sarú prionsabail ghinearálta ábhartha dhlí an Aontais arna n-agairt san iarratas seo;

— a ordú don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA) an fionraí ar Grant Agreement 874904-TTD.EU – European Quality Wines: Taste The Difference a fhoirceannadh;

— a ordú do REA damáistí airgid agus neamhairgid an iarratasóra – arna ndoiciméadú – a chúiteamh ar mhéid a bheidh socraithe ag EUR 500 000;

— a ordú do REA costais an iarratasóra sna himeachtaí seo a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear cineál neamhdhleathach na litreach deimhniúcháin maidir le fionraí GA – Mífheidhmiú Airteagal 33.2.1(a) den GA 874904-TTD.EU (sainmhíniú ar "earráidí substaintiúla, neamhrialtachtaí nó calaois")

   — Sáru ar phrionsabal thoimhde na neamhchiontachta agus ar Airteagal 48 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

   — Earráid fhollasach measúnaithe de réir dhlí an Aontais — Sárú ar phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus na n-ionchas dlisteanach — Sárú ar phrionsabail an mheoin mhacánta de réir dhlí an Aontais agus de réir dhlí na Beilge — Sárú ar chur i bhfeidhm comhpháirteach Airteagal 1134 agus Airteagal 1156 de Chód Sibhialta na Beilge.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh REA prionsabal na comhréireachta.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear cineál neamhdhleathach na litreach deimhniúcháin maidir le fionraí GA — Neamhfheidhmiú Airteagal 33.2.1 (b) de GA 874904- TTD.EU — "Tionchar ábhartha" na "earráidí sistéamacha nó athfhillteacha, neamhrialtachtaí, calaois nó sárú tromchúiseach oibleagáidí" líomhnaithe ar TTD.EU GA.

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear nár comhlíonadh prionsabail an dea-riaracháin a leagtar amach in Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais maidir le deimhneacht dhlíthiúil, ionchais dhlisteanacha agus comhréireacht agus an oibleagáid réasúin a lua mar a leagtar amach in Airteagal 296, mír 2, CFAE.

---

**Caingean arna tabhairt an 18 Iúil 2022 – HB v an Coimisiún**

**(Cás T-444/22)**

(2022/C 359/102)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* HB (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean seo inghlactha agus go bhfuil bunús maith léi;

dá bharr sin,

— cinneadh an 13 Bealtaine 2022, ar tugadh fógra ina leith an 16 Bealtaine 2022, trína bhfritháirigh an cosantóir, ar thaobh amháin, an t-éileamh a bhí dlite ag an iarratasóir i gcoinne an chosantóra i leith na gcostas ar ordaíodh don Choimisiún iad le breithiúnais an 21 Nollaig 2021, HB v Coimisiún (T-795/19, gan bheith foilsithe, EU:T:2021:917) agus an 21 Nollaig 2021, HB v Coimisiún (T-796/19, gan bheith foilsithe, EU:T:2021: 918), agus, ar an taobh eile, an t-éileamh a éilíonn an Coimisiún go bhfuil EUR 1 197 055,86 (margadh CARDS/2008/166-429) i gcoinne an iarratasóra faoin gcinneadh gnóthaithe an 15 Deireadh Fómhair 2019 (méid príomhshuime), a chur ar neamhní.

— a ordú don cosantóir cúiteamh a íoc as na damáistí airgid;

— a ordú don Coimisiún na costais go léir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear easpa inniúlachta an Choimisiúin an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh agus nach bhfuil bunús dlí leis.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos nach bhfuil éileamh leachtach ag an gCoimisiún, faoin Rialachán Airgeadais, i gcoinne an iarratasóra agus, ar an dara dul síos, sárú ar an Rialachán Airgeadais agus ar Airteagal 266 CAE.

---

**Caingean arna tabhairt an 18 Iúil 2022 – NV v BEI**

**(Cás T-447/22)**

(2022/C 359/103)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: NV (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)

*Cosantóir*: an Banc Eorpach Infheistíochta

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean seo inghlactha agus go bhfuil bunús maith léi;

dá bharr sin,

— cinneadh an 10 Samhain 2021 lena n-aicmítear neamhláithreachtaí an iarratasóra mar neamhrialta le linn na tréimhse ón 13 Meán Fómhair 2021 go dtí an 13 Nollaig 2021 a chur ar neamhní;

— a mhéid is gá, cinneadh an 7 Aibreán 2022 lena ndiúltaítear don achomharc riaracháin a taisceadh an 10 Eanáir 2022 i gcoinne chinneadh an 10 Samhain 2021 a chur ar neamhní;

— a ordú do BEI an luach saothair a bhaineann leis an tréimhse ón 13 Meán Fómhair 2021 go dtí an 13 Nollaig 2021 a íoc, le méadú ús mainneachtana arna shocrú ag ráta úis an Bhainc Ceannais Eorpaigh le méadú 2 phointe;

— a ordú do BEI cúiteamh a íoc as na damáistí a d'fhulaing an t-iarratasóir;

— a ordú do BEI na costais go léir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagail 2.3, 3.3, 3.4 agus 3.6 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na forálacha riaracháin, sárú ar Airteagal 34 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh cibé acu a léitear nó nach léitear i gcomhar le hAirteagail 2.3, 3.3, 3.4 agus 3.6 de na forálacha riaracháin, earráid fhollasach measúnaithe, sárú ar an dualgas cúraim agus mí-úsáid ar cheart.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid agus ar an dualgas cúraim, sárú ar Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus earráid fhollasach measúnaithe.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 33b de na rialacháin foirne agus 11 de na forálacha riaracháin.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Iúil 2022 – BEI v an tSiria**

**(Cás T-455/22)**

(2022/C 359/104)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: D. Arts agus E. Paredis, Dlíodóirí, T. Gilliams, R. Stuart agus F. de Borja Oxangoiti Briones, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht Arabach na Siria

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 de Chomhaontú Iasachta “Water Supply Sweida Region” Uimh. 80212 (“an Comhaontú Iasachta” ina dhiaidh seo) ón 9 Lúnasa 2017 amach, arb é atá ann:

  — EUR 652 218,70, an méid atá dlite don Aontas amhail an 30 Meitheamh 2022, eadhon príomhshuim EUR 652 218,70, ús EUR 38 925,60, agus ús mainneachtana conarthach EUR 54 006,00 (arna fhabhrú ón dáta dlite ar aghaidh go dtí an 30 Meitheamh 2022).

  — ús mainneachtana conarthach eile, arna fhabhrú ar ráta bliantúil 3,5 % (350 bonnphointe), go dtí go mbeidh an íocaíocht déanta.

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-éilítear gur sháraigh Poblacht Arabach na Siria a cuid oibleagáidí conarthacha faoi Airteagal 3.01 agus Airteagal 4.01 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi na tráthchodanna eile faoin Chomhaontú Iasachta a íoc de réir mar a d’éirigh siad dlite, ón 25 Lúnasa 2017 amach, agus faoi Airteagal 3.02 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi ús mainneachtana a íoc ar gach tráthchuid a bhí dlite uaithi ach nár íoc sí, arna fhabhrú de réir an ráta bhliantúil a leagtar síos ann. Dá bharr sin, tá Poblacht Arabach na Siria faoi cheangal conarthach na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Iúil 2022 – BEI v an tSiria**

**(Cás T-456/22)**

(2022/C 359/105)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: D. Arts agus E. Paredis, Dlíodóirí, T. Gilliams, R. Stuart agus F. de Borja Oxangoiti Briones, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht Arabach na Siria

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na suimeanna go léir a íoc atá dlite don Aontas, i gcomhréir leis an gceart seachaíochta atá aige, faoi Airteagal 3.01 agus Airteagal 3.02 de Chomhaontú Iasachta “Port of Tartous” Uimh. 22057 (“an Comhaontú Iasachta”) ón 9 Lúnasa 2017 amach, arb é atá ann:

  — EUR 18 440 034,97, an méid atá dlite don Aontas amhail an 30 Meitheamh 2022, eadhon príomhshuim dár luach EUR 13 942 526,00, ús dár luach EUR 13 942 526,00, agus ús mainneachtana conarthach dár luach EUR 1 908 380,77 (arna fhabhrú ón dáta dlite ar aghaidh go dtí an 30 Meitheamh 2022).

  — ús mainneachtana conarthach eile, arna fhabhrú ar ráta bliantúil atá cothrom leis an gceann is airde díobh seo a leanas (in aon mhí leanúnach amháin): (i) ráta EURIBOR plus 2 % (200 bonnphointe) nó (ii) an ráta seasta is iníoctha faoi Airteagal 3.01 plus 0,25 % (25 bhonnphointe), go dtí go mbeidh an íocaíocht déanta.

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na suimeanna go léir a íoc atá dlite don Bhanc faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta ón 9 Lúnasa 2017 amach, arb é atá ann EUR 5 405,54, an méid atá dlite don Bhanc amhail an 30 Meitheamh 2022, eadhon ús mainneachtana conarthach (arna fhabhrú ón dáta dlite ar aghaidh go dtí an 14 Meitheamh 2022 (eadhon dáta a d'íoc an tAontas na tráthchodanna atá ceangailte leis an bpríomhshuim agus an t-ús faoi Ráthaíocht 2000)).

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-eilítear gur sháraigh Poblacht Arabach na Siria a cuid oibleagáidí conarthacha faoi Airteagail 3.01 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi na tráthchodanna eile faoin gComhaontú Iasachta a íoc de réir mar a d'éirigh siad dlite, ón 9 Lúnasa 2017 amach, agus faoi Airteagal 3.02 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi ús mainneachtana a íoc ar gach tráthchuid a bhí dlite uaithi ach nár íoc sí, arna fhabhrú de réir an ráta bhliantúil a leagtar síos ann. Dá bharr sin, tá Poblacht Arabach na Siria faoi cheangal conarthach na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta (arna seachú chuig na héilimh ón mBanc Eorpach Infheistíochta).

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Iúil 2022 – BEI v an tSiria**

**(Cás T-457/22)**

(2022/C 359/106)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: D. Arts agus E. Paredis, Dlíodóirí, T. Gilliams, R. Stuart agus F. de Borja Oxangoiti Briones, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht Arabach na Siria

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na suimeanna go léir a íoc atá dlite don Aontas faoi Airteagail 3.01, 3.02, agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta "Syrian Healthcare" ("an Comhaontú Iasachta") ón 9 Lúnasa 2017 amach, arb é atá ann:

  — EUR 50 880 189,61 agus USD 2 897 002,31, an méid atá dlite don Aontas amhail an 30 Meitheamh 2022, eadhon príomhshuim dár luach EUR 40 744 064,86 agus USD 2 223 971,84, ús dár luach EUR 5 161 649,64, agus ús mainneachtana conarthach dár luach EUR 4 974 475,11 agus USD 331 568,01 (arna fhabhrú ón dáta dlite ar aghaidh go dtí an 30 Meitheamh 2022).

  — ús mainneachtana conarthach eile, arna fhabhrú ar ráta bliantúil atá cothrom leis an gceann is airde díobh seo a leanas (in aon mhí leanúnach amháin): (i) ráta EURIBOR plus 2 % (200 bonnphointe) (seachas aon eisíocaíochtaí in USD, faoina bhfuil ráta atá cothrom le ráta LIBOR plus 2 % (200 bonnphointe) i bhfeidhm) nó (ii) an ráta is iníoctha faoi Airteagal 3.01 plus 0.25 % (25 bhonnphointe), go dtí go mbeidh an íocaíocht déanta.

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na suimeanna go léir a íoc atá dlite don Bhanc faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta ón 9 Lúnasa 2017 amach, arb é atá ann EUR 11 416,23 agus USD 760,94, an méid atá dlite don Bhanc amhail an 30 Meitheamh 2022, eadhon ús mainneachtana conarthach (arna fhabhrú ón dáta dlite ar aghaidh go dtí an 29 Meitheamh 2022 (eadhon dáta a d'íoc an tAontas na tráthchodanna atá ceangailte leis an bpríomhshuim agus an t-ús faoi Ráthaíocht 2000)).

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-éilítear gur sháraigh Poblacht Arabach na Siria a cuid oibleagáidí conarthacha faoi Airteagail 3.01 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi na tráthchodanna eile faoin gComhaontú Iasachta a íoc de réir mar a d'éirigh siad dlite, ón 9 Lúnasa 2017 amach, agus faoi Airteagal 3.02 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi ús mainneachtana a íoc ar gach tráthchuid a bhí dlite uaithi ach nár íoc sí, arna fhabhrú de réir an ráta bhliantúil a leagtar síos ann. Dá bharr sin, tá Poblacht Arabach na Siria faoi cheangal conarthach na suimeanna go léir a íoc atá dlite faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta (arna seachú chuig na héilimh ón mBanc).

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Iúil 2022 – BEI v an tSiria**

**(Cás T-466/22)**

(2022/C 359/107)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: D. Arts agus E. Paredis, Dlíodóirí, T. Gilliams, R. Stuart agus F. de Borja Oxangoiti Briones, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht Arabach na Siria

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02, agus 3.04 den Chomhaontú Iasachta "Tall Kojak Road Project Special Term" ("an Comhaontú Iasachta") ón 25 Lúnasa 2017 amach, arb é atá ann:

  — EUR 233 051,96, an méid atá dlite don Aontas amhail an 30 Meitheamh 2022, eadhon príomhshuim dár luach EUR 200 900,30, ús dár luach EUR 2 014,25, agus ús mainneachtana conarthach dár luach EUR 30 137,41 (arna fhabhrú ón dáta dlite ar aghaidh go dtí an 30 Meitheamh 2022).

  — ús mainneachtana conarthach eile, arna bhfabhrú ar ráta bliantúil 3,5 % (350 bonnphointe) go dtí go mbeidh an íocaíocht déanta.

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-éilítear gur sháraigh Poblacht Arabach na Siria a cuid oibleagáidí conarthacha faoi Airteagail 3.01 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi na tráthchodanna eile faoin gComhaontú Iasachta a íoc de réir mar a d'éirigh siad dlite, ón 25 Lúnasa 2017 amach, agus faoi Airteagal 3.02 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi ús mainneachtana a íoc ar gach tráthchuid a bhí dlite uaithi ach nár íoc sí, arna fhabhrú de réir an ráta bhliantúil a leagtar síos ann. Dá bharr sin, tá Poblacht Arabach na Siria faoi cheangal conarthach na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Iúil 2022 – BEI v an tSiria**

**(Cás T-466/22)**

(2022/C 359/108)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: D. Arts agus E. Paredis, Dlíodóirí, T. Gilliams, R. Stuart agus F. de Borja Oxangoiti Briones, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht Arabach na Siria

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02, agus 3.04 de Chomhaontú Iasachta "Water Supply Deir Ez Zor Region" Uimh. 80310 ("an Comhaontú Iasachta") ón 25 Lúnasa 2017 amach, arb é atá ann:

  — EUR 363 150,97, an méid atá dlite don Aontas amhail an 30 Meitheamh 2022, eadhon príomhshuim dár luach EUR 363 150,97, ús dár luach EUR 363 150,97, agus ús mainneachtana conarthach dár luach EUR 363 150,97 (arna fhabhrú ón dáta dlite ar aghaidh go dtí an 30 Meitheamh 2022).

  — ús mainneachtana conarthach eile, arna fhabhrú ar ráta bliantúil 3,5 % (350 bonnphointe) go dtí go mbeidh an íocaíocht déanta.

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-éilítear gur sháraigh Poblacht Arabach na Siria a cuid oibleagáidí conarthacha faoi Airteagail 3.01 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi na tráthchodanna eile faoin gComhaontú Iasachta a íoc de réir mar a d'éirigh siad dlite, ón 25 Lúnasa 2017 amach, agus faoi Airteagal 3.02 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi ús mainneachtana a íoc ar gach tráthchuid a bhí dlite uaithi ach nár íoc sí, arna fhabhrú de réir an ráta bhliantúil a leagtar síos ann. Dá bharr sin, tá Poblacht Arabach na Siria faoi cheangal conarthach na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Iúil 2022 – BEI v an tSiria**

**(Cás T-467/22)**

(2022/C 359/109)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: D. Arts agus E. Paredis, Dlíodóirí, T. Gilliams, R. Stuart agus F. de Borja Oxangoiti Briones, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht Arabach na Siria

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02, agus 4.01 de Chomhaontú Iasachta "Euphrates Drainage and Irrigation" Uimh. 80211 ("an Comhaontú Iasachta") ón 9 Lúnasa 2017 amach, arb é atá ann:

— EUR 1 959 745,31, an méid atá dlite don Aontas amhail an 30 Meitheamh 2022, eadhon príomhshuim dár luach EUR 1 680 510,04, ús dár luach EUR 116 961,48, agus ús mainneachtana conarthach dár luach EUR 162 273,79 (arna fhabhrú ón dáta dlite ar aghaidh go dtí an 30 Meitheamh 2022).

— ús mainneachtana conarthach eile, arna fhabhrú ar ráta bliantúil 3,5 % (350 bonnphointe) go dtí go mbeidh an íocaíocht déanta.

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-éilítear gur sháraigh Poblacht Arabach na Siria a cuid oibleagáidí conarthacha faoi Airteagail 3.01 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi na tráthchodanna eile faoin gComhaontú Iasachta a íoc de réir mar a d'éirigh siad dlite, ón 9 Lúnasa 2017 amach, agus faoi Airteagal 3.02 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi ús mainneachtana a íoc ar gach tráthchuid a bhí dlite uaithi ach nár íoc sí, arna fhabhrú de réir an ráta bhliantúil a leagtar síos ann. Dá bharr sin, tá Poblacht Arabach na Siria faoi cheangal conarthach na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Iúil 2022 – BEI v an tSiria**

**(Cás T-468/22)**

(2022/C 359/110)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: D. Arts agus E. Paredis, Dlíodóirí, T. Gilliams, R. Stuart agus F. de Borja Oxangoiti Briones, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht Arabach na Siria

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir, i gcomhréir leis an gceart seachaíochta atá aige, faoi Airteagail 3.01, 3.02, agus 4.01 de Chomhaontú Iasachta "Electricity Distribution Project" Uimh. ("an Comhaontú Iasachta") ón 9 Lúnasa 2017 amach, arb é atá ann:

— CHF 1 984 763,43 agus EUR 22 856 655,23, an méid atá dlite don iarratasóir amhail an 30 Meitheamh 2022, eadhon príomhshuim dár luach CHF 1 716 822,98 agus EUR 18 655 393,62, ús dár luach CHF 51 915,64 agus EUR 1 040 629,74, agus ús mainneachtana conarthach dár luach CHF 216 024,81 agus EUR 3 160 631,87 (arna fhabhrú ón dáta dlite ar aghaidh go dtí an 30 Meitheamh 2022).

— ús mainneachtana conarthach eile, arna fhabhrú ar ráta bliantúil atá cothrom le comhiomlán (i) 2,5 % (250 bonnphointe) agus (ii) an ráta is iníoctha faoi Airteagal 3.01, go dtí go mbeidh an íocaíocht déanta.

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-éilítear gur sháraigh Poblacht Arabach na Siria a cuid oibleagáidí conarthacha faoi Airteagail 3.01 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi na tráthchodanna eile faoin gComhaontú Iasachta a íoc de réir mar a d'éirigh siad dlite, ón 9 Lúnasa 2017 amach, agus faoi Airteagal 3.02 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi ús mainneachtana a íoc ar gach tráthchuid a bhí dlite uaithi ach nár íoc sí, arna fhabhrú de réir an ráta bhliantúil a leagtar síos ann. Dá bharr sin, tá Poblacht Arabach na Siria faoi cheangal conarthach na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta (arna seachú chuig na héilimh ón mBanc Eorpach Infheistíochta).

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Iúil 2022 – BEI v an tSiria**

**(Cás T-469/22)**

(2022/C 359/111)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: D. Arts agus E. Paredis, Dlíodóirí, T. Gilliams, R. Stuart agus F. de Borja Oxangoiti Briones, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht Arabach na Siria

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na suimeanna go léir a íoc atá dlite don Aontas, i gcomhréir leis an gceart seachaíochta atá aige, faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 de Chomhaontú Iasachta "Electricity Distribution Project" Uimh. 20948 ("an Comhaontú Iasachta") ón 9 Lúnasa 2017 amach, arb é atá ann:

  — EUR 28 777 508,71, an méid atá dlite don Aontas amhail an 30 Meitheamh 2022, eadhon príomhshuim dár luach EUR 27 388 963,40, ús dár luach EUR 116 091,27, agus ús mainneachtana conarthach dár luach EUR 1 272 454,04 (arna fhabhrú ón dáta dlite ar aghaidh go dtí an 30 Meitheamh 2022).

  — ús mainneachtana conarthach eile, arna fhabhrú ar ráta bliantúil atá cothrom leis an gceann is airde díobh seo a leanas (in aon tréimhse ábhartha ar leith): (i) an ráta ábhartha idirbhainc plus 2 % (200 bonnphointe) nó (ii) an ráta is iníoctha faoi Airteagal 3.01 plus 0,25 % (25 bhonnphointe), go dtí go mbeidh an íocaíocht déanta.

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-éilítear gur sháraigh Poblacht Arabach na Siria a cuid oibleagáidí conarthacha faoi Airteagail 3.01 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi na tráthchodanna eile faoin gComhaontú Iasachta a íoc de réir mar a d'éirigh siad dlite, ón 9 Lúnasa 2017 amach, agus faoi Airteagal 3.02 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi ús mainneachtana a íoc ar gach tráthchuid a bhí dlite uaithi ach nár íoc sí, arna fhabhrú de réir an ráta bhliantúil a leagtar síos ann. Dá bharr sin, tá Poblacht Arabach na Siria faoi cheangal conarthach na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta (arna seachú chuig na héilimh ón mBanc Eorpach Infheistíochta).

---

**Caingean arna tabhairt an 29 Iúil 2022 – QM v an Chomhairle**

**(Cás C-471/22)**

(2022/C 359/112)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* QM (ionadaí: St. Koev, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— a chinneadh go bhfuil an chaingean inghlactha agus go bhfuil bunús maith léi ina hiomláine agus a chinneadh go bhfuil bunús maith ina n-iomláine ag na saincheisteanna dlí a leagtar amach inti;

— a chinneadh go bhféadfaí na bearta atá faoi chonspóid a chur ar neamhní go páirteach;

— Cinneadh (CBES) 2022/849 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria [1] a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;

— Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria [2] a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;

— a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh costais an iarratasóra go léir chomh maith le costais, speansais, táillí agus caiteachas eile a bhaineann lena chosaint dlí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir seacht saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú tromchúiseach ar an gceart chun chosaint a fháil agus ar an gceart chun trialach córa.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear mainneachtain ag an gComhairle a hoibleagáid cúiseanna a shonrú a chomhlíonadh.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart chun cosanta breithiúnaí éifeachtaí.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear earráid mheasúnaithe ag an gComhairle.

5. An cúigiú saincheist, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun maoine, ar phrionsabal na comhréireachta agus ar an gceart chun saoirse fiontraíochta.

6. An séú saincheist, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun gnáthshaoil.

7. An seachtú saincheist, lena n-éilítear sárú tromchúiseach ar an gceart chun dea-chlú.

(1) IO 2022 L 148, lch. 52.
(2) IO 2022 L 148, lch. 8.

## Caingean arna tabhairt an 29 Iúil 2022 – Mocom Compounds v EUIPO – Centemia Conseils (Near-to-Prime)

## (Cás T-472/22)

(2022/C 359/113)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Mocom Compounds GmbH & Co. KG (Hamburg, an Ghearmáin) (ionadaí: J. Bornholdt, dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Centemia Conseils (Angevillers, an Fhrainc)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir:

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "Near-to-Prime" – Iarratas Uimh. 16 448 524

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 24 Bealtaine 2022 i gCás R 2178/2021-1

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An Cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— an cinneadh atá faoi chonspóid a leasú chun go ndéanfar Cinneadh Uimh. 47 561 C den Rannán Neamhbhailíochta an 12 Samhain 2021 a chur ar neamhní agus go ndiúltófar don iarratas ar dhearbhú neamhbhailíochta i ndáil le trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 16 448 524;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

### Saincheist dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

## Caingean arna tabhairt an 31 Iúil 2022 – Gürok Turizm ve Madencilik v EUIPO – Darvas agus Pap (LAAVA)

## (Cás T-473/22)

(2022/C 359/114)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Gürok Turizm ve Madencilik Anonim Sirketi (Kütahya, an Tuirc) (ionadaithe: M. López Camba agus A. Lyubomirova Geleva, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtithe eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Gábor Darvas (Búdaipeist, An Ungáir), Dorina Pap (Kiskunhalas, An Ungáir)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóirí an trádmhairc faoi cheist:* Páirtithe eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar thrádmharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh LAAVA – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 209 861

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 20 Bealtaine 2022 i gCás R 1745/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a seastar leis le diúltú an fhreasúra agus a ordaítear don pháirtí freasúrach/achomharcóir costais na n-imeachtaí freasúra agus achomhairc a íoc;

— a ordú do EUIPO costais Gürok Turizm ve Madencilik Anonim Sirketi a íoc;

— a ordú do Gábor Darvas agus Dorina Pap costais Gürok Turizm ve Madencilik Anonim Sirketi íoc

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 3 Lúnasa 2022 – Panicongelados-Massas Congeladas v EUIPO – Seder (panidor)**

**(Cás T-480/22)**

(2022/C 359/115)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Panicongelados-Massas Congeladas, SA (Leiria, an Phortaingéil) (ionadaí: I. Monteiro Alves, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Seder Establishment ltd. (Mriehel Birkirkara, Málta)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh “panidor” – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 214 675

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón dara bord achomharc de EUIPO an 11 Bealtaine 2022 in gCás R 1946/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú;

— an t-iarratas ar trádmharc a tharchur chuig EUIPO ionas go rachfar ar aghaidh le clárú; agus

— a ordú do EUIPO na costais go léir a íoc, lena n-áirítear costais na n-imeachtaí os comhair an bhoird achomhairc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 5 Lúnasa 2022 – Thomas Henry v EUIPO (MATE MATE)**

**(Cás T-482/22)**

(2022/C 359/116)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Thomas Henry GmbH (Beirlín, an Ghearmáin) (ionadaithe: O. Spieker, D. Mienert agus J. Si-Ha Selbmann, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "MATE" – Iarratas Uimh. 18 091 934

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 12 Bealtaine 2022 i gCás R 406/2021-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an Cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(g) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2022 – Kaufdas.online v EUIPO – Kaufland (KAUFDAS ONLINE)

## (Cás T-488/22)

(2022/C 359/117)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Kaufdas.online sp. z o.o. (Gubin, an Pholainn) (ionadaí: P. Kurcman, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Kaufland Dienstleistung GmbH & Co. KG (Neckarsulm, an Ghearmáin)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir ar an trádmharc faoi cheist:* Iarratasóir:

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh leis na gnéithe focail "KAUFDAS ONLINE" – Iarratas Uimh. 18 113 140

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcúigiú Bhord Achomhairc de EUIPO an 30 Bealtaine 2022 i gCás R 1972/2021-5

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An Cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— Cinneadh ón Rannán Freasúra an 28 Meán Fómhair 2021 in Imeachtaí Freasúra Uimh. B 3 106 146 a chur ar neamhní maidir leis na hearraí agus na seirbhísí go léir ar seasadh leis an bhfreasúra ina leith;

— an cás a tharchur ar ais chuig EUIPO chun go bhféadfaidh sé an cinneadh maidir le substaint an cháis a leasú agus trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 113 140 a chlárú maidir leis na n-earraí agus na seirbhísí go léir lena mbaineann gan dochar dóibh siúd nach bhfuil faoi chonspóid;

— a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí os comhair an Rannáin Fhreasúra, an Bhoird Achomhairc agus na Cúirte Ginearálta a íoc.

### Saincheist dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2022 – Cathay Pacific Airways v an Coimisiún

## (Cás T-489/22)

(2022/C 359/118)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Cathay Pacific Airways Ltd (Hong Cong, an tSín) (ionadaithe: M. Rees agus E. Estellon, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú don Aontas Eorpach (dá ndéanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht), de bhun Airteagail 268 agus 340 CFAE:

  — cúiteamh airgeadais a íoc atá comhfhreagrach leis an ús mainneachtana EUR 10 080 000 arna ríomh le ráta ús BCE le haghaidh a oibríochtaí athmhaoinithe an 1 Márta 2017 (i.e. 0,0 de phointe céatadáin), arna mhéadú faoi ráta 3,5 pointe céatadáin in aghaidh na bliana, le haghaidh na tréimhse idir 21 Meitheamh 2017 agus 14 Iúil 2022, agus EUR 1 758 488,24 an toradh air sin nó, ina éagmais sin, ar ráta úis nó méid eile is cuí dar leis an gCúirt; agus

  — ús iolraithe a íoc ar mhéid an úis mainneachtana, arna ríomh i gcomhréir leis an bhfomhír thuas, le haghaidh na tréimhse idir an 15 Iúil 2022 (nó, ina éagmais sin, ó dháta atá cuí dar leis an gCúirt) agus an dáta a íocfaidh an Coimisiún Eorpach an méid a éilítear sa fhomhír sin thuas ag ráta ús BCE le haghaidh a oibríochtaí athmhaoinithe, arna mhéadú ag ráta 3,5 pointe céatadáin in aghaidh na bliana nó, ina éagmais sin, ar ráta úis nó méid eile is cuí dar leis an gCúirt;

— thairis nó de rogha air sin, de bhun Airteagal 263 CFAE, Cinneadh Ares(2022)5454770 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2022 a neamhniú, agus a ordú go n-íocfar na suimeanna atá á lorg sa mhír thuas;

— a ordú don Choimisiún Eorpach na costais go léir arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc sna himeachtaí seo.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear Airteagal 266 CFAE leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear Rialachán Tarmligthe Uimh. 1268/2012 [1] ón gCoimisiún leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, arna léiriú i gcomhréir le hAirteagal 266 CFAE.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur cheart an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú toisc cúiseanna neamhleora a bheith leis.

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha cur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO 2012 L 362, lch. 1).

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Iúil 2022 – CiviBank v BCE**

**(Cás T-220/22)** [1]

(2022/C 359/119)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

D’ordaigh Uachtarán an Naoú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

(1) IO C 237 an 20.6.2022.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 20 Iúil 2022 – PQ v SEGS**

**(Cás T-358/22)** [1]

(2022/C 359/120)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

D’ordaigh Uachtarán an Ceathrú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

(1) IO C 294 an 1.8.2022.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA